

Páipéar Comhairliúcháin maidir le Coimisiún Toghcháin a Bhunú in Éirinn



Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government

Clár Ábhar

Réamhrá agus Cúlra	5
1.Achoimre ar shaincheisteanna arna dtabhairt fúthu agus ar shaincheisteanna le haghaidh machnaimh	8
1.1. Riarachán Toghcháin in Éirinn	8
1.2. Coimisiún Toghcháin a bhunú.....	9
1.3. An córas reatha agus na costais a bhaineann leis	10
1.4. Ballraíocht i gcoimisiún toghcháin	12
1.5. Cuntasacht, feidhmíocht agus iniúchadh	13
1.6. Amlínte agus rioscaí a bhaineann le coimisiún toghcháin a bhunú.....	14
1.7. Saincheisteanna beartais le tabhairt fúthu	17
2. An dóigh a n-oibrítear córas rialachais toghcháin na hÉireann faoi láthair..	18
2.1. Ról na nAiri agus na státseirbhíse.....	18
2.2. Na Cinn Comhairimh.....	20
2.3. Údaráis áitiúla agus clár na dtoghthóirí.....	21
2.4. Teorannú teorann.....	23
2.5. Maoiniú agus caiteachas polaitiúil	25
2.6. Clárú páirtithe polaitiúla	26
2.7. An Coimisiún Reifrinn.....	26
2.8. An costas a bhaineann le toghcháin agus reifrinn a reáchtáil.....	28
3. Rialachas, dearadh institiúideach agus cuntasacht maidir le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí bainistíochta toghcháin nua a chruthú.....	30
3.1. Forbhreathnú ar rialachas toghcháin agus ar shaincheisteanna a bhaineann le comhlachtaí poiblí nua a chruthú	30
3.2 Eiseamláirí de rialachas toghcháin.....	31
3.3. Prionsabail an dea-rialachais.....	33
3.4. Foirm eagraíochta agus bunú na gcomhlachtaí poiblí nua	35
3.5. Neamhspleáchas, cuntasacht agus feidhmíocht.....	37
3.6. Coimisiún toghcháin nua – saincheisteanna rialachais a eascraíonn	38
4. Athbhreithniú ar mholtaí maidir le comhlacht bainistíochta toghcháin nua.....	40
4.1. Clár an Rialtais agus tuarascálacha ina moltar comhlacht nua.....	40
4.2. Moltaí beartais ó olltoghchán 2011 agus ó shin ar leith	43
4.3. Téamaí coitianta	44
5. Perspictíocht idirnáisiúnta	46
5.1. Ceachtanna a fhoghlaim ó dhlínsí eile	46

5.2. Creat chun ceachtanna a fhoghlaim.....	47
5.3. Feidhmeanna agus ballraíocht.....	48
5.4. Struchtúr eagraíochta	53
5.5. Clár na dtoghthóirí	55
5.6. Cuntasacht.....	57
5.7. Feidhmíocht.....	59
5.8. Airgeadas agus iniúchadh.....	64
6. Conclúid.....	66
Aguisín 1 – Achtanna an Oireachtais a phléann le gnóthaí toghcháin.....	67
Aguisín 2 – Costais Bhuiséadaithe na nÚdarás Áitiúil maidir le Gníomhaíochtaí Toghchórais 2014	68
Tagairtí	70

Réamhrá agus Cúlra

Tá an tiomantas a leanas I gClár an Rialtais:

Trínár reachtaíocht um rialtas oscailte bunófar Coimisiún Toghcháin freisin chun feidhmeanna na gcomhlachtaí atá ann cheana agus na Roinne Comhshaoil a chomhchuimsiú
(Roinn an Taoisigh, 2011, lch.19).

Dearbhaítear an tiomantas sin i Ráiteas um Thosaíochtaí an Rialtais i mí Iúil 2014 sna téarmaí a leanas:

Tá obair ullmhúcháin á cur chun cinn chun Coimisiún Toghcháin a bhunú d'fhonn reachtaíocht a thabhairt ar aghaidh le haghaidh a leithéid de Choimisiún a bhunú go luath in 2015.
(Roinn an Taoisigh, 2014, lch.9)

Is cúram suntasach é coimisiún toghcháin a bhunú, agus cruthaíonn sé raon de shaincheisteanna beartais agus oibriúcháin nach mór tabhairt fúthu. Rinne an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil achoimre orthu siúd:

Is é a bheidh i gceist leis sin ná obair mhionsonraithe agus mheasta. I measc na saincheisteanna le haghaidh machnaimh beidh dea-chleachtas idirnáisiúnta, struchtúr agus feidhmeanna an Choimisiúin, cé a dtuairiscíonn sé dó, a chaidreamh le comhlachtaí eile a bhfuil baint acu faoi láthair le riarachán toghcháin, agus an cur chuige a leanfar maidir leis an reachtaíocht fhairsing a bheidh riachtanach, chomh maith le cúrsaí praiticiúla lena n-áirítear soláthar foirne agus socruithe cistithe.
(Dáil Éireann, 2014).

An gá le comhairliúchán leathan

Tá leas díreach ag gach duine níos sine ná 18 mbliana d'aois sa Stát sa phróiseas toghcháin. Beidh tionchar ionchasach ag aon chinntí a dhéantar maidir le córas bainistíochta toghcháin na hÉireann ar gach duine in Éirinn. Trí phleananna a chur chun cinn chun coimisiún toghcháin a bhunú, ní mór machnamh a fhócasú ar riachtanais saoránach agus toghthóirí.

Mar gheall ar nádúr díláraithe na bainistíochta toghcháin in Éirinn agus mar gheall ar líon na gcomhlachtaí agus sealbhóirí post teastaíonn leibhéal dian agus mionsonraithe teagmhála le páirtithe leasmhara chun pleananna praiticiúla a fhorbairt d'fhonn coimisiún toghcháin a bhunú agus maidir le feidhmeanna a aistriú. Bunaithe ar na freagrachtaí a chuirtear chun feidhme faoi láthair, bheadh comhairliúchán leis na páirtithe a leanas, i measc páirtithe eile, i gceist leis sin:

- An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRA) ag a bhfuil freagracht, faoin Aire, as saincheisteanna beartais a bhaineann leis an toghchóras i gcoitinne;

- An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, a dhéanann an tOrdú Muirir le haghaidh gach toghcháin (rátaí pá a shocrú don fhoireann vótála áitiúil, srl) agus ag a bhfuil freagrachtaí reachtacha maidir le Caighdeáin in Oifigí Poiblí (COP);
- An Roinn Airgeadais a bhainistíonn íocaíochtaí a dhéantar tríd an gCiste Lárnach;
- An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ar roinn líne í don tSeirbhís Cúirteanna, ag a bhfuil freagrachtaí maidir leis na Cláraitheoirí Contae agus na Sirriamaí a ghníomhaíonn mar Chinn Comhairimh;
- Comhchoiste an Oireachtais um Chomhshaol, Cultúr agus Gaeltacht;
- Páirtithe Polaitiúla;
- Údaráis áitiúla agus na comhlachtaí ionadaíocha dá gcuid;
- An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí;
- Cléireach na Dála mar Chláraitheoir Páirtithe Polaitiúla; agus
- Cumann na gCeann Comhairimh.

Tá go leor acadóirí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus daoine aonair ann freisin a mbíonn spéis ghníomhach acu in athchóiriú toghchánach a bhfuil tuairimí acu ar ról, ar fhreagrachtaí agus ar chomhdhéanamh coimisiúin toghcháin.

Mar gheall ar raon feidhme agus castacht an tsainchúraim a bhaineann le coimisiún toghcháin a phleanáil agus a bhunú bheadh sé riachtanach acmhainní tiomanta a leithdháileadh chun na críche sin. Ag féachaint d'eispéiris i ndlínsí eile, agus gnéithe ar leith chóras reatha na hÉireann á dtabhairt san áireamh, is dócha go mbeadh sé riachtanach foireann tionscadail tiomanta a shannadh chun an tasc tábhachtach sin a chur chun feidhme thar roinnt blianta.

Mar chéad chéim eile tá sé inmhianaithe go bhforbrófar fíis choiteann trí phróiseas comhairliúcháin. D'fhonn tacú leis an sprioc sin, tá ceisteanna leagtha amach sa Pháipéar Comhairliúcháin seo. D'fhéadfadh ceisteanna eile teacht chun cinn trí thabhairt faoi na ceisteanna sin.

D'fhéadfadh Comhchoiste an Oireachtais um Chomhshaol, Cultúr agus Gaeltacht an próiseas sin d'fhís choiteann a chur chun cinn trí phróiseas comhairliúcháin a chur chun feidhme a bheadh fócasaithe agus faoi cheangal ama. Bheadh sé sin ar aon dul le dara clár an Rialtais d'athchóiriú an Oireachtais lena ndearnadh an chéim réamh-reachtach le haghaidh reachtaíocht a fhorbairt a leathnú agus a fhoirmliú. Bheadh sé ar aon dul freisin leis na cineálacha cur chuige lena nglactar i dtíortha eile ina ndearnadh méid comhaontaithe a fhorbairt trí choiste tras-parlaiminte roimh athchóirithe móra ar rialachas toghchán.

Ullmhaíodh an Páipéar Comhairliúcháin seo chun cuidiú le machnamh breise ar na saincheisteanna sin a thagann chun cinn, agus chun cur chun feidhme thiomantas Chlár an Rialtais a chur chun cinn, maidir le coimisiún toghcháin a bhunú.

Beidh roinnt blianta de dhíth chun bunú coimisiúin toghcháin a chur i gcrích agus ní bheidh sé i bhfeidhm in am don chéad Olltoghchán eile. Is céad chéim riachtanach an reachtaíocht a fhorbairt agus táthar ag tosú ar an bpróiseas sin faoi láthair.

Struchtúr an Pháipéir Chomhairliúcháin seo

Tá an Páipéar seo roinnte ina sé chuid:

- Soláthraítear achoimre ar an bpáipéar i gCuid 1 agus leagtar amach sraith saincheistanna le haghaidh machnaimh, lena n-áirítear ceistanna beartais le tabhairt fúthu;
- Cuirtear síos i gCuid 2 ar an dóigh a n-oibrítear córas bainistíochta toghcháin na hÉireann faoi láthair agus saináithnítear na costais a bhaineann leis na gnéithe éagsúla;
- I gCuid 3 breathnaítear dea-chleachtais rialachais, dearadh institiúideach agus socruithe cuntasachta maidir le gníomhaireachtaí nua agus comhlachtaí bainistíochta toghcháin a chruthú;
- Déantar athbhreithniú i gCuid 4 ar dhoiciméid bheartais ina ndearnadh bunú coimisiúin toghcháin in Éirinn a mholadh;
- I gCuid 5 cuirtear eiseamláirí bainistíochta toghcháin i gcomparáid le chéile san Astráil, sa Nua-Shéalainn, sa Ríocht Aontaithe agus i gCeanada d'fhonn ceachtanna ar féidir iad a fhoghlaim a shainaithint;
- I gCuid 6 leagtar amach tráchtanna deiridh gairide agus áirítear sonraí teagmhála maidir le fiosrúcháin.

**An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil,
Eanáir 2015.**

1. Achoimre ar shaincheisteanna arna dtabhairt fúthu agus ar shaincheisteanna le haghaidh machnaimh

1.1. Riarachán toghcháin in Éirinn

Faoi láthair, tá an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ann mar phointe cuntasachta lárnach do riarachán toghcháin in Éirinn. Tá an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (RCPRA) freagrach, faoin Aire, as saincheisteanna beartais a bhaineann leis an toghchóras i gcoitinne, agus as dréacht-reachtaíocht a ullmhú thar ceann an Aire agus an Rialtais. Tacaíonn sí freisin le hoibriú an toghchórais trí threoirínte a ullmhú agus trí thacaí eile a sholáthar d'oifigh toghcháin. Cuireann an Rannóg Toghchórais den Roinn na tascanna sin chun feidhme.

Cuireann na húdaráis áitiúla, i measc údaráis eile, feidhmeanna oibriúcháin chun feidhme le méideanna athraitheacha neamhspleáchais, agus tá freagracht acu faoin dlí as clár na dtoghthóirí a choimeád, as toghcháin áitiúla a reáchtáil agus as cistiú polaitiúil agus caiteachas ar thoghcháin ar an leibhéal áitiúil a rialáil. Gníomhaíonn cinn comhairimh go neamhspleách maidir le freagrachtaí atá sainmhínithe sa dlí maidir le toghcháin agus reifrinn Eorpacha, Uachtaránachta agus de chuid na Dála a reáchtáil. Bunaítear comhlachtaí reachtúla ó am go ham, chun críocha sainiúla, i bhfoirm an Choimisiúin um Thoghcheantair, an Choimisiúin Reifrinn agus an Choiste um Theorainneacha Toghcheantar Áitiúil. Déantar gach ceann acu a lánscor a luaithe agus a bhíonn an tasc sainiúil dá gcuid curtha i gcrích. Is comhlacht reachtúil buan an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí ag a bhfuil freagrachtaí rialála as cistiú polaitiúil agus as caiteachas ar thoghcháin. Gníomhaíonn Cléireach na Dála mar Chláraitheoir na bPáirtithe Polaitiúla. Cuirtear taca leis an gcóras iomlán trí chorpas suntasach dlí lena gcuimsítear níos mó ná tríocha Acht an Oireachtais (féach Aguisín 1).

Beidh raon leathan d'athruithe reachtacha agus riaracháin i gceist, de riachtanas, le coimisiún toghcháin nua a chruthú.

Trí na téarmaí comparáideacha caighdeánacha a chur i bhfeidhm a úsáidtear go hidirnáisiúnta, déantar leagan reatha na bainistíochta toghchán de chuid na hÉireann a chatagóiriú mar leagan 'Rialtasach' (IDEA, 2006) agus 'Dílárithé' (López-Pintor, 2000). Ach is féidir go mbíonn bainistíocht toghcháin 'rialtasach' ina foirm ach neamhspleách ina cleachtas, áfach. Tá go leor tíortha, go háirithe san Eoraip, sa chatagóir sin. Tá Éire i measc na dtíortha sin agus tá meas ag saoránaigh agus ag lucht na polaitíochta ar ardleibhéal dlisteanachta a toghchórais. Ach tá an leagan rialtasach i mionlach atá ag éirí níos lú go hidirnáisiúnta, áfach. Tá córas ag dhá thrian de dhlínsí anois atá neamhspleách ar bhonn institiúideach ar an rialtas. Bhog roinnt stát daonlathach, go háirithe an Astráil agus an Nua-Shéalainn, ón leagan rialtasach chuig an leagan neamhspleách blianta beaga ó shin.

Cuirtear síos go mion ar an gcóras reatha agus na costais a bhaineann leis i gCuid 2 den pháipéar seo.

1.2. Coimisiún toghcháin a bhunú

Taispeántar comhdhearcadh le moltaí ó Choistí an Oireachtais, ó pháirtithe polaitiúla, ó bhreathnóirí idirnáisiúnta agus ó chomhlachtaí eile i bhfabhar coimisiún toghcháin a bhunú in Éirinn. Dearbhaíodh é sin arís in 2013 nuair a mhol an Coinbhinsiún um an mBunreacht go mbunófaí a leithéid de chomhlacht¹. An 1 Aibreán 2014 dhearbhaigh an Taoiseach, sa Dáil, gur ghlac an Rialtas leis an moladh sin agus déantar an tiomantas sin a dhearbhu arís sa *Ráiteas um Thosaíochtaí an Rialtais 2014-2016* a comhaontaíodh i mí Iúil 2016. Cé go bhfuil comhdhearcadh ann i bhfabhar coimisiún toghcháin a bhunú, áfach, tá raon tuairimí ann maidir leis na feidhmeanna beachta a dhéanfaí a shannadh do choimisiún toghcháin agus maidir leis na róil a ndéanfaí a chur chun feidhme fós acu siúd ag a bhfuil freagrachtaí faoi láthair sa réimse sin.

Déantar foráil i gClár an Rialtais do choimisiún toghcháin a dhéanfaidh feidhmeanna na gcomhlachtaí reatha agus RCPRA a chomhchuimsiú. Níl sé saintreorach maidir le sonraí seachas na pointí sin.

Mar phrionsabal dea-rialachais, moltar gur cheart feidhmeanna aon chomhlachta phoiblí nua a shainiú go soiléir agus é á bhunú. Ansin dhéanfaí a dhearadh eagraíochta a threorú leis na feidhmeanna sin. Dá bhrí sin, ba cheart bunchúis, cuspóir agus spriocanna maidir leis an gcoimisiún toghcháin a bhunú a shainiú go soiléir ón tús.

Mar chéad chéim eile, tá sé riachtanach go ndéantar na feidhmeanna a bheidh le sannadh don choimisiún toghcháin a shainiú ar bhonn níos beaichte. Tugtar le fios le taithí ar bhunú Choimisiún Toghcháin na hAstráile i 1984 agus sna hathchóirithe ar chlár na dtoghthóirí i gCeanada i 1997 go bhfuil cur chuige traspháirtí tábhachtach chun leibhéal comhdhearcaidh a bhaint amach de réir mar a dhéantar moltaí sainiúla a fhorbairt agus a chur chun cinn. Is féidir cuidiú leis an bpróiseas trí chomhaontú a iarraidh i measc páirtithe leasmhara i dtaca le fíis le haghaidh athraithe agus trína leithéid de thacaíocht a choimeád thar am de réir mar a dhéantar athruithe a chur chun feidhme.

Ba cheart an cur chuige maidir le coimisiún toghcháin a bhunú a threorú le barúil a léiríodh in Athbhreithniú ar Bhainistíocht Phoiblí in Éirinn de chuid ECFE a foilsíodh in 2008 eadhon “níor cheart cinntí straitéiseacha a dhéanamh maidir le cruthú gníomhaireachta ach amháin tar éis measúnú a dhéanamh ar riachtanais maidir le pearsanra agus cumas, chomh maith leis an gcineál is iomchuí de bhonneagar

¹ Seo fóram 100 daoine, atá ionadaíoch de shochaí na hÉireann agus parlaiminteoirí ó oileán na hÉireann, ag a bhfuil Cathaoirleach neamhspleách. <https://www.constitution.ie/Convention.aspx>

rialachais agus cuspóirí na gníomhaireachta á dtabhairt san áireamh” (ECFE, 2008, lch. 309).

Bheadh foráil reachtúil do neamhspleáchas an choimisiúin toghcháin ina coinníoll riachtanach dá neamhspleáchas, ach ní an t-aon cheann. Baineann gnéithe eile an neamhspleáchais le saincheistanna a théann i bhfeidhm ar bhainistíocht, déanamh beartas, struchtúir, airgeadas dá chuid, agus an méid agus is féidir leis an rialtas an coimisiún a stiúradh.

Beidh sé riachtanach feidhmeanna choimisiún toghcháin na hÉireann a shainiú ar dtús, agus ansin iad sin a mheaitseáil leis an gcineál eagraíochta is oiriúnaí.

Príomhcheistanna le haghaidh machnaimh:

1. *Cad iad na feidhmeanna ar cheart iad a shannadh do choimisiún toghcháin?*
2. *Cad iad na ról ar cheart dóibh siúd atá rannpháirteach faoi láthair i mbainistíocht toghcháin iad a fheidhmiú amach anseo, agus go sainiúil:*
 - *Cén cineál ról a bheadh ag na cinn comhairimh reatha agus cé a bheadh freagrach as bun-eilimintí toghcháin a eagrú?*
 - *Cé a bheadh freagrach as clárú toghthóirí?*
 - *Cad iad na freagrachtaí a aistrefar ó Rannóg Toghchórais na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil?*
 - *Cad iad na feidhmeanna beartais nó cumas straitéiseach ar cheart iad a fhágáil laistigh den RCPRA?*
 - *Ar cheart freagrachtaí an Choimisiúin um Thoghcheantair agus an Choimisiúin Reifrinn a shannadh do choimisiún toghcháin?*
 - *Ar cheart freagrachtaí Choistí um Theorainneacha Thoghcheantar Áitiúil a shannadh do choimisiún toghcháin?*
 - *Cad faoi fheidhmeanna toghcháin an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí?*
 - *Ar cheart go mbeadh ról maoirseachta ag coimisiún toghcháin maidir le freagrachtaí údarás áitiúil i bplé le caiteachas agus deontais um thoghcháin áitiúla?*

1.3. An córas reatha agus na costais a bhaineann leis

Mar gheall ar nádúr díláraithe an rialachais toghcháin in Éirinn tabhaíonn roinnt comhlachtaí éagsúla agus sealbhóirí post caiteachas trí na dualgais dá gcuid a chur chun feidhme. Tá roinnt de na costais sin níos infheicthe don phobal ná cinn eile. Tá claonadh i gcórais toghcháin dhíláraithe go n-íompraíonn comhlachtaí áitiúla cuid de na costais sin agus dá bhrí sin tá seans ann nach ndéantar na costais sin a

leithdháileadh, ná a chur san áireamh, sna costais thoghcháin fhoriomlána. D'fhonn coimisiún toghcháin a bhunú, ní mór breithniú ar bharrainneachtaí a bheadh le baint amach. Trí roinnt foinsí a úsáid, sainathnítear na príomhchostais sa pháipéar seo a bhaineann le riarachán toghcháin agus toghcháin a reáchtáil. Mar chéad chéim eile, ba cheart anailís airgeadais mhionsonraithe a dhéanamh, bunaithe ar na freagrachtaí a shaineofar don choimisiún toghcháin.

Níl aon struchtúr bainistíochta toghcháin buan ann ar leibhéal áitiúil. Is é an Clárartheoir Contae áitiúil nó Sirriamaí atá freagrach as vótáil a eagrú maidir le toghcháin agus reifrinn na Dála, Pharlaimint na hEorpa agus Uachtaránachta dá sanntar ról cinn chomhairimh faoin dlí. Áirítear leis na costais a thabhaítear faoi láthair maidir le toghcháin a reáchtáil, atá leagtha amach go mion i gCuid 2, na costais a leanas:

- costais a eascraíonn as oibríochtaí Rannóg Toghchórais na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil;
- costais a thabhaítear ar leibhéal áitiúil ag cinn comhairimh maidir le cothabháil leanúnach an toghchórais;
- costais a thabhaítear ag údaráis áitiúla a bhaineann leis na feidhmeanna toghchórais dá gcuid;
- costais a bhaineann le hathbhreithnithe a dhéanamh ar toghcheantair na Dála agus Parlaimint na hEorpa agus ar theorainneacha toghcheantar áitiúil;
- costais bhaineann leis an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí (CCOP) a eascraíonn ó na feidhmeanna toghcháin dá chuid;
- costais a bhaineann le Clár na bPáirtithe Polaitiúla a choimeád;
- costais a bhaineann le Coimisiúin Reifrinn;
- costais a eascraíonn i mbainistíocht toghchán maidir le hOlltoghcháin, toghcháin Eorpacha, na Dála agus áitiúla a reáchtáil, agus maidir le reifrinn;

Maidir le feidhmeanna a fheidhmíonn údaráis áitiúla, an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí agus RCPRA is dócha nach mbeidh an raon feidhme ann chun na cistí uile a úsáideann na comhlachtaí sin a aistriú go díreach chuig coimisiún toghcháin nua. Ar na cúiseanna atá leagtha amach i gCuid 2 den pháipéar seo, ní chumasófaí aistriú na n-acmhainní uile atá in úsáid thar an gcóras faoi láthair trí freagracht le haghaidh raon feidhmeanna a athshannadh do choimisiún toghcháin.

Ina dhiaidh sin is uile, meastar go bhfuil sé réasúnta go ndéanfaí aistriú iomchuí acmhainní idir na comhlachtaí atá i gceist má dhéantar freagrachtaí áirithe a aistriú chuig coimisiún toghcháin.

De réir mar atá leagtha amach i gCuid 3, taispeánadh le fianaise idirnáisiúnta go bhfuil coimisiúin toghcháin neamhspleácha chun tairbhe na cobhsaíochta daonlathaí agus go bhfuil siad níos cost-éifeachtaí. Ní féidir é a thoirbhíú go simplí, áfach, gur féidir barainneachtaí a bhaint amach trí chomhlacht nua a bhunú. Is féidir nach

ndéanfar coigilteas glan a bhaint amach. Ina dhiaidh sin is uile, d'fhéadfadh bunú coimisiúin toghcháin a bheith inmhianaithe fós bunaithe ar an ionchas a bhainfeadh le héifeachtúlacht rialachas toghcháin agus dlisteanacht an chórais a fheabhsú do na toghthóirí agus do pháirtithe leasmhara eile. Déantar an fhéidearthacht a fhiosrú le moltaí beartais ó roinnt foinsí, arna n-athbhreithniú i gCuid 4 den pháipéar seo, go mbeadh an coimisiún toghcháin in ann tascanna breise a ghlacadh air féin maidir le hoideachas na dtoghthóirí agus taighde ar thoghcháin agus ar reifrinn. Mar thoradh ar a leithéid d'fheidhmeanna breise bheadh costais bhreise ann. D'ainneoin sin, d'fhéadfadh coimisiún toghcháin follasacht níos mó a thabhairt do chostais toghcháin trí fheidhmeanna éagsúla a chomhcheangal faoin mbrat céanna amháin.

Mar gheall ar scála an chaiteachais a bhaineann leis an toghchóras a reáchtáil faoi láthair, agus mar gheall ar na costais a d'fhéadfadh teacht chun cinn trí chomhlacht nua a bhunú, bheadh sé iomchuí go ndéanfaí anailís mhionsonraithe ar na costais agus na tairbhí. Tugtar comhairle le treoirlínte maidir le caiteachas poiblí gur cheart go mbeadh tionscadail den raon feidhme a bhaineann le coimisiún toghcháin a bhunú faoi réir ag anailís ilchritéir (An Roinn Airgeadais, 2005). Moltar go ndéanfaí a leithéid d'anailís.

Príomhcheisteanna le haghaidh machnaimh:

3. *Cad iad na himpleachtaí costais a d'eascródh as feidhmeanna a shannadh do choimisiún toghcháin?*
4. *Cad iad na himpleachtaí costais a bheadh ann do na comhlachtaí a fheidhmíonn na feidhmeanna sin faoi láthair?*

1.4. Ballraíocht I gcoimisiún toghcháin

Bíonn comhlachtaí bainistíochta toghcháin éagsúil maidir le líon na mball agus tá dearcthaí éagsúla ann faoi mballraíocht ar cheart í a bheith cuimsithe i gcoimisiún toghcháin.

Is léir ón bplé ar an ábhar sin, i gCuid 3 den pháipéar seo, gur taispeánadh nach raibh na cinn ina raibh ballraíocht mhór ró-éifeachtach de ghnáth. Sa 'Réamhstaidéar ar Choimisiún Toghcháin a Bhunú in Éirinn' arna dhéanamh ag Institiúid Geary sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, thar ceann RCPRA in 2008, pléadh ábhar de bhallraíocht an choimisiúin agus moladh gur cheart cathaoirleach a bheith air, a bheadh ina b(h)reitheamh nó ina (h)iar-bhreitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí nó na hArd-Chúirte, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an tOmbudsman, Cléireach na Dála, Cléireach an tSeanaid agus príomhoifigeach feidhmiúcháin an choimisiúin dar dtabharfaí an 'Príomh-Oifigeach Toghcháin'. Bá é an tátal a bhain na húdair as ná "inár mbarúil féin, ní bheadh sé oiriúnach go mbeadh iar-chomhalta Thithe an Oireachtais ann mar bhall den choimisiún nua,

agus raon na feidhmeanna a chuirfidh an coimisiún chun feidhme á dtabhairt san áireamh, i gcomparáid le SIPO” (Sinnott et. al., 2008, lch.65).

Agus coimisiún toghcháin na hÉireann á bhunú ardaítear ceist maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart go mbeadh baill ann le cúlra polaitiúil. Sa RA is ó chúlra polaitiúil atá ceathrar den deichniúr atá ina gcoimisinéirí, cé nach bhfuil baint acu le polaitíocht ghníomhach reatha. I dtír cinn de na ceithre tír a athbhreithníodh sa pháipéar seo, níl aon ról ag páirtithe polaitiúla maidir le baill a cheapadh agus is ó chúlra neamhpholaitiúil agus neamhpháirtíneach a thagann na coimisinéirí. Mhol Comhchoiste an Oireachtais um an mBunreacht in 2010 gur cheart go mbeadh iar-chomhaltaí an Oireachtais san áireamh leis an gcoimisiún nua.

I gcás na hAstráile, na Nua-Shéalainne agus na Ríochta Aontaithe, déantar foráil do cheapadh bhaill an choimisiúin toghcháin ar bhealach lena ndéantar iarracht a neamhspleáchas a ráthú. I gCeanada, cé go bhfuil comhlacht bainistíochta toghcháin ann dar teideal ‘Elections Canada’, is duine amháin, an Príomhoifigeach Toghcháin, atá freagrach ag deireadh an lae. Dá ndéanfaí an cur chuige sin a chur chun feidhme in Éirinn ní bheadh sé ar aon dul leis na socrúithe rialachais atá i bhfeidhm faoi láthair don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí, don Choimisiún Reifrinn agus don Choimisiún um Thoghcheantair ina bhfuil na baill ina sealbhóirí post reatha (seachas an fhoráil atá ann chun iar-chomhalta an Oireachtais a cheapadh do CCOP).

I gcás SIPO agus Coimisiún Reifrinn, déantar foráil sa dlí go mbíonn breitheamh reatha nó iar-bhreitheamh na hArd-Chúirte nó iar-bhreitheamh na Cúirte Uachtaraí nó na Cúirte Achomhairc ina c(h)eann ar na comhlachtaí sin. Déantar foráil sa dlí go mbíonn breitheamh reatha na hArd-Chúirte, na Cúirte Achomhairc nó na Cúirte Uachtaraí ina c(h)athaoirleach ar Choimisiún um Thoghcheantair. Seo an cás maidir leis na coimisiúin toghcháin san Astráil agus sa Nua-Shéalainn.

Príomhcheisteanna le haghaidh machnaimh:

5. *Cé hiad na baill ar cheart dóibh bheith ar choimisiún toghcháin?*
6. *Conas na baill a cheapadh?*

1.5. Cuntasacht, feidhmíocht agus iniúchadh

Beidh cuntasacht i leith an choimisiúin toghcháin an-tábhachtach, ach ní mór cuntasacht a bhaint amach ar dhóigh nach ndéantar neamhspleáchas an choimisiúin a chur i mbaol. Taispeántar le heispéireas i dtíortha eile go bhfuil sé inmhianaithe agus riachtanach go mbíonn meicníochtaí cuntasachta ann atá nasctha le hinstitiúidí daonlathacha. San áireamh leo sin tá socrúithe tuairiscithe foirmiúla chuig coiste parlaiminteach ainmnithe, ainmniú aire rialtais shainiúil chun gníomhú mar

idirchaidreamh leis an gcoimisiún toghcháin, iniúchadh arna dhéanamh ag an gcomhlacht iniúchta stáit agus foilsiú doiciméad ar féidir feidhmíocht a thomhas ina gcoinne - mar shampla ráiteas straitéise, plan buiséid agus tuarascáil bhliantúil.

Sna ceithre dhlínse a bhí ina gcás-staidéir a athbhreithníodh i gCuid 5 den pháipéar seo, is é a bhíonn i gceist go tipiciúil le cuntasacht don pharlaimint ná idirchaidreamh ina bpléitear le hábhair bheartais agus feidhmíochta. Tuairiscíonn ceann an chomhlachta bainistíochta toghcháin go rialta do choiste parlaiminteach agus freastalaíonn sé/sí air agus tá próiseas cumarsáide débhealaigh ann. Soláthraítear faisnéis don choiste, ardaíonn baill saincheisteanna agus soláthraítear freagraí. Is féidir leis an gcoimisiún toghcháin moltaí le haghaidh athruithe a thabhairt ar aghaidh bunaithe ar thaithe ar reachtaíocht a chur chun feidhme.

Ní féidir a thiomhdiú go gcuirfead feabhas ar fheidhmíocht rialachais toghcháin mar thoradh ar chomhlacht nua a chruthú, mar a phléadh i gCuid 3 den pháipéar seo. Ach chuir na ceithre tír arna n-iniúchadh i gCuid 5 creataí um thomhas feidhmíochta agus tuairiscithe i bhfeidhm, áfach. Úsáidtear bearta cainníochtúla agus cáilíochtúla araon. Tá siad sin ina gcuidiú le bainistíocht na heagraíochta agus le follasacht a sholáthar don phobal agus do pháirtithe leasmhara. D'fhéadfadh sé a bheith inmhianaithe go gcuirfí socruithe cosúla i bhfeidhm nuair a dhéanfar coimisiún toghcháin nua a bhunú in Éirinn.

Cosúil le dlínsí eile, bheadh sé inmholta do choimisiún toghcháin na hÉireann go gcuirfí coiste iniúchta agus struchtúir mhaoirseachta i bhfeidhm d'fhonn dea-rialachas inmheánach agus cuntasacht airgeadais sheachtrach iomchuí a dhearbhu. I ngach ceann de na ceithre tír arna n-iniúchadh, is é an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó duine coibhéiseach an t-iniúcháir don chomhlacht bainistíochta toghcháin. Ba cheart machnamh a dhéanamh ar cibé an féidir leis an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste bheith ina b(h)all den choimisiún toghcháin agus an pointe sin á phlé.

Príomhcheisteanna le haghaidh machnaimh:

- 7 *Cad iad na meicníochtaí a chuirfead i bhfeidhm chun foráil a dhéanamh do chuntasacht coimisiúin toghcháin?*
- 8 *Cad iad na ról a bheidh ag an Oireachtas, ag an Rialtas agus ag an bpobal faoi seach maidir le socruithe cuntasachta?*
- 9 *Cad iad na forálacha a dhéanfar chun neamhspleáchas coimisiúin toghcháin a dhearbhu?*

1.6. Amlínte agus rioscaí a bhaineann le coimisiún toghcháin a bhunú

Ní bheidh sé soiléir cén fad a ghlacfar chun coimisiún toghcháin a bhunú in Éirinn go dtí go ndéanfar na feidhmeanna atá le haistriú, foirm an choimisiúin atá le bunú agus

raon feidhme na hathruithe ar reachtaíocht a theastaíonn a shoiléiriú. Tá bainistíocht toghchán ríthábhachtach d'oibriú éifeachtach parlaimint na hÉireann, údarás áitiúil agus an Stáit é féin. Maidir leis sin, beidh sé ina phríomhdhúshlán chun a chinntiú go ndéantar an t-aistriú mór sin a chur chun feidhme gan aon tionchar diúltach ar na próisis thoghcháin agus dhaonlathacha dár gcuid. Mar a taispeánadh leis an taithí ar vótáil leictreonach, baineann riosca de chonspóid thromchúiseach le tionscadail a bhfuil mar aidhm acu athchóiriú mór a dhéanamh ar bhainistíocht toghcháin mura féidir leo muinín an phobail a aimsiú, tabhairt faoi ábhair imní nó inghlacthacht a bhaint amach.

Mar atá sonraithe i gCuid 5, is é an t-eispéireas ó thíortha eile go nglacann sé am chun athruithe suntasacha a chur chun feidhme agus chun iad a phleanáil. Glacadh ceithre bliana beagnach chun feidhmeanna reatha Choimisiún Toghcháin na Nua-Shéalainne a chónascadh i gcomhlacht amháin. Rinneadh sin de réir a chéile idir 2008 agus 2012. Glacadh ceithre bliana beagnach chun Clár Náisiúnta na dTogthóirí i gCeanada a bhunú ón tús i 1993 go dtí gur cuireadh chun feidhme é ina iomláine i 1997, gan próiseas na díospóireachta san áireamh a tharla sna blianta roimhe sin. Is é a bhí i gceist leis na céimeanna forbartha tosaigh i 1993 agus 1994 ná anailísí ar na costais agus ar impleachtaí na n-athruithe. Nuair a cuireadh chun feidhme iad, sainathnódh fadhbanna ag olltoghcháin Cheanada i 1997 agus in 2000, rud a bhí ina chúis le conspóid agus le mionathruithe breise.

Chomh maith leis na tairbhí ionchasacha, baineann rioscaí le cruthú na gcomhlachtaí poiblí nua. Cuireann Laking (2005) síos ar an dóigh a thagann na rioscaí faoi thrí cheannteideal leathana. Tarlaíonn an chéad cheann nuair a dhéantar eagraíochtaí nua a bhunú gan aon bhonn cirt soiléir um beartas poiblí, tarlaíonn an dara ceann nuair nach leor na rialacha agus na córais maidir le treorú seachtrach, agus baineann an tríú ceann le heasnaimh sna socruithe bainistíochta inmheánaí. D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag foirm na heagraíochta maidir leis an rialachas ceart a chur chun feidhme.

Molann roinnt moltóirí le haghaidh coimisiún toghcháin a bhunú gur cheart go nglacfaidh sé na freagrachtaí cláraithe vótálaithe de chuid na n-údarás áitiúil air féin. Mar atá sonraithe a thuilleadh i gCuid 5, bheadh sé ina thasc suntasach é féin chun an córas um chlárú le haghaidh toghchán agus freagracht a athshannadh do chomhlacht nua, ar a thugtar le tuiscint leis an taithí i gCeanada. Chuir an Coimisiún Toghcháin sa RA síos ar thabhairt isteach córais de chlárú aonair, a tosaíodh in 2013 sa Bhreatain Mhór, mar an t-athrú is mó ar a chóras toghcháin ó thabhairt isteach an chirt vótála chomhchoitinn. Sa Nua-Shéalainn rinneadh sannadh na freagrachta as toghthóirí a chlárú mar chéim ar leith i mbunú an choimisiúin toghcháin nua dá cuid, agus leanann an tseirbhís phoist den chlárú a dhéanamh, agus tá ról maoirseachta agus bainistíochta anois ag an gcoimisiún toghcháin nua-chumraithe mar an t-údarás ceadúnaithe le haghaidh an clár a chothabháil. Thabharfaí le tuiscint leis an taithí i gCeanada gur féidir fadhbanna a eascairt, fiú le

pleanáil chuimsitheach, agus sa ghearrthearma is féidir cuimsitheacht an chláir a mheathlú fiú. Ina sheal féin, áfach, d'fhéadfadh sé sin feabhsuithe agus coigilteas a chruthú san fhadtearma.

Réamh-mheasadh próiseas dhá chéim i staidéar Institiúid Geary de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, maidir le coimisiún toghcháin na hÉireann a bhunú. Cé go bhfuil an prionsabal de chur chuige céimnithe a ghlacadh ar aon dul le cleachtas a bhí rathúil in áiteanna eile, de riachtanais bheadh cinnteoireacht i gceist leis sin maidir leis an ord tosaíochta i dtaca leis na feidhmeanna a bheadh le cur san áireamh laistigh de struchtúr an choimisiúin ón tús. Moladh sa staidéar sin in 2008 gur cheart an coimisiún a fhorbairt timpeall ar an gCoimisiún reatha um Chaighdeán in Oifigí Poiblí agus freagracht as an gCoimisiún um Thoghcheantair, as an gCoimisiún Reifrinn agus as Clár na bPáirtithe Polaitiúla san áireamh ón tús. Bheadh comhdhlúthú reachtaíochta i gceist leis an dara céim mar aon le feidhmeanna breise a bhronnadh ar an gcoimisiún.

Ag féachaint do na castachtaí a bheadh i gceist le hathrú an chórais um chlárú vótálaithe, d'fhéadfaí argóint a dhéanamh chun tabhairt faoi sin mar thionscadal aonair nó mar chéim ar leith i mbunú an choimisiúin toghcháin. Is próiseas trí chéim a bheadh i gceist leis sin, seachas an próiseas dhá chéim atá réamh-mheasta i staidéar Institiúid Geary. Agus ag breathnú ar struchtúr eagraíochta comhlachtaí bainistíochta toghchán eile, dhéanfaí argóint chun freagracht as bainistíocht ar chlár na dtoghthóirí a shannadh d'aonad feidhmiúil ar leith laistigh den choimisiún toghcháin.

Nuair a bunaíodh Coimisiún Toghcháin na hAstráile, coinníodh struchtúir stáit le haghaidh toghcháin a riar a bhí ann le fada. Breathnaíodh gur cumasaíodh an comhlacht nua trí choinneáil an eagrúcháin bhunaidh sin chun an taithí phraiticiúil a choimeád agus chun forbairt a dhéanamh uirthi a forbraíodh thar go leor blianta (Maley, 2001, lch.26). Tá ceacht féideartha ann le foghlaim leis seo d'Éirinn maidir leis na socruithe riaracháin reatha dá cuid a bhaineann leis na cinn comhairimh do thoghcháin na Dála. Bhí tuarascáil Institiúid Geary 2008 i bhfabhar an struchtúr áitiúil sin a choinneáil laistigh de na socruithe don choimisiún toghcháin nua. Mar atá le féachaint, mar a tharla san Astráil, ligfí do choinneáil na coda criticiúla den chóras riaracháin reatha leis sin, agus dhéanfaí an gá le struchtúr áitiúil nua a chruthú a sheachaint.

Príomhcheisteanna le haghaidh machnaimh:

10 Ar cheart coimisiún a bhunú ar bhonn céimnithe, agus más ceart, cá mhéad céim?

11 Cén cineál amscála a bheadh inbhainte amach chun an tasc a chur i gcrích?



1.7. Ceisteanna beartais a le tabhairt fúthu

Bunaithe ar na saincheisteanna arna sainaitheint sa pháipéar seo, tá roinnt ceisteanna beartais ann nach mór tabhairt fúthu a thuilleadh chun dul chun cinn a dhéanamh maidir e coimisiún toghcháin a bhunú. Seo thíos liosta ilchodach de na príomhcheisteanna a eascraíonn:

1. *Cad iad na feidhmeanna ar cheart iad a shannadh do choimisiún toghcháin?*
2. *Cad iad na ról ar cheart dóibh siúd atá rannpháirteach faoi láthair i mbainistíocht toghcháin iad a fheidhmiú amach anseo, agus go saineúil:*
 - *Cén cineál ról a bheadh ag na cinn comhairimh reatha agus cé a bheadh freagrach as bun-eilimintí toghcháin a eagrú?*
 - *Cé a bheadh freagrach as clárú toghthóirí?*
 - *Cad iad na freagrachtaí a aistreofar ó Rannóg Toghchórais na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil?*
 - *Cad iad na feidhmeanna beartais nó cumas straitéiseach ar cheart iad a fhágáil laistigh den RCPRA?*
 - *Ar cheart freagrachtaí an Choimisiúin um Thoghcheantair agus an Choimisiúin Reifrinn a shannadh do choimisiún toghcháin?*
 - *Ar cheart freagrachtaí Choistí um Theorainneacha Thoghcheantar Áitiúil a shannadh do choimisiún toghcháin?*
 - *Cad faoi fheidhmeanna toghcháin an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí?*
 - *Ar cheart go mbeadh ról maoirseachta ag coimisiún toghcháin maidir le freagrachtaí údarás áitiúil i bplé le caiteachas agus deontais um thoghcháin áitiúla?*
3. *Cad iad na himpleachtaí costais a d'eascródh as feidhmeanna a shannadh do choimisiún toghcháin?*
4. *Cad iad na himpleachtaí costais a bheadh ann do na comhlachtaí a fheidhmíonn na feidhmeanna sin faoi láthair?*
5. *Cé hiad na baill ar cheart dóibh bheith ar choimisiún toghcháin?*
6. *Conas na baill a cheapadh?*
7. *Cad iad na meicníochtaí a chuirfear i bhfeidhm chun foráil a dhéanamh do chuntasacht coimisiúin toghcháin?*
8. *Cad iad na ról a bheidh ag an Oireachtas, ag an Rialtas agus ag an bpobal faoi seach maidir le socruithe cuntasachta?*
9. *Cad iad na forálacha a dhéanfar chun neamhspleáchas coimisiúin toghcháin a dhearbhu?*
10. *Ar cheart coimisiún a bhunú ar bhonn céimnithe, agus más ceart, cá mhéad céim?*
11. *Cén cineál amscála a bheadh inbhainte amach chun an tasc a chur i gcrích?*

2. An dóigh a n-oibrítear córas rialachais toghcháin na hÉireann faoi láthair

Rinne comhlachtaí idirnáisiúnta leagan rialachais toghcháin na hÉireann a chatagóiriú mar ‘Díláraithe’ agus ‘Rialtasach’ (López-Pintor, 2000; IDEA, 2006).

Déantar an catagóiriú sin a dhearbhu tríd an gcur síos ar na struchtúir éagsúla da chuid atá iniata níos faide anonn. Oibríonn príomhchodanna den chóras go neamhspleách, áfach, ar idirghabháil dhíreach ag an rialtas. Tá struchtúr ailachais toghcháin ag Éirinn, cosúil le go leor stáit daonlathacha seanbhunaithe atá ‘Rialtasach’ ach a oibríonn ar dhóigh neamhspleách agus neamhchlaonta i gcleachtas.

Tá ról lárnacha maidir le beartas agus comhordú ag an Aire agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Ach sanntar freagrachtaí suntasacha leis an dlí lena rialaítear bainistíocht toghcháin do dhaoine eile, go príomha do chinn comhairimh agus d’údarais áitiúla. Sa bhreis air sin sanntar ról faoin dlí don Roinn Airgeadais agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, don Choimisiún Reifrinn, don Choimisiún um Thoghcheantair agus don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí. Trí scrúdú a dhéanamh ar shocrú rialachais malartach i bhfoirm coimisiún toghcháin, tá sé tábhachtach ar dtús an dóigh a oibrítear an córas reatha a thuiscint. Dá bhrí sin cuirfear síos sa chuid seo orthu siúd a bhfuil freagrachtaí acu as na gnéithe éagsúla den bhainistíocht ar thoghcháin agus léireofar na costais a thabhaítear/a eascraíonn.

Mar gheall ar nádúr díláraithe an rialachais toghcháin in Éirinn tabhaíonn roinnt comhlachtaí éagsúla agus sealbhóirí post caiteachas trí na dualgais reachtúla dá gcuid a chur chun feidhme. Tá roinnt de na speansais sin níos infheicthe don phobal ná cinn eile. Tugadh faoi deara go ndéantar cuid mhór de chostais na dtoghchán a thabhaíonn rialtas áitiúil i gcórais toghcháin dhíláraithe a iompar de ghnáth ag buiséid oibríochtúla ghnáthúla dá gcuid agus ní dhéantar iad a chainníochtú ag údarais toghcháin lárnacha agus costais na dtoghchán a ríomh (López Pintor, 2000, lch.70).

Baineann príomhchúis le cruthú comhlachtaí poiblí nua leis an raon feidhme dá gcuid chun cost-éifeachtacht agus éifeachtúlacht a fheabhsú maidir le húsáid airgid phoiblí. Mar chéad chéim, tá se riachtanach dá bhrí sin conas a eascraíonn na costais sin a shainiú. Trí fhoinsí sonraí foilsithe éagsúla a úsáid agus trí leas a bhaint as faisnéis airgeadais arna soláthar ag RCPRA agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe déantar an caiteachas a chainníochtú sna míreanna a leanas a bhaineann le gnéithe aonair an chórais.

2.1. Ról na nAirí agus na státseirbhíse

Tá an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil freagrach, faoin Aire, as saincheisteanna beartais a bhaineann leis an toghchóras i gcoitinne, agus as dréacht-reachtaíocht a ullmhú thar ceann an Aire agus an Rialtais le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais. Cuireann státseirbhísigh i Rannóg Toghchórais na Roinne na tascanna sin chun feidhme, agus iad ag obair le hOifig na nDréachtóirí Parlaiminteacha nuair a bhíonn reachtaíocht i gceist. Déantar forail sa dlí toghcháin freisin do dhéanamh rialachán ag an Aire maidir le hábhair theicniúla a bhaineann le toghcháin a reáchtáil. Áirítear leis sin, mar shampla, an fhoirm ainmniúcháin a fhorordú d'iarrthóirí ag toghcháin na Dála. Sa bhreis air sin, tá an tAire freagrach as an t-ordú a dhéanamh lena gceaptar an lá vótála ag toghcháin Pharlaimint na hEorpa agus ag toghcháin áitiúla chomh maith le corrtoghcháin na Dála agus reifrinn. Ullmhaítear na rialacháin agus orduithe dréachta sin sa Roinn le cur faoi bhráid an Aire le síniú.

Chomh maith leis an ról atá aici a bhaineann le beartas agus reachtaíocht, ullmhaíonn an Rannóg Toghchórais treoracha le húsáid ag cinn chomhairimh agus ag foireann na vótála. Roimh gach toghcháin agus reifreann, scaipeann sí lámhleabhar treorach d'oifigigh cheannais a bhainistíonn socruithe ag stáisiúin vótála aonair. Déanann an Rannóg Toghchórais comhthadhall le hOifig na nOibreacha Poiblí chun trealamh a aimsiú (m.sh. ionstraimí stampála, stáiseanóireacht, srl) i gcainníochtaí imleora d'fhonn ullmhacht a chinntiú do na toghcháin. Déanann an Oifig um Sholáthar Rialtais socruithe le haghaidh páipéir bhallóide agus cártaí um fhaisnéis faoin toghchán a phriontáil. Tugann an Rannóg Toghchórais comhairle maidir leis na cainníochtaí a theastaíonn agus na socruithe lóistíochtúla le haghaidh seachadta. De ghnáth déantar trealamh agus ábhair chlóite do thoghcháin a fhoinsiú trí thairiscint iomaíoch. Eagraíonn an Rannóg Toghchórais go bhfoilsítear meabhrúcháin i nuachtáin agus sna meáin eile maidir le clárú vótálaithe, socruithe le haghaidh vótálaithe a bhfuil riachtanais speisialta acu agus riachtanais maidir le doiciméid aitheantais ag stáisiúin vótála roimh gach imeacht toghchánach.

Tar éis gach toghcháin na Dála, an tSeanaid, Parlaimint na hEorpa, Uachtaránachta agus áitiúil agus ag reifrinn tiomsaíonn an Rannóg Toghchórais na torthaí le haghaidh foilsithe. Tá sé riachtanach faoin dlí na páipéir bhallóide agus doiciméid eile a bhaineann le gach ceann de na himeachtaí toghchánacha sin a choinneáil le haghaidh 6 mhí ó dháta na vótála. Ag toghcháin Uachtaránachta agus Parlaimint na hEorpa déanann RCPRA na doiciméid sin a stóráil i dTeach an Chustaim.²

² Ag toghcháin na Dála is é Cléireach na Dála atá freagrach as sin. Coinníonn Cléireach an tSeanaid doiciméid a bhaineann leis na cúig thoghchán do phainéal gairmiúil an tSeanaid. Maidir le toghcheantair ollscoile an tSeanaid, is iad na cinn chomhairimh faoi seach atá freagrach as sin. Ag toghcháin áitiúla is é an t-údarás áitiúil lena mbaineann a choinníonn na doiciméid.

Tá caiteachas na Rannóige Toghchórais le haghaidh 2011 go 2013 leagtha amach sa tábla thíos. San áireamh leis na méideanna sin tá costais thuarastail agus costais ghaolmhara uile, chomh maith le caiteachas reatha agus caipitiúil. San áireamh le caiteachas reatha tá an costas a bhaineann le fógraí reachtúla a fhoilsiú sna meáin maidir le toghcháin agus reifrinn. Ní chuimsítear leis na costais sa tábla cionroinnt costas maidir le forchostais lárnacha a thabhaigh an Roinn ina hiomláine (m.sh. leictreachas, bainistíocht párolla). Tá luaineacht sa chaiteachas idir na blianta ag brath ar imeachtaí toghchánacha.

Tábla 1 – Caiteachas na Rannóige Toghchórais 2011-2013

2011	2012	2013
€873,395	€946,848	€854,821

(RCPRA, 2014a)

Tá sé réamh-mheasta i gClár an Rialtais go ndéanfaidh coimisiún toghcháin feidhmeanna RCPRA a chomhchuimsiú. Ní mór cinneadh a dhéanamh cé acu an mbaineann nó nach mbaineann sé sin le tascanna oibríochtúla chomh maith lena ról maidir le beartas agus reachtaíocht.

2.2. Cinn chomhairimh

Is iad na cinn chomhairimh na príomhdhaoine aonair maidir le riarachán phróiseas an toghcháin (Sinnott et. al., 2008, p.28). Áirítear lena gcuid tascanna ainmniúcháin a ghlacadh, foirgnimh a fhoréileamh le húsáid mar áiteanna vótála, pearsanra a earcú chun an vótáil a reáchtáil agus na vótaí a chomhaireamh, maoirseacht a dhéanamh ar chomhaireamh na vótaí agus na torthaí a fhógairt. Tá na cinn chomhairimh freagrach freisin as priontáil na bpáipéar ballóide bunaithe ar fhoirm atá forordaithe faoin dlí³. Tá forálacha a bhaineann le cinn chomhairimh na Dála a cheapadh leagtha amach in alt 30 den Acht um Thoghcháin 1992. Bíonn an ceann chomhairimh ina C(h)láráitheoir Contae nó ina S(h)irriam Cathrach / Contae atá ina (h)oifigeach reachtúil den tSeirbhís Chúirteanna.

Maidir le toghcháin do Pharlaimint na hEorpa, ceapann an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil ó Chláráitheoirí nó Sirriamaí Contae laistigh de thoghcheantar ábhartha Pharlaimint na hEorpa⁴.

Maidir le toghcháin áitiúla, déantar foráil in airteagal 4 de na Rialacháin um Thoghcháin Áitiúla 1995 go mbeidh oifigeach an údaráis áitiúil ina c(h)eann chomhairimh do thoghadh bhaill an údaráis áitiúil.

Maidir le Reifrinn agus toghcháin Uachtaránachta, sanntar an fhreagracht as an vótáil a reáchtáil agus as comhaireamh na vótaí do chinn chomhairimh na Dála a

³ Déantar foráil in Alt 88(1) den Acht um Thoghcháin 1992 go mbeidh an páipéar ballóide ag toghcháin na Dála i bhfoirm atá leagtha amach sa Cheathrú Sceideal leis an Acht.

⁴ Faoi alt 16 den Acht um Thoghcháin Pharlaimint na hEorpa 1997.

chuireann na torthaí in iúl ansin ar bhonn toghcheantair don Cheann Comhairimh Uachtaránachta nó Reifrinn ag a bhfuil an fhreagracht fhoriomlán, a dhéanamh comhaireamh lárnach na vótaí a reáchtáil agus a fhógraíonn an toradh. Is é an tAire a cheapann an t-oifigeach sin. De ghnáth is státseirbhíseach sinsearach a fheidhmíonn an ról sin – an Príomhoifigeach sa Rannóg Toghcháin.

Déantar costais na gCeann Comhairimh a sheasamh go díreach ó Chiste Lárnach an Státchiste. Dá réir sin, ní thagann siad as cistí arna vótáil ag an Oireachtas. Leagann an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe na rátaí íocaíochta síos do chinn chomhairimh le haghaidh na gcatagóirí éagsúla a speansais thoghcháin agus leanúnacha a thabhaíonn siad. Sonraítear na rátaí sin in ‘Ordú Muirir’ a dhéanann an tAire. Maidir le speansais áirithe a bhaineann le seirbhísí gairmiúla agus réadmhaoin, ní mór faomhadh comhpháirteach a fháil ó RCPRA. Déanann an Roinn Airgeadais na híocaíochtaí agus tá siad faoi réir ag socruithe maoirseachta agus iniúchta inmheánaigh arna n-oibriú ag an Roinn sin.

Seachas na costais a eascraíonn go díreach ó thoghcháin a eagrú ata mionsonraithe i mír 2.8, déantar íocaíochtaí do chinn chomhairimh chun speansais leanúnacha a sheasamh a bhaineann le feidhmiú a ndualgas. San áireamh leis sin tá forchostais oifige/stóráil. Tá na costais a tabhaíodh le haghaidh 2011 go 2013 leagtha amach thíos.

Tábla 2 – Speansais Leanúnacha na gCeann Comhairimh 2011 go 2013

2011	2012	2013
€510,380	€487,107	€541,124

(RCPA, 2014)

Sa tuarascáil in 2008 maidir le coimisiún toghcháin a bhunú arna hullmhú ag Institiúid Geary (Sinnott et al, 2008, lch.29) measadh go raibh ról chinn chomhairimh na Dála i riarachán na dtoghchán ina láidreach shainiúil de chuid an chórais reatha.

Is é Cléireach an tSeanaid an ceann comhairimh d’olltoghcháin an tSeanaid le haghaidh na cúig phainéal ghairmiúla a thoghann na 60 comhaltaí den Seanad⁵. Is é Leas-Seansailéir Ollscoil na hÉireann an ceann comhairimh do thoghcheantar Ollscoil na hÉireann, a thoghann 3 chomhalta den Seanad. Maidir le toghcheantar Ollscoil Bhaile Átha Cliath, a thoghann 3 chomhalta freisin, is é an ceann comhairimh an Propast⁶. Ainmníonn an Taoiseach 11 Seanadóir.

⁵ The electorate at the 2011 Seanad general election was 1,096, so the electorate is not as large as for other elections that have a universal franchise. Seanad elections are undertaken by secret postal ballot.

⁶ Arrangements for the reform of the university constituencies are being progressed through the Seanad Electoral (University Members) (Amendment) Bill which is on the Government Legislation Programme.

2.3. Údaráis áitiúla agus clár na dtoghthóirí

Sanntar ullmhúchán Chlár na dToghthóirí faoi Chuid 2 den Acht Toghcháin 1992 d'údaráis chlárúcháin áitiúla agus is iad sin na comhairlí contae, comhairlí cathrach agus comhairlí cathrach agus contae⁷. Is é an dualgas dá gcuid chun a áirithiú, a mhéid agus is féidir, go mbíonn an Clár cruinn agus cuimsitheach. Soláthraíonn RCPRA tacaíocht do na húdaráis áitiúla san obair chlárúcháin dá gcuid agus eisíonn an roinn treoracha maidir le cothabháil an Chláir.

Cuireann údaráis chlárúcháin fiosrúcháin ó dhoras go doras agus fiosrúcháin eile chun feidhme chun an dréachtchlár a ullmhú a fhoilsítear i mí na Samhna gach bliain. Is féidir leis an bpobal ansin an dréacht a scrúdú le haghaidh earráidí thar na seachtainí le teacht, agus leagtar síos spriocdháta don phróiseas sin faoi dheireadh mhí na Samhna. Ansin tagann an Clár i bhfeidhm le haghaidh thréimhse 12 mhí ón 15 Feabhra ina dhiaidh sin.

Dífríonn an córas seo de chlárú tí ó chlár aonair rollach a dhéantar a nuashonrú ar bhonn leanúnach agus foinsí sonraí oifigiúla á n-úsáid amhail, mar shampla, i gcás Cheanada, ón ngníomhaireacht ioncaim, gníomhaireachtaí um cheadúnais tiomána, comhlachtaí staitisticí agus liostaí toghthóirí dá chuid atá ann cheana. I gceachtar de na socruithe tá dualgas ar an vótálaí chun a chinntiú go bhfuil sé nó sí cláraithe.

Rinneadh cáineadh i dTuarascáil 2008 Chomhchoiste an Oireachtais um an gComhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil maidir le todhchaí chlár na dtoghthóirí ar na socruithe reatha agus fuarthas staid reatha chlár na dtoghthóirí, ag dul siar thar a lán blianta, le bheith míshásúil. Tuairiscíodh fadhbanna le cruinneas, easnaimh agus dúbláil, agus sainathnódh na trí phríomhchúis leis sin mar a leanas:

- méideanna tosaíochta athraitheacha a thugtar do choimeád na sonraí sin;
- éagsúlacht leathan de chleachtais i measc na n-údarás clárúcháin; agus
- oibrithe allamuigh neamhleora agus cuairteanna ó dhoras go doras neamhleora ag roinnt údarás clárúcháin d'fhonn an fhaisnéis riachtanach a fháil

(Oireachtas, 2008, lgh.7-9)

Sa bhreis ar fhreagrachtaí clárúcháin, déantar foráil in alt 28 den Acht Toghcháin 1992 go ndéanfaidh gach údarás áitiúil, gach deich mbliana ar a laghad, scéim lena ndéantar an contae nó cathair a roinnt i gceantair vótála chun críocha thoghcháin na Dála, thoghcháin Pharlaimint na hEorpa agus thoghcháin áitiúla agus lena gceaptar áit vótála go gach ceantar vótála. Déantar é sin tar éis comhairliúchán a dhéanamh

⁷ In 2013 laghdaíodh líon na n-údarás clárúcháin ó 34 go 31 mar thoradh ar shocruithe chun Comhairlí Contae Thiobraid Arann Thuaidh agus Theas agus Comhairlí Contae agus Cathrach i Luimneach agus i bPort Láirge a chumas. Déantar foráil in Alt 19 den Acht um Thoghchán, Rialtas Áitiúil agus Pleanáil agus Forbairt, 2013 d'údarás clárúcháin aonair i ngach ceann de na limistéir chomhairle chumasctha.

leis an gceann comhairimh do thoghcháin na Dála, agus i gcomhréir leis na rialacháin a dhéanann an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Is é an buiséad iomlán thar údaráis áitiúla uile faoin gceannteideal ‘Toghchóras’ do 2014 ná €10,100,930. Déantar sin a roinnt ina thrí ghné: Clár na dToghthóirí, Toghcháin Áitiúla agus Costais Tacaíochta Seirbhísí. Is ionann an ceannteideal deireanach sin agus cionroinnt na bhforchostas as seirbhísí a sholáthraítear go lárnach ón údarás áitiúil chun tacú le gníomhaíochtaí toghchórais, agus baineann an ceann is suntasaí acu le clár na dtoghthóirí. Ba bhliain toghcháin í 2014 agus dá bhrí sin bhí na costais faoin gceannteideal ‘Toghcháin Áitiúla’ de thimpeall ar €2.678m níos airde ná go mbeadh siad de ghnáth. In 2013 nuair nach raibh toghcháin ann measadh na costais choibhéiseacha faoin gceannteideal sin ag €0.76m.

Tábla 3 – Costais Bhuiséadaithe Iomlána na nÚdarás Áitiúil as Gníomhaíochtaí Toghchórais - 2014⁸

	Clár na dToghthóirí	Toghcháin Áitiúla	Tacaíocht do Sheirbhísí	Iomlán
Costas	€4,846,821	€2,678,317	€2,575,792	€10,100,930

(RCPRA, 2014b)

Tá miondealú de na figiúirí thuas faoi údarás áitiúil aonair san áireamh leis an tábla in Agusín 2.

Is i saincheist le haghaidh machnaimh agus coimisiún toghcháin á bhunú an méid agus a dhéanadh sé freagrachtaí reatha na n-údarás áitiúil a chomhchuimsiú agus na riachtanais airgeadais agus riachtanais eile a thiocthadh chun cinn maidir le feidhmeanna a bhaineann leis an toghchóras a dhéanadh na húdaráis áitiúla fós. Is é príomhphointe cinntitheach a bheadh ann ná méid na rannpháirtíochta, más ann di, de na húdaráis áitiúla in ullmhúchán chlár na dtoghthóirí. Tá freagrachtaí eile ann freisin ón dteastaíonn machnamh.

Faoi láthair eagraíonn gach údarás áitiúil faoi seach na toghcháin áitiúla. Is iad na húdaráis áitiúla a dhéanann rialáil an chaiteachais ar thoghcháin agus deontas ar leibhéal áitiúil a mhaoirsiú freisin. Tá an tsaincheist maidir le cé acu ar cheart nó nár cheart do choimisiún toghcháin na freagrachtaí sin a ghlacadh ina saincheist le haghaidh machnaimh. Bheadh sé riachtanach chun a chinneadh freisin dá mbeadh ról fós ag na húdaráis áitiúla maidir le scéim na gceantar vótála a ullmhú, mar a dhéanann siad faoi láthair agus a gcuid eolais shainiúil ar na ceantair áitiúla á úsáid.

⁸ Sa bhreis ar shonraí maidir le costais le haghaidh na gcomhairlí contae, cathrach agus contae agus cathrach, áirítear faisnéis sa tábla le haghaidh comhairlí buirge agus baile. Is iad na costais iomlána chomhcheangailte le haghaidh na gcomhlachtaí sin faoi na ceanteidil faoi seach mar a leanas: Clár na dToghthóirí €7,500, Toghcháin Áitiúla €126,452, Tacaíocht do Sheirbhísí €13,387.

An 1 Meitheamh 2014 comhchuimsíodh feidhmeanna na gcomhairlí buirge agus baile sna 31 chomhairle contae, cathrach agus contae agus cathrach arna sonrú san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014.

2.4. Teorannú teorainneacha

Tá forálacha d'athbhreithniú ar thoghcheantair na Dála agus Pharlaimint na hEorpa san áireamh le Cuid II den Acht Toghcháin 1997. Is Coimisiún um Thoghcheantair atá neamhspleách a dhéanann an tasc sin agus leagtar amach a chuid téarmaí tagartha agus a bhallraíocht in alt 6 agus in alt 7 den Acht sin. Ní foláir nó go mbíonn an Cathaoirleach ina b(h)reitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí nó na Cúirte Achomhairc nó na hArd-Chúirte. Cuimsítear leis na comhaltaí eile an tOmbudsman, Ard-Rúnaí RCPRA, Cléireach na Dála agus Cléireach an tSeanaid. Déantar foráil in Alt 11 den Acht go gcuirfidh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil foireann agus a leithéid de sheirbhísí ar fáil a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ar an gCoimisiún. De ghnáth soláthraíonn oifigigh ó Rannóg Toghchórais na Roinne an Rúnaíocht don Choimisiún um Thoghcheantair. Déantar foráil bhreise in Alt 11 den Acht go soláthróidh an Príomh-Oifig Staidrimh agus Suirbhéireacht Ordanáis Éireann a leithéid de chúnamh don Choimisiún um Thoghcheantair saor in aisce a d'fhéadfadh a bheith de dhíth go réasúnta chun a chuid feidhmeanna a chur chun feidhme.

Idir 1979 agus 1997, nuair a rinneadh na forálacha reatha a achtú, rinne sraith de Choimisiúin neamhspleácha ad hoc an tasc den athbhreithniú ar theorainneacha thoghcháin na Dála. Sa tréimhse roimh 1979, bhí athbhreithnithe teorainneacha ina n-ábhair an-chonspóideacha agus líomhaintí ann go raibh siad faoi réir ag mí-ionramháil pholaitiúil (Coakley, 2007).

Bunaíodh an Coimisiún um Thoghcheantair is déanaí le hordú a rinne an tAire i mí Iúil 2011 faoin Acht Toghcháin 1997. Ar aon dul leis na hoibleagáidí reachtúla dá chuid, chuir sá a chuid oibre faoi bhráid Cheann Comhairle Dháil Éireann i mí Mheithimh 2012. Tá na costais a bhaineann lena chuid oibre leagtha amach i dTábla 4 thíos agus corpraítear iad sin sna costais fhoriomlán a bhaineann leis an Rannóg Toghchórais le haghaidh 2011 agus 2012 i dTábla 1. Agus an coinbhinsiún bunaithe á leanúint maidir lena leithéid de thuarascálacha, ghlac an Rialtais le moltaí an Choimisiúin ina n-iomláine agus rinneadh iad a achtú tríd an Acht Toghcháin (Leasú) (Toghcheantair na Dála) 2013.

Tábla 4 – Costais an Choimisiúin um Thoghcheantair 2011/2012

Costais iomlána (gan foireann san áireamh)	€45,668
--	---------

(RCPRA, 2013a)

Déantar foráil sna hAchtanna Rialtais Áitiúil gur féidir leis an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil contae, cathair nó cathair agus contae a roinnt ina dtoghcheantair áitiúla, agus gur féidir leis an Aire líon na gcomhaltaí a shocrú atá le toghadh do gach ceann de na ceantair sin. Sula ndéanann an tAire sin, ní mór don

Aire coiste teorainneacha a iarraidh chun tuarascáil a ullmhú. Foilsítear an tuarascáil agus ní mór don Aire aird a thabhairt ar na moltaí a bhíonn ann. Ní foláir nó go mbíonn an coiste neamhspleách maidir le feidhmiú a chuid dualgas.

Cosúil leis na socruithe atá infheidhme maidir le hathbhreithnithe ar theorainneacha thoghcheantair na Dála, déantar foráil san Acht Rialtais Áitiúil go gcuirfidh an tAire foireann agus seirbhísí ar fáil do choiste um theorainneacha toghcheantar áitiúil. Ceapadh an coiste is déanaí i mí na Samhna 2012 agus chuir sé an tuarascáil dá chuid faoi bhráid an Aire i mBealtaine 2013. Tá na costais a bhaineann leis leagtha amach i dTábla 5 thíos agus corpraítear iad freisin sna costais fhoriomlána a bhaineann leis an Rannóg Toghchórais le haghaidh 2012 agus 2013 i dTábla 1. Sholáthair oifigigh ó Rannóga Toghchórais agus Rialtais Áitiúil na Roinne an Rúnaíocht. Ceapann an tAire comhaltaí don choiste agus níl an bhallaíocht forordaithe mar atá i dtaca le Coimisiúin um Thoghcheantair na Dála⁹. Ar aon dul leis an gcoimbhinsiún bunaithe, ghlac an tAire leis na moltaí sa tuarascáil 2013 ina n-iomláine (RCPRA, 2013b) agus sonraíodh na toghcheantair áitiúla nua i sraith d'Ionstraimí Reachtúla a rinneadh i mí Eanáir 2014.

Tábla 5 – Costais an Choiste um Theorainneacha Toghcheantar Áitiúil 2012/2013

Costais iomlána (gan foireann san áireamh)	€56,274
--	---------

(RCPRA, 2013a)

Is í ceist a thagann chun cinn ná cé acu an ndéanfadh nó nach ndéanfadh coimisiún toghcháin athbhreithniú ar theorainneacha é féin, nó mar mhalairt air sin, go dtacódh sé leis na socruithe neamhspleácha reatha tríd an ról a fheidhmíonn RCPRA a ghlacadh air féin. Dá bhrí sin is í saincheist le haghaidh machnaimh ná cé acu ar cheart nó nár cheart na freagrachtaí as an rúnaíocht agus tacaíocht riaracháin eile a sholáthar don Choimisiún um Thoghcheantair agus an Coiste um Theorainneacha Toghcheantar Áitiúil araon a shannadh don choimisiún toghcháin.

2.5. Maoiniú agus caiteachas polaitiúil

Is é an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí (CCOP) a dhéanann maoirseacht ar rialáil ar mhaoiniú polaitiúil agus ar chaiteachas sna toghcháin ag toghcháin na Dála, an tSeanaid, Pharlaimint na hEorpa agus Uachtaránachta. Is comhlacht neamhspleách an Coimisiún a bunaíodh faoin dlí faoin Acht um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2001. Tá ról mhaoirseachta aige faoi thrí phíosa reachtaíochta ar leith. San áireamh leis na feidhmeanna dá chuid tá maoirseacht ar nochtadh leasanna agus ar

⁹ Cuimsíodh leis an gcoiste is déanaí ard-rúnaí roinn an rialtais ar scor, oifigeach sinsearach rialtais áitiúil ar scor, státseirbhíseach sinsearach ar scor, acadóir sinsearach agus príomhoifigeach feidhmiúcháin eagraíochta neamhrialtasáí.

chomhlíonadh na riachtanas imréitigh cánach faoi na hAchtanna um Eitic, ar nochtadh síntiús agus caiteachais thoghcháin faoin Acht Toghcháin 1997 agus caitheamh an mhaoinithe stáit a fhaigheann grúpaí parlaiminteacha faoi Achtanna an Oireachtais (Oifigí Aireachta agus Parlaiminteacha) agus ag páirtithe polaitiúla faoi Chuid 3 den Acht Toghcháin 1997 (CCOP, 2014a).

Tá iar-Bhreitheamh na hArd-Chúirte mar chathaoirleach an Choimisiúin agus cuimsítear lena bhallraíocht, atá forordaithe faoin dlí¹⁰, an tOmbudsman, an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, Cléireach na Dála, Cléireach an tSeanaid agus iar-chomhalta an Oireachtais. Tá an chumhacht ag an gCoimisiún treoirilínte a eisiúint atá ina gceangal dlí agus chun comhairle a sholáthar maidir le comhlíonadh forálacha atá san áireamh leis na hAchtanna Toghcháin¹¹.

Soláthraíonn Oifig an Ombudsman rúnaíocht CCOP ag na hoifigí dá cuid i mBaile Átha Cliath, ina bhfuil Oifig an Choimisinéara Faisnéise, Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil agus an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí freisin. B'ionann caiteachas CCOP in 2013 agus €1,173,000, lenar áiríodh costais foirne agus forchostais. Déantar foráil don chaiteachas sin i Vóta Oifig an Ombudsman. Tá na costais le haghaidh 2011 agus 2013 leagtha amach sa tábla thíos.

Tábla 6 – Caiteachas an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí 2011 go 2013

2011	2012	2013
€861,000	€870,000	€1,173,000

(CCOP, 2012, lch.61; 2014a, lch.63).

Moladh i dtuarascáil Institiúid Geary gur cheart na feidhmeanna CCOP faoi na hAchtanna Toghcháin a scaradh ó na feidhmeanna dá chuid faoi reachtaíocht um Eitic agus um Chaighdeán. Aistrefar na feidhmeanna tosaigh chuig an gcoimisiún toghcháin, in éineacht le méid iomchuí d'aistriú pearsanra agus sócmhainní (Sinnott et al, 2008, lch. 30) San áireamh leis an Ráiteas um Thosaíochtaí an Rialtais 2014-2016 tá tiomantas chun reachtaíocht a fhoilsiú d'fhonn riachtanais um eitic áitiúil agus náisiúnta a chomhdhlúthú (Roinn an Taoisigh, 2014, lch.8). Tá sé sin ábhartha do phlé le saincheisteanna beartais a thagann chun cinn le freagrachtaí CCOP faoi na hAchtanna um Eitic dá ndéanfaí na feidhmeanna reatha dá chuid faoi na hAchtanna Toghcháin a chorprú i gcoimisiún toghcháin nua.

Tá rialacha maidir le maoiniú polaitiúil agus caiteachas toghcháin ag toghcháin áitiúla agus do chomhaltaí údarás áitiúil leagtha amach san Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999. Is é an t-údarás áitiúil i ngach ceantar faoi seach atá freagrach as na rialacha sin a fhorfheidhmiú. Eisionn Rannóg

¹⁰ Déantar foráil do Bhallraíocht an Choimisiúin in alt 21 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995. Beidh an Cathaoirleach ina b(h)reitheamh, nó ina (h)iar-bhreitheamh, de chuid na Cúirte Uachtaraí, nó na Cúirte Achomhairc nó na hArd-Chúirte.

¹¹ Faoi alt 4(6) den Acht Toghcháin 1997.

Toghchóras RCPRA treoracha agus comhairle maidir leis an ról sin a fheidhmiú. Is í saincheist le haghaidh machnamh ná cé acu an mbeadh nó nach mbeadh ról maoirseacht ag coimisiún toghcháin maidir le hobair na n-údarás áitiúil i bhfeidhmú na bhforálacha sin, agus cé acu an nglacfadh nó nach nglacfadh coimisiún toghcháin leis na feidhmeanna a fheidhmíonn an Rannóg Toghchórais faoi láthair.

2.6. Clárú na bpáirtithe polaitiúla

Déantar foráil in Alt 25(1) den Acht Toghcháin 1992 go mbeidh an oifig de ‘Chláraitheoir na bPáirtithe Polaitiúla’ ag Cléireach na Dála. Le bheith cláraithe, ní mór do pháirtí na critéir a chomhlíonadh atá leagtha amach faoi alt 25(4) d’Acht 1992 maidir le ballraíocht, eagrúchán agus struchtúr dá chuid. Déantar na costais sin a thagann chun cinn as comhlíonadh na bhfreagrachtaí sin a iompar trí bhuiséad riaracháin Choimisiún Thithe an Oireachtais mar chuid de fhreagrachtaí an Chléirigh.

Rinneadh foráil ar dtús do chlárú na bpáirtithe polaitiúla faoin Acht Toghcháin 1963 chun críocha an cur síos ar pháirtithe polaitiúla ar pháipéir bhallóide a rialáil ag toghcháin rialtais áitiúil agus na Dála (Sinnott et al, 2008 lch. 9).

Moladh i dtuarascáil Institiúid Geary gur cheart go mbeadh clárú na bpáirtithe polaitiúla ina fhreagracht de chuid coimisiúin toghcháin (ibid lch. 68). Ní mór machnamh a dhéanamh air sin agus feidhmeanna á sannadh don chomhlacht nua.

2.7. An Coimisiún Reifrinn

Déantar forail in Acht an Reifrinn 1998, mar a leasaíodh le hAcht an Reifrinn 2001, go mbunaítear Coimisiún Reifrinn nuair nach mór reifrinn a eagrú. Is é an cuspóir atá aige “chun ábhar mholtaí an reifrinn a mhíniú, chun feasacht a chur chun cinn i measc an phobail faoin reifreann agus chun na toghthóirí a spreagadh chun vótáil ag an reifreann” (An Coimisiún Reifrinn, 2014). Cosúil leis an gCoimisiún um Thoghcheantair, tar éis dó a chuid feidhmeanna a chur chun feidhme díscaoiltear é. Ní mór do Choimisiún Reifrinn tuairisciú don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil laistigh de 6 mhí tar éis an reifrinn agus ansin díscaoiltear é tar éis mhí amháin ó chuirtear an tuarascáil sin isteach¹².

In Alt 2 d’Acht an Reifrinn 1998 leagtar amach na forálacha ballraíochta maidir le Coimisiún Reifrinn. Ní foláir nó go mbíonn an Cathaoirleach ina (h)iar-bhreitheamh de chuid na Cúirte Uachtaraí nó na Cúirte Achomhairc nó na hArd-Chúirte, nó ina b(h)reitheamh de chuid na hArd-Chúirte. Is iad na gnáth-chomhaltaí an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, an tOmbudsman, Cléireach na Dála agus Cléireach an tSeanaid. Déantar foráil in alt 2(3) d’Acht 1998 go mbeidh an Coimisiún neamhspleách maidir le feidhmiú a chuid feidhmeanna. Déantar foráil in alt 2(13) den Acht go gcuirfidh an tAire Airgeadais saoráidí agus seirbhísí atá réasúnta ar fáil don Choimisiún (lena n-áirítear seirbhísí cléireachais, rúnaíochta agus

¹² Alt 14 d’Acht an Reifrinn 1998

feidhmiúcháin). I gcleachtas, is é an Oifig um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí a sholáthraíonn an rúnaíocht agus soláthraíonn Oifig an Ombudsman na saoráidí riachtanacha (An Coimisiún Reifrinn, 2013b, lch.20).

Tá costais oibriúcháin an Choimisiúin Reifrinn ag reifrinn le déanaí leagtha amach sa tábla a leanas. Déantar na costais sin a iompar ó Vótaí na Ranna Rialtais a dhéanann urraíocht ar na reifrinn. Tagann an fhaisnéis faoi chostais ó na tuarascálacha faoi seach arna n-ullmhú ag gach ceann de na Coimisiúin Reifrinn le déanaí.

Tábla 7 – Costais na gCoimisiún Reifrinn

Reifreann	Bliain	Costas
Díothú an tSeanaid/ Cúirt Achomhairc	2013	€2.386m
Leanaí	2012	€1.706m
An Conradh Eorpach um Chobhsaíocht Fhioscach	2012	€2.053m

(An Coimisiún Reifrinn, 2012; 2013a; 2013b)

Don chuid is mó is costais aon-uair atá sna costais sin a bhaineann le comhlíonadh údarás an Choimisiúin agus san áireamh leo tá caiteachas ar fhógraíocht, ar phriontáil, ar dhearadh, ar fhoilseacháin agus ar ghníomhaíochtaí feasachta. Moladh i dtuarascálacha na gCoimisiún Reifrinn faoi seach arna gcur faoi bhráid an Aire tar éis na reifreann uile sin go ndéanfaí comhlacht neamhspleách buan a bhunú, amhail coimisiún reifrinn. Sonraíodh an méid a leanas sa tuarascáil is déanaí arna hullmhú tar éis na reifreann ar Dhíothú an tSeanaid agus ar Chúirt Achomhairc a bhunú:

Mhol Coimisiún roimhe seo stádas dlíthiúil don choimisiún reifrinn agus tacaíonn an Coimisiún seo leis an moladh sin. Thabharfadh sé sin leanúnachas don choimisiún agus go hionchasach chumasófaí ullmhúchán agus pleanáil ag tráth níos luaithe. Aithníonn an Coimisiún go mbeadh athrú reachtaíochta de dhíth mar gheall ar an moladh sin. (2013b, lgh. 21-22)

Is ábhar machnaimh a thagann chun cinn ná sannadh fhreagrachtaí an Choimisiúin Reifrinn do choimisiún toghcháin buan. Dá dtarlódh sé sin b'fhachtóir riachtanach maidir leis sin ná chun a áirithiú go mbeadh an bhainistíocht iomchuí ann agus go n-úsáidfí acmhainní ar bhonn táirgiúil le haghaidh dualgais eile idir na reifrinn.

2.8. An costas a bhaineann le toghcháin agus reifrinn a reáchtáil

Don chuid is mó déantar na costais a bhaineann le toghcháin agus reifrinn a reáchtáil a iompar ón gCiste Lárnach, Ós rud é go mbaineann sé sin le hacmhainní lóistíochtúla a shlógadh d'fhonn timpeall ar 3.1 milliún daoine ar fud an Stáit a

chumasú vótáil ag 5,689 stáisiún vótála i 43 thoghcheantar¹³ agus le comhaireamh na vótaí a bhíonn ina dtoradh air sin, d'fhéadfadh na costais a bheith go measartha suntasach.

Tábla 8 – Costais Olltoghchán agus na dToghchán Uachtaránachta 2011

Speansais	Olltoghchán 2011	Toghchán Uachtaránachta 2011
An vótáil a eagrú agus na vótaí a chomhaireamh – cinn chomhairimh	€12,282,186.25	€16,465,511.19
Priontáil – Oifig na nOibreacha Poiblí	€593,768.72	€945,749.45
Cártaí vótála a sheachadadh agus ballóidí poist - An Post	€1,751,229.24	€1,794,849.60
Cumarsáidí toghcháin saor in aisce a sheachadadh thar ceann iarrthóirí agus páirtithe – An Post ¹⁴	€11,606,616.72	€10,245,459.36
Speansais thoghcháin na n-iarrthóirí a aisíoc ¹⁵	€2,842,806.64	€600,000
Iomlán:	€29,076,607.57	€30,051,569.60

(Dáil Éireann, 2012a; RCPA, 2014)

San áireamh leis na costais a bhaineann leis an Toghchán Uachtaránachta in 2011 tá na costais a bhaineann le corrtoghchán agus dhá reifreann a eagrú ar an lá céanna, ach ní chorpraítear leo costais an Choimisiúin Reifrinn atá leagtha amach i dTábla 7. Eagraíodh an dá reifreann is déanaí ar an lá céanna i nDeireadh Fómhair 2013 agus bhain siad le Díothú an tSeanaid agus le Cúirt Achomhairc a bhunú. Bá é

¹³ Líon na stáisiún vótála ag na reifrinn i nDeireadh Fómhair 2013.

¹⁴ Is féidir le hiarrthóirí ag toghcháin na Dála, Uachtaránachta, Pharlaimint na hEorpa agus an tSeanaid (suíocháin ollscoile) earra poist a sheoladh saor in aisce chuig gach duine ar chlár na dtoghthóirí sa toghcheantar dá gcuid. Iompraíonn an Stát na costais phoist. Tá na forálacha sin leagtha amach in alt 57 d'Acht an Toghcháin 1992, in alt 32 den Acht um Thoghcháin Uachtaránachta 1993, in alt 22 den Acht um Thoghcháin Parlaimint na hEorpa 1997 agus in alt 78 d'Acht an Toghcháin 1997. Do thoghcháin Parlaimint na hEorpa in 2014 seoladh earraí toghcháin chuig gach teaghais agus bhí coigilteas ar chostais ina thoradh air sin.

¹⁵ Is féidir le hiarrthóirí ag toghcháin na Dála, Uachtaránachta nó Parlaimint na hEorpa a fhaigheann aon cheathrú ar a laghad de chuóta na vótaí aisíocaíocht a éileamh maidir le speansais an fheachtais thoghcháin suas le huasmhéid €8,700 (toghchán na Dála), €38,092 (toghchán Parlaimint na hEorpa) agus €200,000 (toghchán Uachtaránachta) Tá na forálacha sin leagtha amach in alt 21 agus in alt 21a d'Acht an Toghcháin 1997.

an Reifreann um Leanaí i Samhain 2012 an reifreann aonair is déanaí. Tá na costais a bhaineann leo leagtha amach i dTábla 9 thíos.

Tábla 9 – Costais na Reifreann

Speansais	An Reifreann um Leanaí - 2012	Díothú an tSeanaid agus Cúirt Achomhairc - 2013
An vótáil a eagrú agus na vótaí a chomhaireamh – cinn chomhairimh	€9,236,856	€10,009,063
An Iárionad comhairimh náisiúnta - Ceann Comhairimh an Reifrinn	€60,000	€57,959
Priontáil agus trealamh - Oifig na nOibreacha Poiblí	€342,696	€378,168
Cártaí vótála agus ballóidí poist a sheachadadh lena gcorpraíodh an Ráiteas Faisnéise do Vótálaithe - An Post	€1,496,183	€1,447,984
Iomlán	€11,135,735	€11,893,174

(RCPA, 2014)

Nóta: Níl costais an Choimisiúin Reifrinn san áireamh leis na speansais thuas atá leagtha amach i dTábla 7

Bhí an dá thoghchán is déanaí do Pharlaimint na hEorpa agus d'údarais áitiúla ar siúl i Meitheamh 2009 agus i mBealtaine 2014. I ngach cás eagraíodh toghchán Pharlaimint na hEorpa agus toghchán na n-údarás áitiúil ar an lá céanna. Níl na costais le haghaidh na dtoghchán in 2014 ar fáil go fóill. Tá na costais le haghaidh na dtoghchán in 2009 leagtha amach sa tábla thíos. Eagraíodh dá chorrthoghchán ar an lá céanna freisin.

Tábla 10 – Costais na dToghchán Áitiúil/Thoghcháin Pharlaimint na hEorpa 2009

Speansais	Costas
An vótáil a eagrú do thoghchán Pharlaimint na hEorpa agus do thoghchán na n-údarás áitiúil agus na vótaí a chomhaireamh ag toghchán Pharlaimint na hEorpa – Cinn Chomhairimh	€16,475,191.84
Priontáil – Oifig na nOibreacha Poiblí	€508,748.48
Cártaí vótála agus ballóidí poist a sheachadadh – An Post	€1,795,566.53
Cumarsáidí toghcháin saor in aisce a sheachadadh thar ceann iarrthóirí agus páirtithe – an Post	€11,521,187.82
Corrthoghchán Bhaile Átha Cliath Láir – próiseas ainmniúcháin, an comhaireamh – Ceann Comhairimh	€156,141.18
Corrthoghchán Bhaile Átha Cliath Theas - próiseas ainmniúcháin, an comhaireamh – Ceann Comhairimh	€212,136.84
Iomlán	€30,668,972.69

(RCPA, 2014)

3. Rialachas, dearadh institiúideach agus cuntasacht maidir le gníomhaireachtaí agus comhlachtaí bainistíochta toghcháin nua a chruthú

3.1 Forbhreathnú ar rialachas toghcháin agus ar shaincheisteanna a bhaineann le comhlachtaí poiblí nua a chruthú

Sa chuid seo leagtar amach forbhreathnú ar na saincheisteanna a bhfuil machnamh le déanamh orthu maidir le coimisiún reifrinn a bhunú agus déantar scrúdú ar phrionsabail dea-rialachais i gcomhlachtaí poiblí lena bhfuiltear ina ann an tasc sin a threorú. Difríonn imthosca na n-athchóirithe atá molta rud beag uathu siúd a bhíonn ann go minic nuair a bhíonn struchtúir coimisiúin toghcháin ina n-ábhar de dhíospóireacht ar bheartas. Bíonn cineál de pharadacs ann sa mhéid agus go dtarraingíonn rialachas toghchán aird thromchúiseach ní nuair a fheidhmítear go maith é ar bhonn gnáthaimh ach nuair a eascraíonn fadhbanna (Elklit agus Reynolds, 2005). Tugtar na deiseanna agus na dúshláin araon chun suntais leis an mbarúil sin maidir le comhlacht nua a bhunú.

Baineann méid ard dlisteanachta le toghchóras na hÉireann i measc saoránach agus iad siúd atá bainteach leis an bpolaitíocht. Tuairiscíodh sa chuairt mhonatóireachta ag an Eagraíocht um Shlándaíl agus Comhar san Eoraip roimh olltoghchán 2011 an méid a leanas: “tá ardleibhéal iontaoibh i measc na bpáirtithe leasmhara uile sa phróiseas toghcháin agus i riarachán toghcháin” (ESCE/ODIHR [An Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine], 2011, lch.3). D’ainneoin na barúla sin, moladh go ndéanfaí machnamh ar choimisiún toghcháin buan a bhunú in Éirinn.

Go hionchasach, d’fhéadfaí an t-am agus an spás a sholáthar tríd an easnamh conspóide faoi láthair maidir leis na struchtúir reatha atá riachtanach chun machnamh a dhéanamh ar thacar nua socruithe rialachais comhaontaithe agus chun iad a chur i bhfeidhm atá oiriúnach ar an dóigh is iomchuí do ghnéithe sainiúla toghchóras na hÉireann. Cé gur deis é sin, tá dúshlán ann freisin chun iarracht a dhéanamh na struchtúir reatha a fheabhsú, agus ag an am céanna gan bheith ag baint an boinn de na ghnéithe atá éifeachtach agus lena mbaineann ardleibhéal creidiúnachta agus tacaíochta i measc an phobail.

Mar gheall ar nádúr toghchán, ba cheart go mbeadh torthaí orthu nach féidir a thuar. I dtoghchán saor agus cothrom níor cheart go mbeadh an toradh ar eol do chách roimh ré. Bíonn paradacs ann nuair a theastaíonn cinnteacht nós imeachta ar thaobh an chomhlachta a bhfuil mar shainchúram aige an toghchán a riar mar gheall ar an neamhchinnteacht toghcháin substainteach sin. Breathnaíodh gurb é “an paradacs sin lena sainítear tasc lárnach an rialachais toghcháin: neamhchinnteacht

toghcháin a eagrú trí chinnteacht institiúideach a sholáthar” (Mozaffar agus Schedler, 2002, lch.11).

De réir na fianaise is léir go mbaineann tábhacht le dearadh na struchtúr eagraíochta agus na socruithe rialachais maidir le comhlachtaí poiblí a chruthú. Is cineál sainiúil de chomhlacht poiblí coimisiún toghcháin agus dá réir sin is féidir le dearadh na struchtúr dá chuid an t-ionchas chun gníomhú go héifeachtach a fheabhsú. Ach go minic ní bhíonn comhdhearcadh polaitiúil ann, áfach, maidir le heagrúchán optamach tascanna rialtasacha agus ní dhócha gur féidir struchtúr ‘ceart’ sainiúil de riarachán poiblí a aimsiú (Mac Carthaigh, 2012, lch. 129). Ina dhiaidh sin is uile baineann tábhacht le dearadh institiúideach maidir le comhlachtaí poiblí nua a chruthú agus is féidir an dóchúlacht a fheabhsú leis go mbainfidh siad a n-aidhmeanna amach agus go bhfeidhmeoidh siad go maith (Gill, 2002).

Is í comhairle Laking (2002) gur cheart do rialtas cinneadh a dhéanamh faoi chruthú gníomhaireachta nua agus é bunaithe ar rannchuidiú na heagraíochta le prionsabail ghinearálta an dea-rialachais san earnáil phoiblí. Molann sé gur cheart go mbeadh cuspóir an chomhlachta soiléir agus gur cheart tairbhí na heagraíochta a shainiú i gceann amháin nó níos mó de na tacair critéar a leanas:

- *barainneacht, éifeachtúlacht nó éifeachtacht fheabhsaithe trí speisialú feidhme;*
- *creidiúnacht fheabhsaithe i measc an phobail maidir le hoibriúcháin an rialtais trí neamhchlaontacht nó dlísteanacht fheabhsaithe i dtaca le cinnteoireacht agus oibriúcháin. (2002, lch. 274).*

Is bailí an dá chuspóir sin maidir le coimisiún toghcháin a bhunú. Ach tagann breithnithe éagsúla chun cinn, áfach, mar gheall ar shaincheisteanna barainneachta agus éifeachtúlachta ar thaobh amháin, agus saincheisteanna creidiúnachta agus dlísteanachta ar an taobh eile. Seo an cás go háirithe maidir le caidrimh chuntasachta atá ina ngné ríthábhachtach i rialachas seachtrach comhlachtaí poiblí agus maidir leis an maoirseacht orthu ag ionadaithe tofa agus ag saoránaigh. Léiríonn Mayer an tsaincheist ríthábhachtach maidir le struchtúir coimisiúin thoghcháin a dhearadh mar “conas neodracht a chothromú leis an ngá le cuntasacht ar an dóigh is fearr” (2003, lch. 3). Sainithníodh breithnithe cosúla maidir le socruithe rialachais chorparáidigh a dhearadh do ghníomhaireachtaí, nuair a bhí dúshlán príomhúil ann an chothromaíocht cheart a aimsiú idir cuntasacht, neamhspleáchas, follasacht agus bainistíocht feidhmíochta (ECFE, 2002).

3.2 Eiseamláirí de rialachas toghcháin

Le fiche nó tríocha bliain le déanaí forbraíodh réimse um eiseamláirí rialachais a úsáidtear i riarachán agus i rialachas na bpróiseas toghcháin mar réimse spéise ar leith. Go bunúsach, sainítear an téarma ‘rialachas toghcháin’ mar thacar

gníomhaíochtaí gaolmhara lena mbaineann déanamh rialacha, cur i bhfeidhm rialacha agus breithniú rialacha agus is ionann é agus “an tacar níos leithne gníomhaíochtaí lena ndéantar an creat institiúideach leathan a chruthú agus a chothabháil ina dtarlaíonn iomaíocht thoghcháin agus vótáil” (Mozaffar agus Schedler, 2002, lch.7).

Úsáidtear an téarma cineálach ‘comhlacht bainistíochta toghcháin’ chun cur síos ar struchtúr eagraíochta lena riartar toghcháin agus gníomhaíochtaí gaolmhara. Chun gnéithe comhdhéanaimh comhlachta dá leithéid a shainiú d’idirdealaigh an Institiúid Idirnáisiúnta um Dhaonlathas agus um Chúnadh Toghchánach idir na gníomhaíochtaí ar a gcuirtear síos mar ‘phríomhghníomhaíochtaí’ agus gníomhaíochtaí ‘eile’. Léirítear ‘príomhghníomhaíochtaí’ mar:

- incháilitheacht chun vótáil a chinntiú;
- ainmniúcháin a ghlacadh agus a bhailíochtú;
- vótáil a eagrú, agus
- vótaí a chomhaireamh/a shuimiú.

Liostaítear gníomhaíochtaí ‘eile’ mar:

- beartais toghcháin a dhéanamh;
- pleanáil;
- oiliúint;
- faisnéis do vótálaithe;
- teorainneacha toghcháin a theorannú;
- lóistíocht toghcháin;
- clár na dtoghthóirí;
- páirtithe polaitiúla a chlárú;
- maoiniú polaitiúil a rialáil;
- roghnú iarrthóirí na bpáirtithe;
- iompar an toghcháin a rialáil;
- na meáin a rialáil le linn na bhfeachtas;
- pobalbhreitheanna a rialáil;
- breathnóirí a oiliúint agus a chreidiúnú;
- torthaí a fhógairt agus a fhíordheimhniú;
- díospóidí toghcháin a bhreithniú;
- an creat toghcháin a athbhreithniú;
- comhairle a sholáthar maidir le saincheisteanna athchóirithe, agus;
- páirt a ghlacadh i gcúnadh toghcháin thar lear.

(IDEA, 2006, lch.63).

I dtoghchóras na hÉireann feidhmíonn eagraíochtaí rialtasacha agus sealbhóirí post na ‘príomhghníomhaíochtaí’ agus gníomhaíochtaí ‘eile’. Níl cuid acu, mar shampla

rialáil na meán agus pobalbreitheanna, ina gcuid de shainchúram na gcomhlachtaí bainistíochta toghcháin¹⁶.

Úsáidtear trí rangúchán ghinearálta chun cur síos ar chórais rialachais thoghcháin (IDEA, 2006, lgh.7-8). Tá an chéad cheann, an eiseamláir ‘Neamhspleách’, neamhspleách ar bhrainte feidhmiúcháin an rialtais agus is aonad féinrialaitheach é. Cuirtear síos ar an dara ceann mar an eiseamláir ‘Rialtasach’ trína ndéantar toghcháin a bhainistiú trí roinn an rialtais nó trí údarás áitiúla. Cuirtear síos ar an tríú ceann mar an eiseamláir ‘Mheasctha’ ina bhfuil struchtúr déach lena mbaineann comhlacht maoirseachta atá neamhspleách ar an rialtas agus comhlacht feidhmithe atá ina chuid de roinn an rialtais. Meastar go bhfuil Éire laistigh den dara ceann de na rangúcháin sin, agus an eiseamláir ‘Rialtasach’ á húsáid.

Taispeántar le sonraí a bhaineann le rialachas toghcháin i 219 ndlínse go leanann 66.2% an eiseamláir ‘Neamhspleách’, go leanann 20% an eiseamláir ‘Rialtasach’ agus go leanann 10.9% an eiseamláir ‘Mheasctha’ agus tá an 2.9% de na cinn eile lasmuigh de na rangúcháin sin (ACE, 2015)¹⁷.

Ní thugtar le tuiscint leis an eiseamláir ‘Rialtasach’ go bhfuil easpa neamhspleáchais, neamhchlaontachta nó iontaofachta ann agus tá siad le fáil ina lán de na stáit dhaonlathacha sheanbhunaithe, go háirithe in iarthar na hEorpa. Dá bhrí sin tá toghchóras na hÉireann laistigh de na catagóirí céanna ina bhfuil go leor dá piaraí. Cuirtear síos ar chomhlacht bainistíochta toghcháin na hIorua mar chomhlacht “Rialtasach, díláraithe agus iontaofa” (Vollan, 2006). Déantar an tSualainn, ina bhfuil córas díláraithe inti um bainistíocht toghcháin, a chatagóiriú mar “Rialtasach ina fhoirm, ach neamhspleách i gcleachtas” (Gratschew, 2006). Míniúnn Elmendorf go gcuimsíonn neamhspleáchas maidir le riarachán toghcháin dhá ghné de neamhchlaontacht agus de chosaint ó theagmháil le frithbheartaíocht pholaitiúil agus riaracháin (2006, p.428). Ní foláir go gcomhlíonfaí an dá thástáil sin le dearadh institiúideach an choimisiúin nua sula measfaí é le bheith neamhspleách. Bunaithe ar mhaoirseacht idirnáisiúnta ar thoghcháin in Éirinn, léirítear le feidhmíocht an chórais reatha de rialachas toghcháin go mbaineann scór ard leis i dtaca leis na critéir sin. Ní hé sin le rá nach féidir feabhsuithe a dhéanamh ar na socruithe institiúideacha reatha.

¹⁶ Níl ullmhú pobalbreitheanna faoi réir ag rialáil reachtúil, ach tá treoirínte um chaighdeán an tionscail i bhfeidhm – m.sh. ESOMAR – An Cumann Eorpach Um Thaighde Tuairime agus Margaidh (www.esomar.org). Is é an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha atá freagrach as rialáil na meán maidir le toghcháin agus reifrinn ag féachaint don fhreagracht dá chuid as na hAchtanna Craolacháin. Tá Údarás Craolacháin na hÉireann freagrach go reachtúil faoin Acht Craolacháin 2009 as inneachar a rialáil sa chraolachán uile, agus tuairisciú ar thoghcháin san áireamh leis sin (féach www.bai.ie).

¹⁷ Cuireann Lónra um Eolas ar Thoghcháin ACE na sonraí sin le chéile, tionscadal comhoibríoch idir naoi n-eagraíocht: an Institiúid Idirnáisiúnta um Dhaonlathas agus um Chúnamh Toghcháin, an Institiúid Thoghcháin um Dhaonlathas Inbhuanaithe san Afraic, Toghcháin Cheanada, Institiúid Thoghcháin Mheicsiceo, an Foras Idirnáisiúnta um Thoghchórais, Roinn na Náisiún Aontaithe um Ghnóthaí Sóisialta agus Eacnamaíochta, Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe agus Rannóg na Náisiún Aontaithe um Cúnamh Toghcháin. <http://aceproject.org/>

Sula ndéantar foirm eagraíochta a bhreathnú, is í an chomhairle a thugann Gill go mbíonn sé tábhachtach fachtóirí eile a scrúdú lena n-áirítear nádúr na saincheiste bunúsaí faoina bhfuiltear ag tabhairt, rún an bheartais agus idirghabhálacha malartacha chun an rún sin a bhaint amach ar an dóigh is fearr. Mar thúsphointe, molann sé go ndéantar “dearadh maith eagraíochta a fhorbairt ar anailís ón mbun aníos lena n-áirítear an misean criticiúil, srianta, an cultúr agus dreasachtaí” (2002, lch. 33).

Rinneadh roinnt oibre cheana féin chun na saincheisteanna a thioctaidh chun cinn a scrúdú. Mar a sonraíodh roimhe seo, in 2008 rinne an Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, mar a bhí inti ag an am sin, *‘Réamhstaidéar ar Bhunú Coimisiúin Thoghcháin in Éirinn’* a choimisiúnú, arna dhéanamh ag Institiúid Geary, COBÁC.

3.3. Prionsabail an dea-rialachais

Sainíonn Laking ‘dea-rialachas’ mar rud a bhíonn i láthair nuair a ghníomhaíonn rialtais agus na heagraíochtaí dá gcuid go dlisteanach de réir an dlí, nuair a chomhlíonann siad caighdeáin feidhmíochta arna ndearbhú go poiblí agus nuair a bhíonn siad cuntasach do shaoránaigh agus do pháirtithe leasmhara eile i dtéarmaí na gcritéar sin a bhaineann le dlisteanacht agus le caighdeáin feidhmíochta (2002, lch. 269). Is féidir iad a bhreathnú mar chaighdeáin feidhmíochta uileghabhálacha de ‘dhea-rialachas’ a bhíonn le cur i bhfeidhm maidir le heagraíochtaí poiblí go ginearálta agus maidir leis an gcoimisiún toghcháin atá molta.

Ar dhóigh amháin tá an tiomantas chun eagraíocht nua a chruthú i bhfoirm coimisiúin toghcháin i gcoinne na treochta in Éirinn le blianta beaga anuas, nuair a bhí beartas an Rialtais fócasaithe ar ghníomhaireachtaí agus ar chomhlachtaí poiblí a chuíchóiriú. Sna deich mbliain roimhe sin, ó na 1990í ar aghaidh, chonacthas ‘tonn’ de chruthú gníomhaireachtaí (Mac Carthaigh, 2010). Cé go bhfuil sainmhínithe éagsúla ann maidir le cad is ciall le ‘gníomhaireacht’, tá snáithe chomhchoiteann ann trí na gcuirtear béim ar a bhféiniúlacht ar leith agus an caidreamh ar neamhthuilleamaí leis an roinn rialtais thraidisiúnta a rinne na feidhmeanna céanna roimhe sin, b’fhéidir.

Ar bhonn idirnáisiúnta, sainithníodh trí phríomhchuspóir chun míniú a sholáthar do chruthú na gcomhlachtaí dá leithéid (ECFE, 2002). Tagraíonn an chéad cheann don mhian atá ann go fairsing chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht eintitis an rialtais lena mbaineann feidhmeanna speisialaithe a fheabhsú. Tá an dara cúis dírithe ar dhlísteacht agus ar shaineolas maidir le cinnteoireacht a fheabhsú. Cuirtear béim ar chuspóirí polaitiúla leis an tríú ceann, nuair a d’fhéadfaí comhlacht nua a bhunú mar fhreagairt pholaitiúil chun tiomantas do saincheist nó do chúis a léiriú. Is féidir fachtóirí ‘iseamorfacha’, mar a thugtar orthu, a chur leis na cúiseanna sin, nuair a

dhéantar an cleachtas i dtír eile a mhacasamhlú de riachtanas nó de rogha (McGauran et. al, 2005, lch.7).

Is tairbhe amháin a bhaineann leis an eispéireas sin le déanaí in Éirinn agus in áiteanna eile ná gur foghlaimíodh go leor ceachtanna maidir le comhlachtaí de chineál gníomhaireachta a fhorbairt agus maidir le conas is féidir leo cur le cuspóirí beartais poiblí a bhaint amach. Seo an fócas a bhí i gceist le ‘rialachas poiblí dáilte’, réimse staidéir a bhaineann le “leas an phobail a chosaint san éagsúlacht atá ag dul i méid d’fhoirmeacha eagraíochta rialtais” (ECFE, 2002). Bhí láidreachtaí agus laigí na gcomhlachtaí de chineál gníomhaireachta i gcomhthéacs na hÉireann ina n-ábhar scrúdaithe shainiúil i dtuarascáil ECFE 2008, *‘Ireland: Towards an Integrated Public Service’*. B’iad na cáintí sainiúla nach ndearnadh na spriocanna maidir le gníomhaireachtaí a chruthú a shainiú go sainráite agus nach ndearnadh machnamh imleor ar shocruithe rialachais.

Forbraíodh ‘rialachas toghchánach’ mar réimse staidéir sainiúil. Cé gur aithníodh go raibh ganntanas taighde ann roimhe seo maidir le riarachán toghcháin go ginearálta (Alvarez et al, 2006), tháinig roinnt staidéar chun cinn. Breathnaíodh le ceann amháin acu lena ndearnadh iniúchadh sainiúil ar struchtúir coimisiún toghcháin go léirítear go múnlaíonn fachtóirí comhthéacsúla iomadúla próiseas an rialachais thoghcháin, baineann tábhacht le rogha institiúideach agus athruithe sa dearadh (Mozaffar agus Schedler, 2002). Léiríodh dearthaí cosúla maidir le dearadh comhlachtaí poiblí go ginearálta.

3.4. Foirm eagraíochta agus bunú na gcomhlachtaí poiblí nua

Tríd an gceist a chur “cathain an úsáid is fearr a bhaint as foirmeacha eagraíochta éagsúla?”, rangáíonn Gill cineálacha éagsúla na heagraíochta rialtasaí agus leagann sé prionsabail amach ar féidir iad a úsáid chun foirmeacha a shainiúint atá oiriúnach ar an dóigh is iomchuí do chuspóirí beartais polaitiúla, do bhreithnithe polaitiúla agus do riachtanais riaracháin (2002, lch. 28). Déantar idirdhealú idir struchtúr traidisiúnta na roinne, ‘gníomhaireachtaí rannacha’ lena mbaineann méid neamhspleáchais maidir le bainistíocht a rialaítear go díreach, agus gníomhaireachtaí a rialaítear go hindíreach agus a oibríonn ar bhonn níos neamhspleáiche. Úsáideann Gill an dá chaighdeán ‘feidhmíocht’ agus ‘dlisteanacht’ chun na himthosca is iomchuí a mheasúnú le haghaidh foirmeacha eagraíochtaí éagsúla a úsáid.

Mar phrionsabal, molann Gill gur féidir aireacht nó roinn thraidisiúnta a mheas mar an comhlacht is iomchuí nuair a dhéantar tomhas na feidhmíochta deacair mar gheall ar nádúr an taisc agus nuair a theastaíonn maoirseacht aireachta dhíreach chun críocha na dlisteanachta. Mar shampla, luaitear póilíneacht agus cosaint. Ar an taobh eile, is í an ‘ghníomhaireacht rannach’ an comhlacht roghnaithe nuair is féidir

“feidhmíocht a fheabhsú trí fhócas níos fearr agus trí chonrú feidhmíochta níos mó nuair a bhíonn grúpáil fheidhmiúil chomhtháite de thascanna riaracháin ann, lena soláthraítear seirbhísí inbhraite go príomha” (ibid., p.42).

Oibríonn ‘riaracháin dlí phoiblí’, mar a thugann Gill orthu, ar neamhthuilleamaí ó ranna rialtais agus le méid neamhspleáchais. Is iad sin na comhlachtaí is iomchuí nuair is féidir le bord rialachais ceannasaíocht láidir agus monatóireacht éifeachtach a sholáthar agus nuair is féidir dlisteanacht na cinnteoireachta a fheabhsú do ghrúpa feidhmeanna comhtháite.

In Éirinn, sainithníodh trí phríomhchineál d’fhoirmeacha gníomhaireachta agus na lipéid de Chineálacha ‘A’, ‘B’ agus ‘C’ á n-úsáid (MacCarthaigh, 2012). Feictear ‘Cineál A’ mar an cineál clasaiceach lena gcuimsítear gníomhaireacht stáit a oibríonn ar neamhthuilleamaí ó roinn an rialtais dá bhfuil sí cuntasach. Bheadh bord stiúrthóirí i gceist leis an gcuid is mó díobh. Bíonn neamhspleáchas níos lú ag gníomhaireachtaí de ‘Chineál B’ agus feidhmíonn siad feidhmeanna feidhmiúcháin faoi rialú díreach roinne. Tá sé sin níos cosúla le ‘gníomhaireacht rannach’. Tá neamhspleáchas níos mó ag gníomhaireachtaí de ‘Chineál C’, gníomhaireachtaí níos lú, agus cuimsítear comhlachtaí leo amhail na Coimisinéirí Ioncaim, an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí agus Oifig an Ard-Aighne (ibid., lgh.136-137).

Cuireadh síos ar chóras an rialachais thoghcháin mar a oibrítear é in Éirinn faoi láthair i gCuid 2 den pháipéar seo. Tá eiseamláir an choimisiúin thoghcháin níos comhoiriúnaí dá bhfuil curtha síos mar chomhlacht ‘riaracháin dlí phoiblí’. Baineann tréithe leis freisin atá comhsheasmhach leis na gníomhaireachtaí de ‘Chineál A’ agus de ‘Chineál C’ thuas.

Faoi láthair, comhcheanglaítear gnéithe le riarachán toghchánach in Éirinn d’eiseamláir thraidisiúnta an rialachais le feidhmeanna áirithe a chuirtear chun feidhme le méideanna athraitheacha neamhspleáchais ag údaráis áitiúla, i measc grúpaí eile, atá freagrach as clár na dtoghthóirí a choimeád, agus ag cinn chomhairimh a ghníomhaíonn go neamhspleách maidir le freagrachtaí atá forordaithe faoin dlí. Tá comhlachtaí reachtúla ann arna mbunú chun críocha sainiúla i bhfoirm an Choimisiúin um Thoghcheantair (do thoghcheantair na Dála agus Parlaimint na hEorpa), an Coimisiún um Theorainneacha Toghcheantar Áitiúil agus an Coimisiún Reifrinn. A luaithe agus a chuireann siad a gcuid tuarascálacha isteach déantar iad a dhíscaoileadh agus leagtar amach na hamlínte ábhartha chun iad a bhunú agus a oibriú sa dlí. Is comhlacht reachtúil buan, áfach, an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí. Is é Cléireach na Dála an Cláraitheoir le haghaidh Páirtithe Polaitiúla.

Cuirtear taca faoin gcóras iomlán leis an dlí agus luann staidéar Institiúid Geary maidir le coimisiún toghcháin a bhunú seacht nAcht an Oireachtais is fiche ar leith a phléann le socruithe toghcháin (Sinnott et. al., 2008, lch.78). Achtaíodh deich bpíosa eile de reachtaíocht um thoghcháin thosaigh ó foilsíodh an staidéar sin. Áirítear liosta cumaisc den reachtaíocht sin le hAguisín 1. Tá billí toghcháin leasaithe eile beartaithe do 2015¹⁸. Mar gheall ar chruthú coimisiúin toghcháin, agus mar riachtanas ina leith sin, beidh athruithe suntasacha ar an reachtaíocht.

Molann Gill freisin gur féidir foirm eagraíochta a úsáid chun neamhspleáchas a léiriú. Úsáideann Majone (1996) an téarma ‘institiúidí neamhthromlacha’ chun cur síos ar chomhlachtaí de chineál gníomhaireachta lena mbaineann ardleibhéal neamhspleáchais, agus míníonn sé an réasúnaíocht phríomhúil a bhaineann lena gcruthú ná chun creidiúnacht agus comhsheasmhacht a sholáthar thar am i réimsí beartais íogaire. Déanann sé an argóint go dteastaíonn institiúidí atá neamhspleách ar an bpolaitíocht ó stáit dhaonlathacha chomhaimseartha chun luachanna bunreachtúla a chosaint agus chun feidhmeanna níos gnáthúla a fheidhmiú. Bhí na breithnithe sin bunaithe ar na tairbhí ionchasacha ar féidir iad a bhaint as freagracht as tascanna rialála a shannadh do chomhlacht neamhspleách.

Ag féachaint do na breithnithe sin, baineann luach ionchasach le comhlacht reachtúil neamhspleách a bheith ann chun tascanna áirithe um rialachas toghcháin a fheidhmiú, mar a dhéantar faoi láthair ag an gCoimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí agus ag an gCoimisiún Reifrinn agus ag an gCoimisiún um Thoghcheantair. Is í príomhshaincheist chun machnamh a dhéanamh uirthi agus coimisiún toghcháin á bhunú ná cad iad na tascanna eile a dhéanfaí a shannadh agus conas a dhéanfaí an comhlacht a chumrú.

Trí thabhairt faoi shaincheisteanna maidir le foirm eagraíochta agus rialachas, is í an dúnghaois a spreag ECFE ó lár na 1990í ná chun gníomhaireachtaí rialála a bheith ann atá neamhspleách ar roinn rialtais, a oibrítear de réir beartas soiléir agus foireann iontu atá ina saineolaithe (Roness, 2007, lch.69). Thacófaí le nádúr an rialachais toghcháin agus leis an gcuspóir normatach glactha chun é a bhaint as réimsí pholaitíocht an tromlaigh, gur cheart é a chur faoi rialú institiúid neamhspleách amhail coimisiún toghcháin.

3.5. Neamhspleáchas, cuntasacht agus feidhmíocht

Tharlódh tairbhí ionchasacha maidir le neamhspleáchas níos mó trí dhlísteacht, trí fhollasacht agus trí mhúinín an phobail a fheabhsú. Ach sonraíonn Verhoest et al, áfach, nach mbíonn feidhmíocht fheabhsaithe ina toradh ar neamhspleáchas de riachtanas, agus déantar an argóint go bhfuil an caidreamh idir an dá choincheap

¹⁸ Le Clár Reachtaíochta an Rialtais déantar foráil in 2015 d'fhoilsiú Bille um Thoghcháin an tSeanaid (Comhaltaí Ollscoile) (Leasú) chun an ceart vótála ag toghcháin an tSeanaid a leathnú. Sa bhreis air sin, tá tiomantas ann chun Bille um Choimisiún Toghcháin a fhoilsiú in 2015 mar aon le Bille Toghchánach (Leasú) (Caiteachas Reifrinn agus Forálacha Ilghnéitheacha).

http://www.taoiseach.gov.ie/eng/Taoiseach_and_Government/Government_Legislation_Programme/

neamhchonchlúideach (2004). Dá bhrí sin níor cheart a thoirmeachú go mbeidh córas níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí ina thoradh ar neamhspleáchas, per se. Ní bhaineann sé sin ó thábhacht ionchasach an dá chuspóir, ach moltar leis gur cheart plé leo mar bhreithnithe ar leith.

Is saincheist lárnach í agus an comhlacht á bhunú ná conas a léireofar i gcleachtas neamhspleáchas an choimisiúin thoghcháin. Tá coincheap an neamhspleáchais faoi réir ag léirmhínte agus sainmhínte éagsúla. De réir Verhoest et al aimsítear sé ghné éagsúla le neamhspleáchas a thagann faoi na ceanteidil a leanas: neamhspleáchas ‘bainistiúil’, ‘beartais’, ‘struchtúrach’, ‘airgeadúil’, ‘dlíthiúil’ agus ‘idirghabhálach’ (ibid., lgh.105-107). Is é an tátal a bhaineann siad as ná go mbaineann baol le stádas dlíthiúil foirmiúil eagraíochta poiblí a úsáid mar an t-aon treoir amháin chun a neamhspleáchas a mheas. Is é an rud atá ábhartha sa phointe seo don tasc de bhunú coimisiúin thoghcháin ná go bhfuil bunú a neamhspleáchais faoin dlí ina choinníoll riachtanach den neamhspleáchas sin, ach ní ina choinníoll amháin. Is iad struchtúr na heagraíochta, an timpeallacht oibriúcháin (agus acmhainní san áireamh) agus an caidreamh leis an rialtais atá ina bhfachtóirí le cur san áireamh.

D’fhonn neamhspleáchas a fheidmiú tá dúshlán ann chun meicníochtaí cuntasachta iomchuí a chur i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonann an comhlacht poiblí an fheidhm dá chuid. Mar a shonraíonn Dubnick, “tá rialachas nuaimseartha – rialachas poiblí agus príobháideacha araon – bunaithe go príomha ar chuntasacht de chineál éigin (2002, lch. 2). Tá dúshlán ann do chomhlachtaí poiblí cothromaíocht a bhaint amach idir neamhspleáchas agus cuntasacht, agus is saincheist ar leith í atá tagtha chun cinn maidir le dearadh institiúideach coimisiún toghcháin (Mayer, 2007).

Bíonn tosaíochtaí iomaíochas ina dtoradh ar bhainistíocht toghcháin uaireanta. Cuireann Mozaffar agus Shedler (2008) síos orthu sin mar na ‘trí riachtanas chontrártha’ d’éifeachtúlacht riaracháin, neodracht pholaitiúil agus cuntasacht phoiblí. Bíonn siad sin i gcoimhlínt mar ní féidir failli a dhéanamh in aon riachtanas aonair, agus ní féidir iad uile a uasmhéadú ag an am céanna. Cé go mbíonn an dúshlán níos mó laistigh de stáit dhaonlathacha atá ag teacht chun cinn, bheadh an t-ábhar inní sin ábhartha do dhearadh institiúideach coimisiún toghcháin i dtíortha uile, agus Éire san áireamh.

Baineann deacrachtaí le sonrú go beacht ar an dóigh ar cheart cuntasacht a struchtúru i gcás áirithe. Mar a deir Dubnick, “níl aon mhéadrach ar eol dúinn maidir le rialachas cuntasach” (2007, p.17). Ach taispeántar le taithí i dtíortha eile, áfach, go bhfuil sé inmhianaithe agus riachtanach araon go mbíonn meicníochtaí cuntasachta ann atá nasctha le hinstiúidí daonlathacha. San áireamh leo sin tá socruithe foirmiúla tuairiscithe do choiste parlaiminteach ainmnithe, ainmniú aire rialtais shainiúil mar dhuine idirghabhála leis an gcoimisiún toghcháin, iniúchadh

arna dhéanamh ag an gcomhlacht iniúcháireachta stáit neamhspleách agus foilsíú doiciméad ar féidir feidhmíocht a thomhas ina gcoinne – mar shampla, ráiteas straitéise, plean buiséid agus tuarascáil bhliantúil (IDEA, 2006, lgh.223-239).

Ó thaobh an oibriúcháin de, baineann fócas ar “thorthaí agus feidhmíocht a bhaint amach” le cuntasacht “ar féidir iad a fhoirmliú mar éifeachtúlacht, éifeachtacht, cáilíocht, luach ar airgead agus freagrúlacht” (Verhoest et al, 2010, lch.26).

Is féidir feidhmíocht maidir le gníomhaireachtaí a oibriú a mheasúnú ar bhealaí éagsúla. Is féidir idirdhealú a dhéanamh idir feidhmíocht ‘inmheánach’ agus feidhmíocht ‘sheachtrach’. Is féidir measúnú a áireamh le feidhmíocht inmheánach maidir le rioscaí, éifeachtúlachtaí agus leorgachtaí na bainistíochta agus na gcóras agus na bpróiseas oibriúcháin. Le feidhmíocht sheachtrach cuirtear fócas ar sheachadadh a thomhas maidir le costais airgeadais, agus úsáidtear ‘éifeachtúlacht’ chun measúnú a dhéanamh ar cé chomh maith agus a úsáideann an eagraíocht na hacmhainní dá cuid. Le ‘héifeachtacht’ déantar measúnú ar an méid agus ar baineadh na cuspóirí sin amach (McGauran et. al., 2005, lch.17). Cibé freagrachtaí a shannfaí do choimisiún toghcháin, bheadh sé riachtanach creat bainistíochta agus tuairiscithe feidhmíochta a chur i bhfeidhm, agus fócas ar na gnéithe ‘inmheánacha’ agus ‘seachtracha’ araon. Bheadh sé riachtanach freisin tomhais agus táscairí feidhmíochta sainiúla a fhorbairt.

Chomh maith leis na tairbhí ionchasacha, baineann rioscaí freisin le comhlachtaí poiblí nua a chruthú. Cuireann Laking (2005) síos ar an dóigh a dtagann na rioscaí faoi thrí cheannteideal. Tagann an chéad cheann chun cinn nuair a bhunaítear eagraíochtaí nua gan bonn cirt soiléir maidir le beartas poiblí, tagann an dara ceann chun cinn nuair nach mbíonn na rialacha agus córais le haghaidh stiúradh seachtrach imleor, agus baineann an tríú fachtóir riosca le heasnaimh sna socruithe bainistíochta inmheánaí (ibid., lch. 14). Uaireanta bíonn ról tábhachtach ag foirm na heagraíochta maidir leis an rialachas ceart a bhunú (ibid., lch. 17). Ach moltar leis an taithí ar chomhlachtaí de chineál gníomhaireachta in Éirinn, áfach, go mbíonn an caidreamh idir struchtúr an rialachais agus feidhm an rialachais comhoiriúnaithe go míchuí go minic (ECFE, 2008, lch 300).

3.6. Coimisiún toghcháin nua – saincheisteanna rialachais a thagann chun cinn

Tar éis féachaint ar shaincheisteanna a thagann chun cinn maidir le comhlachtaí poiblí a chruthú go ginearálta agus le comhlachtaí bainistíochta toghcháin a chruthú go háirithe, tagann roinnt saincheisteanna chun cinn a d’fhéadfadh a bheith suntasach go hionchasach.

Feictear an dá chaighdeán ‘feidhmíocht’ agus ‘dlisteanacht’ mar chaighdeáin ríthábhachtacha maidir le cinneadh a dhéanamh ar an bhfoirm eagraíochta is iomchuí chun tascanna riaracháin phoiblí a chur chun feidhme (Gill, 2002). Ba cheart go mbeadh an cinneadh chun comhlacht poiblí nua a bhunú bunaithe ar bhreithnithe maidir le barainneacht, éifeachtacht agus éifeachtúlacht fheabhsaithe nó ar an rannchuidiú le neamhchlaontacht agus creidiúnacht phoiblí a fheabhsú i dtaca le beartas poiblí a sheachadadh (Laking, 2002). Feictear go gcuimsítear prionsabail an ‘dea-rialachais’ leis na coincheapa sin agus le cuntasacht freisin. D’fhéadfadh costais a bheith i gceist le bearta chun creidiúnacht agus dlisteanacht a fheabhsú, lena n-áirítear líonta foirne oilte iomchuí a cheapadh agus acmhainní tacúla a leithdháileadh.

De réir Gill (2002), is cineál iomchuí de struchtúr rialachais é comhlacht reachtúil neamhspleách nuair a bhíonn grúpa comhtháite feidhmeanna ann agus nuair is féidir le bord nó comhlacht rialaithe maoirseacht a dhéanamh ar cheannasaíocht agus ar mhonatóireacht. Is é an rud atá molta leis na prionsabail sin ná go mbeadh sé tábhachtach chun na feidhmeanna a shannfar do choimisiúin toghcháin a shainaithint go soiléir. Ba cheart go ndéanfaí machnamh freisin ar an dóigh a ndéanfaí a bhallraíocht agus a chuid freagrachtaí a shainiú. Ba cheart foirm an rialachais agus struchtúr an choimisiúin thoghcháin a shaincheapadh le bheith comhoiriúnaithe le feidhmeanna an chomhlachta.

Sa chéad chuid eile déantar athbhreithniú ar mholtaí le haghaidh athruithe a tháinig chun cinn le blianta beaga anuas agus i gCuid 5 déantar measúnú ar an dóigh ina ndéantar na saincheisteanna éagsúla sin a láimhseáil i dtíortha eile.

4. Athbhreithniú ar mholtaí maidir le comhlacht bainistíochta toghcháin nua

D'fhéadfaí cuid de na freagrachtaí nó iad uile go léir atá sannta faoi láthair do chomhlachtaí agus do shealbhóirí post éagsúla a shannadh do choimisiún toghcháin. Déantar machnamh sa chuid seo ar mholtaí a rinneadh ó réimsí éagsúla chun a leithéid de chomhlacht a bhunú, ar a dtugadh teidil éagsúla amhail 'An Coimisiún Toghcháin', 'An Oifig Thoghcháin Náisiúnta', 'Oifig Phríomhoifigeach na dToghchán' agus 'An Coimisiún um Thoghcháin agus Oifigí Poiblí'. Tá leibhéal athraitheacha de shonraí sna moltaí sin maidir leis na feidhmeanna ar cheart iad a shannadh don eagraíocht nua, agus maidir leis na struchtúir fhéideartha dá chuid. Cé go raibh comhdhearcadh ag teacht chun cinn i bhfabhar comhlacht bainistíochta toghcháin neamhspleách arna fhoirmiú go leithleach, tá raon dearcthaí ann i dtaca leis na freagrachtaí ar cheart iad a shannadh dá leithéid de chomhlacht.

4.1. Clár an Rialtais agus tuarascálacha ina moltar comhlacht nua

I gClár an Rialtais 2011 déantar foráil do choimisiún toghcháin a dhéanfaidh feidhmeanna na gcomhlachtaí atá ann cheana agus na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a chomhchuimsiú. Níl sí saintreorach maidir leis na sonraí atá inti seachas na pointí sin. Beidh sé riachtanach mar sin faisnéis níos iomláine a fhorbairt maidir leis an gcuma a bheadh ar choimisiún toghcháin nua. Rinne comhlachtaí éagsúla moltaí agus tiomantais le blianta beaga anuas chun a leithéid de struchtúr a bhunú. Baineann comhghnéithe nó gnéithe forluiteacha le cuid de na moltaí sin. Tá cinn eile fócasaithe ar fhreagrachtaí ar leith.

I gCuid 3 den pháipéar seo sainaithníodh mar phrionsabal an dea-rialachais gur cheart feidhmeanna comhlachta phoiblí nua a shainiú go soiléir agus é á bhunú agus gur cheart go ndéanfaí an dearadh eagraíochta da chuid a threorú leo sin. Déanfar athbhreithniú anois ar roinnt moltaí éagsúla chun coimisiún toghcháin a bhunú d'fhonn sintéis a sholáthar ar mholtaí beartais le déanaí agus chun machnamh ar na saincheisteanna a thagann chun cinn a threorú.

Déantar tagairt i gClár an Rialtais 2011 do chruthú an choimisiúin thoghcháin i gcomhthéacs "reachtaíocht rialtais oscailte". Níl reachtaíocht den sórt sin sonraithe sa Chlár, ach in 2010 d'fhoilsigh Fine Gael dréacht-reachtaíocht i bhfoirm 'Bille Rialtais Oscailte' ina ndearnadh foráil do 'Oifig Thoghcháin Náisiúnta' a chruthú a bheadh "ina húdarás lárnach maidir le gnóthaí uile a bhaineann le hiompar toghchán agus le hiompar oifigeach tofa" (Fine Gael, 2010, lch.92).

In 2010 d'fhoilsigh Comhchoiste an Oireachtais ar an mBunreacht tuarascáil lena ndearnadh athbhreithniú ar an gcóras le haghaidh comhaltá a thoghadh chuig Dáil Éireann. Rinne an Coiste 29 moladh. Tháinig na chéad cheithre cinn díobh sin faoin teideal 'Coimisiún Toghcháin Neamhspleách', agus moladh an méid a leanas leo:

1. *Go ndéanfaí Coimisiún Toghcháin neamhspleách a bhunú, mar thosaíocht phráinneach, agus freagracht aige as toghcháin agus reifrinn a riar agus a mhaoirsiú.*
 2. *Go ndéanfaí an Coimisiún Toghcháin nua a bhunú go foirmiúil faoin mBunreacht d'fhonn a dhlísteanacht a fheabhsú agus a neamhspleáchas a ráthú.*
 3. *Go nglacfaidh an Coimisiún Toghcháin nua freagracht as moltaí an Choiste a chur chun feidhme, go háirithe na moltaí a bhaineann le clárú vótálaithe, vótáil phoist, clár oideachais do vótálaithe, teorainneacha toghcheantar a theorannú, aistrithe barrachas vótaí a chomhaireamh agus dearadh an pháipéir bhallóide a scrúdú.*
 4. *Go mbeadh iar-chomhaltaí Thithe an Oireachtais san áireamh le ballraíocht an Choimisiúin Thoghcháin nua.*
- (Oireachtas, 2010, lch.17)

In 2008 d'ullmhaigh Comhchoiste an Oireachtas ar an gComhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil tuarascáil maidir le clár na dtoghthóirí. Mhol an Coiste gur cheart reachtaíocht a dhréachtú chun an méid a leanas a dhéanamh:

Oifig an Oifigigh Toghcháin Náisiúnta a bhunú chun údarás arna shainiú go soiléir a chur chun feidhme:

- *chun Clár Náisiúnta na dToghthóirí a ullmhú agus a choimeád, agus*
- *chun toghcháin a oibriú.* (Oireachtas, 2008, lch.18)

Mhol an Coiste aistriú na bhfeidhmeanna reatha ó údaráis áitiúla agus ón RCPRA chuig an Oifigeach Toghcháin Náisiúnta, ach mhol sé go gcoinneodh an Roinn freagracht fhoriomlán as beartas agus as reachtaíocht i dtaca le gnóthaí toghcháin. Dhéanfaí feidhmeanna na Roinne Airgeadais maidir le gnóthaí toghcháin a aistriú freisin¹⁹. Moladh 'Oifig an Cheann Comhairimh Náisiúnta'. Moladh sa tuarascáil gur cheart acmhainní imleora a sholáthar don struchtúr nua ach ní dheanadh iad a thomhas nó a chainníochtú. Rinneadh moltaí maidir le bearta chun clárú vótálaithe a fheabhsú freisin.

Sa staidéar a rinne Institiúid Geary in 2008 thar ceann RCPRA rinneadh scrúdú ar thiomantas sainiúil i gClár an Rialtais 2007 lena réamh-mheasadh go nglacfaidh an coimisiún toghcháin freagracht as athbhreithnithe teorainneacha, as clár na dtoghthóirí agus as maoiniú polaitiúil. Bheadh ról ag an gcoimisiún toghcháin freisin maidir le moltaí a dhéanamh i dtaca le hathchóiriú na ndlíthe um maoiniú polaitiúil (Roinn an Taoisigh, 2007, lch. 86).

Nuair a rinneadh athbhreithniú ar Chlár 2007 in 2009, rinneadh na freagrachtaí molta sin a fhairsingiú. Sa bhreis ar na ról a sainaitníodh roimhe sin, rinneadh foráil go

¹⁹ Tá na feidhmeanna sin scartha anois idir an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

ndéanfadh an coimisiún toghcháin nua na cláir oideachais do vótálaithe a reáchtáil agus go mbeadh ról comhairleach aige maidir le raon leathan de shaincheisteanna um athchóiriú toghchánach agus plé á dhéanamh le rannpháirtíocht na mban, vótaí d'inimircigh, an aois vótála a íslíú, pobalbhreitheanna polaitiúla agus socruithe toghcháin malartacha (Roinn an Taoisigh, 2009, lch. 32).

Bhí staidéar Institiúid Geary bunaithe ar Chlár an Rialtais 2007, agus gan ar chlár athbhreithnithe 2009. Sainithníodh ceithre rogha ionchasacha leis. Ba é an chéad cheann chun coimisiún toghcháin iomlán nua a bhunú chun an raon iomlán feidhmeanna a chur chun feidhme a bhí beartaithe don chomhlacht ón tús. Ba é an dara rogha chun an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí poiblí a ghlacadh mar an bunús do choimisiún toghcháin nua agus na leasuithe riachtanacha a dhéanamh chun tacar iomlán d'fheidhmeanna nua a bhronnadh air láithreach.

Ba é an tríú rogha chun an comhlacht nua a chruthú in dá chéim. Sa chéad chéim, dhéanfaí feidhmeanna CCOP a shíneadh chun feidhmeanna an Choimisiúin um Thoghcheantair agus Chlár na bPáirtithe Polaitiúla a chuimsiú mar aon le feidhm nua de chomhordú agus cothabháil a dhéanamh ar chlár na dtoghthóirí. Ansin sa dara céim, dhéanfaí CCOP a athainmniú mar an coimisiún toghcháin.

Sa cheathrú rogha, an ceann arna mholadh, moladh go ndéanfaí an comhlacht nua a ainmniú mar an coimisiún toghcháin ón tús. Dhéanfaí feidhmeanna uile CCOP, an Choimisiúin um Thoghcheantair, an Choimisiúin Reifrinn agus Chlár na bPáirtithe Polaitiúla a aistriú sa chéad céim. Sa dara céim dhéanfaí an reachtaíocht reatha a athsholáthar le hAcht lena leasófaí agus lena gcomhdhlúthófaí dlí toghcháin agus lena mbronnfaí raon feidhmeanna ar an gcoimisiún toghcháin nua (Sinnott et. al., 2008, lgh.54-57).

Is féidir a bhreathnú go raibh sé beartaithe go mbeadh ról comhairleach suntasach ag an gcoimisiún toghcháin a moladh in 2007 agus in 2009 maidir le saincheisteanna toghchánacha agus athchóirithe pholaitiúil. Tá athrú mór tagtha ar na himthosca a bhí ann ansin maidir leis an réimse beartais sin. Tríd an Acht um Thoghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta), 2012 feidhmíodh sraith athchóirithe ar na rialachain um maoiniú polaitiúil. Achtaíodh bearta freisin chun cothromaíocht inscne a fheabhsú i roghnú iarrthóirí do Thoghcháin na Dála.

Rinneadh foráil i gClár an Rialtais 2011 do bhunú an Choinbhinsiúin ar an mBunreacht chun scrúdú a dhéanamh ar shraith saincheisteanna maidir le hathchóiriú polaitiúil. Rinne sé machnamh in 2013, ansin rinne sé moltaí, ar roinnt saincheisteanna lena áiríodh riachtanais ainmniúcháin chun seasamh i dtoghchán uachtaránachta, an aois vótála a íslíú agus maidir le toghchóras na Dála.

Nuair a rinne sé scrúdú ar thoghchóras na Dála ag an gcruinniú dá chuid i Meitheamh 2013, mhol an Coinbhinsiún gur cheart coimisiún toghcháin a bhunú

bunaithe ar vóta 97% i bhfabhar. Ní raibh an rún saintreorach maidir leis na feidhmeanna a fheidhmeodh an comhlacht. Ag an seisiún céanna, vótáil an Coinbhinsiún le tromlach an-mhór i bhfabhar na nithe a leanas: uaireanta agus laethanta vótála a shíneadh, rochtain níos mó ar vótáil phoist, beachtas feabhsaithe chlár na dtoghthóirí, bearta chun an ráta vótála a fheabhsú agus clár oideachais sna scoileanna (An Coinbhinsiún, 2013). An 1 Aibreán 2014 d'hearbhaigh an Taoiseach sa Dáil gur ghlac an Rialtas an moladh ón gCoinbhinsiún maidir le Coimisiún Toghcháin a bhunú²⁰.

I Meitheamh 2014 d'fhoilsigh Comhchoiste an Oireachtas um Fhormhaoirsiú ar an tSeirbhís Phoiblí agus Achainíocha maidir le dearadh agus leagan amach na bpáipéar ballóide a úsáideadh sa reifreann ar dhíothú an tSeanaid i mí Dheireadh Fómhair 2013. Moladh sa tuarascáil gur cheart coimisiún toghcháin a bhunú agus údarás aige taighde a dhéanamh lena n-áireofaí:

- *conas faisnéis a scaipeadh ar dhóigh níos fearr, agus úsáid an idirlín agus teicneolaíochtaí na meán sóisialta san áireamh;*
- *Il-reifrinn nó toghchán náisiúnta agus reifreann a eagrú ar an lá céanna;*
- *Dath agus leagan amach na bpáipéar ballóide;*
- *Sonraí staitistiúla a chuireann Cinn Chomhairimh ar ais chuig an gCoimisiún Toghcháin maidir le vótaí millte a thaifeadh, a rangú agus a thiomsú.*

(Oireachtas, 2014, lch.15)

4.2. Moltaí beartais ó olltoghchán 2011 agus ó shin ar leith

Bhí coimisiúin toghcháin ina ghné sna forógraí de chuid is mó de na bpáirtithe polaitiúla ag olltoghchán 2011. Bhí moltaí Fhine Gael bunaithe ar an 'mBille Rialtais Oscailte' dá chuid. Moladh san fhorógra gur cheart coimisiún toghcháin neamhspleách nua a bhunú agus go mbeadh sé mar chéad tosaíocht aige plé le clár na dtoghthóirí. Dhéanfaí é a fhoirmiú trí na nithe a leanas a dhéanamh:

trí roinnt de phríomhfheidhmeanna Rannóg Toghchórais na Roinne Comhshaoil a ghlacadh, agus trína gcumasc le CCOP. Sa bhreis ar chlár beacht na dtoghthóirí a chomhthiomsú, beidh an Coimisiún freagrach as na nithe a leanas:

- *Riarachán agus maoirseacht thoghchánach agus caiteachas toghcháin san áireamh;*
- *Toghcheantair a athbhreithniú nuair is gá;*
- *Clár na mBrústocairí a choimeád;*

²⁰ Seachadadh freagairt an Rialtais do na moltaí i gCeathrú Tuarascáil an Choinbhinsiúin sa Dáil an 18 Nollaig 2014: <http://oireachtasdebates.oireachtas.ie/debates%20authoring/debateswebpack.nsf/takes/dail2014121800046?opendocument#TT01000>

- *Comhairle a sholáthar don Aire maidir le cúrsaí neamh-tharmligthe, m.sh. dátaí na vótála a shocrú, srl; agus*
 - *Maoiniú Polaitiúil a fhorghaoirsiú*
- (Fine Gael, 2011, lch.9).

Mhol Páirtí an Lucht Oibre ‘Coimisiún Toghcháin agus um Oifigí Poiblí neamhspleách’ “a ghlacfaidh cumhachtaí an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí mar aon le freagrachtaí na n-údarás áitiúil agus na Roinne Comhshaoil maidir le clár na dtoghthóirí agus toghcháin”. San áireamh leis sin freisin bhí “tiomantas chun na téarmaí tagartha a ollchóiriú maidir le hathbhreithniú toghcheantar d’fhonn an leithdháileachán suíochán atá chomh cothrom agus comhréireach agus is féidir a áirithiú” (Páirtí an Lucht Oibre, 2011, lch.9). In 2012, thug Ciarán Lynch T.D. (Páirtí an Lucht Oibre) Bille ó Chomhalta Príobháideach um Choimisiún Toghcháin isteach agus chuir sé síos ar a chuspóir mar:

chun coimisiún toghcháin a chruthú agus chun raon feidhmeanna a aistriú chuige arna bhfeidhmiú ag an Aire, ag CCOP, ag an gcoimisiún reifrinn, ag an gcoimisiún um thoghcheantair, ag údarais áitiúla agus ag Cléireach na Dála. Leagtar amach sa Bhille go ndéanfar foráil do chlár nua na dtoghthóirí bunaithe ar uimhir PSP mar aitheantóir uathúil vótálaithe cláraithe. (Dáil Éireann, 2012b)

I bhforógra de chuid Fhianna Fáil d’olltoghcháin 2011 moladh cruthú coimisiúin toghcháin, “a bheidh mar sainchúram aige toghcháin a réachtáil, clár na dtoghthóirí a choimeád agus an rata vótála a chur chun cinn, go háirithe trí oideachas poiblí faoi oibriú an toghchórais”. Dhéanfaidh an coimisiún “ líonra na n-údarás áitiúil a úsáid mar atá sa chóras reatha agus dhéanfaidh sé riarachán agus maoirseacht náisiúnta a scaradh ón Roinn Comhshaoil” (Fianna Fáil, 2011, lch.32). I bplépháipéar Fhianna Fáil in 2013 dar teideal ‘Real Political Reform’, luadh an méid a leanas:

Cé go ndéantar iad a réachtáil ar ardleibhéal macántachta, tá saincheisteanna soiléire ann nach mór a thabhairt fúthu maidir le formhaoirsiú ár gcórais vótála. Mar gheall ar an riachtanas absalóideach chun iontaoibh an phobail i riarachán ár dtoghcháin a choimeád teastaíonn go ndéantar Coimisiún Toghcháin neamhspleách a bhunú faoi reachtaíocht. Chuimseofaí leis sin an obair arna déanamh ag na coimisiúin reifrinn ad hoc agus ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. (Fianna Fáil, 2013. lch.15)

I bpolasaithe olltoghcháin 2011 de chuid Shinn Féin moladh “go ndéanfaí Coimisiún Toghcháin neamhspleách a bhunú le bheith freagrach as clárú agus as oideachas vótálaithe”. Bhí sé réamh-mheasta “go nglacfaidh an Coimisiún leis na freagrachtaí atá i seilbh ag an gCoimisiún um Thoghcheantair, ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus ag gCoimisiún Reifrinn faoi láthair” (Sinn Féin, 2011, lch.10). Tugadh tiomantas i bhforógra toghcháin 2011 an Pháirtí Ghlais do bhunú coimisiúin toghcháin agus do leanúint den obair de chuid an Rialtais ansin a leithéid de chomhlacht a bhunú (An Páirtí Glas, 2011, lch. 15).

4.3. Téamaí coitianta

Agus athbhreithniú á dhéanamh ar mholtaí ó fhoinsí éagsúla, tagann roinnt téamaí coitianta chun cinn. Is gné í freagracht as clár na dtoghthóirí atá ann go minic agus go suntasach. Baineann an chuid is mó de na moltaí le cineál éigin de chóras láraithe an chlárúcháin agus é faoi bhainistíocht ag an gcoimisiún toghcháin nua, agus freagrachtaí á nglacadh aige ó údaráis áitiúla. Ach le moladh amháin, áfach, bheadh an coimisiún nua freagrach as obair na n-údarás áitiúil a mhaoirsiú agus ról fós acusan. Agus an bhéim a chuirtear ar an bhfreagracht sin ina lán moltaí á tabhairt san áireamh, tá sé soiléir go bhfuil feabhsú chlár na dtoghthóirí ina spreagthóir tábhachtach chun taca a chur faoin mian chun coimisiún toghcháin a bhunú.

Tá sé réamh-mheasta sa chuid is mó de na moltaí go nglacfadh an coimisiún toghcháin le feidhmeanna arna bhfeidmiú faoi láthair ag RCPRA, cé gur féidir idirdhealú a dhéanamh idir na ról oibriúcháin agus ról bheartais dá cuid. Tá comhtharlú ginearálta tuairimí ann gur cheart freagrachtaí oibriúcháin na Roinne maidir le toghcháin a aistriú chuig an gcoimisiún toghcháin. Is gné choitianta thar na moltaí ná maoirseacht agus riarachán toghcháin agus reifreann ag coimisiún toghcháin. Ach ní thugtar faoin ról a d'fhéadfadh a bheith ag na cinn chomhairimh reatha in aon chumraíocht nua ach ar bhonn measartha teoranta, áfach.

Is gné shuntasach an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí sna moltaí. Meastar go bhfuil sé ina thúsphointe ionchasach agus an coimisiún toghcháin arna fhoirmiú timpeall ar an gcomhlacht atá ann cheana, nó mar mhalairt air sin mar chomhlacht a ndéanfar a chuid feidhmeanna a chomhchuisiú sa choimisiún toghcháin ón tús.

Sainítear an t-athbhreithniú ar theorainneacha toghcháin agus an ról atá ag an gCoimisiún um Thoghcheantair faoi láthair mar fhreagracht in a lán moltaí. Níl ról do choimisiún toghcháin maidir le theorainneacha toghcheantar áitiúil ina ghné in aon cheann de na moltaí a athbhreithníodh. Luaitear saincheisteanna um athchóiriú toghcháin ar mhéid teoranta, cé go bhfuil sé molta i gcás amháin go mbeadh ról comhairleach ag an gcoimisiún toghcháin i leith an Aire. Tá oideachas do vótálaithe ann go minic agus go suntasach. Tugadh faoi stádas dlíthiúil ionchasach an choimisiúin nua freisin. Dá ndéanfaí moladh Chomhchoiste an Oireachtas ar an mBunreacht a ghlacadh, theastódh reifreann chun aitheantas faoin mbunreacht a thabhairt don choimisiún toghcháin.

Sa chuid seo soláthraíodh forbheathnú ar leibhéal an chomhaontaithe agus an easaontaithe atá ann faoi láthair ar fud an speictrim pholaitiúil maidir le ról agus feidhmeanna coimisiúin toghcháin in Éirinn. Is féidir na chéad chéimeanna eile a threorú leo sin a bheidh le glacadh chun pleananna sainiúla a fhorbairt chun an

tiomantas i gClár an Rialtas a chur ar aghaidh. Is féidir idéanna, tagarmharcanna dea-chleachtais agus ceachtanna a fháil ón taithí i dtíortha eile. Sin fócas na chéad coda eile.

5. Peirspictíocht idirnáisiúnta

5.1. Ceachtanna a fhoghlaim ó dhlínsí eile

Baineann tairbhí ionchasacha le comhlacht bainistíochta toghcháin nua a bhunú. Taispeánadh le fianaise go hidirnáisiúnta go bhfuil coimisiúin thoghcháin neamhspleácha níos fearr do chobhsaíocht dhaonlathach agus go bhfuil siad níos cost-éifeachtaí ná socruithe ad hoc (López-Pintor, 2000, lgh.11-12). Ach déantar a leithéid de chomhlachtaí a chumrú ar dhóigheanna éagsúla ar fud na dtíortha, áfach, agus uaireanta feidhmíonn siad raon athraitheach tascanna.

I gCuid 3, tugadh an tábhacht a bhaineann le soiléire a bheith ann chun suntais maidir le feidhmeanna agus cuspóir comhlachtaí poiblí nua-bhunaithe. Sainaithníodh dhá thacar de phríomhchúiseanna le haghaidh gníomhaireachtaí go ginearálta a bhunú agus coimisiúin thoghcháin go háirithe a bhunú le bheith dlisteanacht fheabhsaithe agus iontaobh an phobail ar an taobh amháin, agus feidhmíocht agus cost-éifeachtacht fheabhsaithe ar an taobh eile. Taispeánadh freisin go mbaineann breithniú tábhachtach i ndearadh institiúideach le cothromaíocht a bhaint amach idir neamhspleáchas agus cuntasacht. Ach níl aon fhoirmle ann atá infheidhme go ginearálta, áfach, chun a chinneadh conas ar cheart an caidreamh idir an dá ghné rialachais a chumrú. Is é dúshlán a bheidh ann in Éirinn agus struchtúr an choimisiúin thoghcháin á fhorbairt ná chun cothromaíocht optamach a fháil atá iomchuí do na feidhmeanna sainiúla agus foirm eagraíochta shainiúil dá chuid.

Léirigh na heagraíochtaí idirnáisiúnta a rinne athbhreithniú ar shocruithe in Éirinn le déanaí sainrogha do leagan an choimisiúin thoghcháin. Mar bhall den Eagraíocht um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, tá Éire faoi réir ag monatóireacht thoghchánach a dhéantar ag an Oifig um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine, nó ODIHR. Sna tuarascálacha dá cuid ar na holltoghcháin a eagraíofh in Éirinn in 2007 agus in 2011 mhol ODIHR gur cheart coimisiún toghcháin a bhunú. Mhol an Oifig “ba cheart breithniú ar choimisiún nó oifig neamhspleách a bheidh buan a bhunú in Éirinn, a bheidh in ann díriú go heisiatach ar ghnóthaí toghchánacha agus riaracháin ar an leibhéal náisiúnta, d’fhonn comhsheasmhacht agus éifeachtúlacht a fheabhsú a thuilleadh maidir le hiompar toghchán” (OSCE / ODIHR, 2007, lch.10). In 2009 d’fhoilsigh an Grúpa Stát i gCoinne na hÉillitheachta de chuid Chomhairle na hEorpa tuarascáil mheasúnaithe maidir le socruithe maoinithe pholaitiúil in Éirinn agus rinne siad tráchtanna fabhracha maidir leis an tiomantas i gClár an Rialtais den tréimhse sin chun coimisiún toghcháin a bhunú. Léirigh siad an t-ionchas “go ndéanfar a neamhspleáchas (i dtéarmaí cumhachtaí agus acmhainní araon) a áirithiú agus go nglacfar le taithí an Choimisiúin um Chaighdeán mar uirlis chreidiúnach chun cuntasacht agus follasacht pholaitiúil a mhéadú” (GRECO, 2009, lch.25).

Is féidir idéanna a fháil as eiseamláirí de mhúnlaí rathúla maidir le comhlachtaí nua a chruthú. Sa chuid seo sainaithnítear eiseamláirí de chineálacha cur chuige ó áiteanna eile agus go hionchasach is féidir iad a ghlacadh agus a úsáid in Éirinn.

5.2. Creat chun ceachtanna a fhoghlaim

Cuireadh síos ar an gcleachtas mar a dhéantar cineálacha cur chuige um chlár nó beartais ó dhlínse amháin a bhaint, a oiriúnú agus a fheidhmiú i ndlínse eile mar phróiseas a bhaineann le “ceachtanna a tharraingt” (Rose, 1991). De réir mar a bhogann Éire i dtreo comhlachta bainistíochta toghcháin neamhspleách a bheith ann beidh sí ag dul isteach le tromlach de thíortha ar fud an domhain ina bhfuil a leithéid de struchtúir. Cé go bhfuil a lán de na coimisiúin thoghcháin i stáit dhaonlathacha atá go measartha nua ina bhfuil imthosca atá rud beag éagsúil ó na cinn in Éirinn, tá eiseamláirí áirithe ann de stáit dhaonlathacha sheanbhunaithe a chuir coimisiúin thoghcháin ar bun i mblianta le déanaí.

Úsáideadh an téarma “aistriú beartais” freisin chun cur síos ar an bpróiseas trína ndéantar eolas ar bheartais, socruithe riaracháin, institiúidí agus idéanna i gcóras polaitiúil amháin a úsáid i gceann eile (Dolowitz agus Marsh, 1996; 2000). Breathnaíodh go mbíonn fadhbanna feidhmithe níos lú ann uaireanta nuair a bhíonn grúpa páirtithe leasmhara níos mó rannpháirteach. Tugadh faoi deara freisin gur féidir ceachtanna dearfacha agus diúltacha araon a fhoghlaim. Ba cheart fachtóirí áirithe atá ábhartha don tír óstach a thabhairt san áireamh (ibid.).

Tríd an gcoincheap de “cheachtanna a tharraingt” a chur i bhfeidhm maidir le cásanna praiticiúla, ba cheart go mbeadh measúnú ina ghné riachtanach. Moltar teicníc shainiúil ar a dtugtar ‘measúnú ionchasach’ trína ndéantar fianaise ar an dóigh a n-oibríonn clár i dtír amháin a chomhcheangal le hanailís ar an dóchúlacht den chineál cur chuige a bheith rathúil in áiteanna eile (Rose, 1991). Feictear an modh sin mar ghné thábhachtach maidir le ‘praiticiúlacht’ eiseamláirí a úsáidtear in áiteanna eile a dhearbhu.

Sna míreanna a leanas cuirtear na comhlachtaí bainistíochta toghcháin i gceithre dhlínse i gcomparáid le chéile faoi shraith ceannteideal ina bpléitear le príomhghnéithe a gcuid oibríochtaí. Baineann tréithe leis na ceithre thír – an Astráil, Ceanada, an Nua-Shéalainn agus an Ríocht Aontaithe – atá ábhartha do riachtanais shainiúla na hÉireann agus tá traidisiún dlíthiúil, polaitiúil agus riaracháin cosúil ag gach ceann acu. I dtrí chás - an Astráil, an Nua-Shéalainn agus an Ríocht Aontaithe – níor bunaíodh coimisiún toghcháin go dtí le déanaí. Dá bhrí sin tá an taithí a bhaineann leo ábhartha go díreach don tasc atá idir lámha in Éirinn. I gcás Ceanada, bhog se i dtreo clár toghthóirí rollach buan a bheith ann le linn na 1990í. De réir mar atá sonraithe i gCuid 4, tá clár toghthóirí láraithe buan ina ghné de na moltaí beartais chun coimisiún toghcháin na hÉireann a bhunú

Is deacair comparáidí airgeadais díreach a dhéanamh idir na dlínsí, agus na freagrachtaí éagsúla agus scála oibriúcháin a bhaineann leo, ach soláthraítear tasc éigin le Coimisiún Toghcháin na Nua-Shéalainne agus an oifig láraithe dá chuid faoin bpríomhfhoireann a bheadh riachtanach chun a leithéid de chomhlacht a oibriú. Sa Nua-Shéalainn, áfach, ní dhéanann an Coimisiún é féin clárú na dtoghthóirí go díreach ach déanann comhlacht ar leith é sin faoina mhaoirseacht. Tugtar ceann amháin de na príomhfhadhbanna chun suntais leis sin maidir le comparáidí a dhéanamh agus ceachtanna a fhoghlaim ó dhlínsí eile. Cé gur féidir ceachtanna a fhoghlaim as dea-chleachtais agus as taithí ábhartha in áiteanna eile, bíonn feidhmiú a leithéid d'fhoghlaim ag brath ar na himthosca ar leith sa tír sin ina bhfuil an clár á ghlacadh. Mar a bhreathnaigh Mayer “ní féidir féachaint ar chóras i dtír eile agus é a thiomhdiú go simplí gur féidir an córas sin (nó na gnéithe inmholta da chuid) a iompórtáil go díreach” (2007, lch.15).

D'ainneoin an pointe sin, sainithníodh ceachtanna ionchasacha le hathbhreithniú ar rialachas toghcháin i gceithre thír ar féidir iad a fhoghlaim agus a chur i bhfeidhm maidir le feidhm agus struchtúr choimisiún toghcháin na hÉireann agus nuair a chuirfear socruithe institiúideacha i bhfeidhm i dtaca le cuntasacht agus feidhmíocht.

Tá bogadh i dtreo clár toghthóirí bunaithe ar an duine aonair ina ghné i measc na moltaí beartais le haghaidh athraithe in Éirinn ar a ndearnadh athbhreithniú cheana féin. Tairgtear ceachtanna trí thaithí i gCeanada, i dTuaisceart Éireann agus sa Bhreatain Mhór maidir le cineálacha cur chuige sainiúla agus soláthraítear fianaise ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ina dtoradh mar aon leis na ceapa tuisle.

Tairgtear múnla eile sa Nua-Shéalainn, áit a ndéantar an clár a choimeád ag an tseirbhís phoist faoin chonradh ón gCoimisiún Toghcháin. San Astráil ar an taobh eile tá freagracht dhíreach níos mó ag an gcoimisiún toghcháin dá cuid as an gclár.

Baintear úsáid as foilseacháin arna dtáirgeadh ag na comhlachtaí bainistíochta toghcháin sna ceithre thír mar ábhair fhoinseacha in éineacht le hairteagail anailíseacha lena ndearnadh scrúdú ar na socruithe rialachais sainiúla.

I gCuid 3, sainithníodh fachtóirí atá tábhachtach agus comhlachtaí poiblí nua á mbunú agus i ndearadh rialachais thoghcháin. Bunaithe ar na fachtóirí sin, déantar socruithe sna ceithre thír a sainithníodh a chur i gcomparáid le chéile agus déantar iad a anailísiú faoi na ceanteidil a leanas:

- feidhmeanna agus ballraíocht;
- struchtúr eagraíochta;
- clár na dtoghthóirí;
- cuntasacht;
- feidhmíocht;

- Airgeadas agus iniúchadh.

5.3. Feidhmeanna agus ballraíocht

Níl cás na hÉireann uathúil mar stát daonlathach aibí atá ag iarraidh coimisiún toghcháin a bhunú. Cruthaíodh Coimisiún Toghcháin na hAstráile (AEC) i 1984 tar éis moladh d'aon ghuth ó chomhchoiste parlaiminteach maidir le hathchóiriú toghchánach. Ar an gcoiste bhí comhaltaí ó dhá theach na parlaiminte agus as páirtithe polaitiúla uile. Roimh an tionscnamh sin, bhí stíl na teagmhála idir an rialtas agus an freasúra maidir le gnóthaí toghchánacha níos páirtíní agus níos achrannaí (AEC, 2011a).

Ghlac an coimisiún nua le freagrachtaí a bhí á gcur chun feidhme ag Oifig Thoghchánach na hAstráile roimhe sin, agus bunaíodh an oifig sin i 1973 agus d'oibrigh sí le méid neamhspleáchais faoi aireacht an rialtais. Comhtharlaigh bunú an choimisiúin toghcháin le tabhairt isteach córais chlárúcháin do pháirtithe polaitiúla. Cosúil le hÉirinn, ba í an phríomhchúis leis sin ná chun aithint páirtithe a éascú ar an bpáipéar ballóide (AEC, 2011b). I 1984 tugadh freagracht as teorannú na dteorainneacha don AEC freisin. Cosúil le hÉirinn arís, b'ábhar conspóide an tasc sin agus líomhaintí á ndéanamh faoi iompar polaitiúil páirtíneach.

Faoi láthair sanntar na feidhmeanna a leanas do Choimisiún Toghchánach na hAstráile:

- rolla (clár) na dtoghthóirí a choimeád;
 - toghcháin agus reifrinn chónaidhmeacha a bhainistiú, agus soláthar faisnéise do vótálaithe ag reifrinn san áireamh;
 - ballóidí a fheidhmiú d'eagraíochtaí tionsclaíocha agus tráchtála;
 - gníomhaíochtaí feasachta agus oideachais an phobail a fheidhmiú;
 - taighde toghchánach a dhéanamh;
 - cuidiú le toghcháin agus reifrinn thar lear;
 - maoiniú toghcháin, nochtadh airgeadais agus riachtanais um chlárú páirtithe a riar, agus
 - Tacú le hathdháiltí toghchánacha (.i. athruithe ar theorainneacha).
- (AEC, 2014a)

Tharla clár athchóirithe thoghchánaigh na Nua-Shéalainne níos déanaí. An 1 Iúil 2012 chuir Coimisiún Toghcháin na Nua-Shéalainne clár i gcrích lena gcuireadh tús tar éis an olltoghcháin in 2008 d'fhonn gníomhaireacht toghcháin neamhspleách aonair a bhunú. Roimhe sin chuir trí eintiteas éagsúla feidhmeanna ar leith chun feidhme. Suas go dtí 2008, bhí an comhlacht ar a dtugadh Coimisiún Toghcháin na Nua-Shéalainne ansin freagrach as páirtithe polaitiúla a chlárú, as am craolacháin a leithdháileadh agus as cistí oifigiúla do na páirtithe, as maoirseacht ar mhaoiniú agus caiteachas na bpáirtithe, agus as oideachas agus faisnéis do vótálaithe. Bhí bainistíocht toghchán agus vótála á cur chun feidhme go leithleach ag sealbhóir

poist dar teideal an Príomhoifigeach Toghcháin i gcóras ar a gcuireadh síos mar 'Rialtasach' (IDEA, 2006, lgh.6-7). Bhí New Zealand Post Ltd., an tseirbhís poist náisiúnta, freagrach as an gclár a chomhthiomsú tríd an Ionad Cláraithe Toghcháin dá cuid.

Eagraíonn an Nua-Shéalainn olltoghchán gach trí bliana agus rinneadh an tionscadal ina dhá chéim d'fhonn cur isteach a sheachaint ar an olltoghchán agus ar reifreann in 2011. Is é a bhí i gceist leis an gcéad chéim ná an Coimisiún Toghcháin mar a bhí ann agus an Príomhoifigeach Toghcháin a malgamú an 1 Deireadh Fómhair 2010, bunaithe ar reachtaíocht leasaithe arna hachtú ag an bParlaimint in 2010 (NSEC, 2014a). Leis an reachtaíocht sin leasaíodh an tAcht Toghchánach 1993 lena gcuirtear taca reachtúil faoi thoghchóras na Nua-Shéalainne²¹.

Sa dara céim, aistríodh an fhreagracht as clárú chuig an gCoimisiún Toghcháin an 1 Iúil 2012, bunaithe ar reachtaíocht leasaithe arna hachtú in 2011. Ach leanann New Zealand Post Ltd. leis na seirbhísí cláraithe a sholáthar faoi chonradh ón gCoimisiún Toghcháin agus le tarmligean reachtúil uaidh (NSEC, 2013, lch.6).

Cuimsítear na nithe a leanas le feidhmeanna reachtúla Choimisiún Toghcháin na Nua-Shéalainne:

- cláir na dtoghthóirí a chomhthiomsú agus a choimeád;
- ullmhúchán a dhéanamh do thoghcháin, do chorrthoghcháin agus do reifrinn agus iad a eagrú;
- páirtithe polaitiúla a chlárú;
- cistí an rialtais agus am craolacháin a leithdháileadh do pháirtithe polaitiúla cláraithe do chraoltóireacht ar raidió agus ar theilifís de chlár um thoghcháin;
- comhlíonadh na ndlíthe toghcháin a chur chun cinn;
- feasacht an phobail maidir le gnóthaí toghchánacha a chur chun cinn trí oideachas agus trí chlár faisnéise;
- comhairle a thabhairt don Aire agus do Pharlaimint maidir le gnóthaí toghchánacha;
- acmhainní fógraíochta agus feasachta poiblí a chruthú ag reifrinn;
- faisnéis a chur ar fáil agus treoir, comhairle agus tuairimí comhairleacha a sholáthar chun cuidiú le páirtithe polaitiúla, iarrthóirí agus tríú páirtithe ionas go gcomhlíonfaidh siad a gcuid oibleagáidí reachtúla;
- Socruithe speisialta a láimhseáil do thoghthóirí Maoracha.

(NSEC, 2014b, lch.6)

Déanann comhlacht reachtúil ad hoc ar leith dar teideal 'an Coimisiún Ionadaíochta' athbhreithnithe ar theorainneacha toghcheantar sa Nua-Shéalainn.

²¹ Tá feidhmeanna an Choimisiúin leagtha a amach in alt 5 den Acht (NZ Parliamentary Counsel, 2014).

Sa Ríocht Aontaithe, go stairiúil rinneadh toghcháin a bhainistiú tríd an múnla Rialtasach, agus cinn chomhairimh ag oibriú go háitiúil (Greenwood, 2006). Tá sé sin cosúil leis an gcóras a úsáidtear in Éirinn, cé go ndéantar cinn chomhairimh sa RA a cheapadh ó na húdaráis áitiúla. Bunaíodh Coimisiún Toghcháin na RA in 2000 faoin Acht um Páirtithe Polaitiúla, Toghcháin agus Reifrinn 2000. Tá na freagrachtaí a leanas aige:

- páirtithe polaitiúla a chlárú;
- na rialacha faoi airgeadas na bpáirtithe agus na dtoghchán a chur i bhfeidhm;
- sonraí faoi mhaoiniú agus faoi chaiteachas páirtithe agus iarrthóirí a fhoilsiú;
- caighdeán a leagan síos do thoghcháin agus do chlárú toghthóirí agus tuairisciú ar na caighdeán sin;
- clárú vótálaithe a chur chun cinn agus faisnéis a sholáthar maidir le conas vótáil;
- **taighde a dhéanamh;**
- obair bheartais a dhéanamh maidir le gnóthaí toghchánacha;
- reifrinn a eagrú agus a bhainistiú;

(An Coimisiún Toghcháin, 2014a)

Níl freagracht ag Coimisiún Toghcháin na RA as athbhreithnithe ar theorainneacha toghcheantar mar déantar iad sin go leithleach ag coimisiúin teorainneacha reachtúla atá neamhspleách, neamhpholaitiúil agus neamhchlaonta. Ta coimisiúin teorainneacha ar leith ann do Shasana, Albain, don Bhreatain Bheag agus do Thuaisceart Éireann (Parlaimint, 2014).

I gcodarsnacht leis an Astráil agus leis an Nua-Shéalainn, is é Coimisiún na RA an comhlacht bainistíochta toghcháin maidir le reifrinn, ach ní le haghaidh olltoghcháin. Mar chodarsnacht chosúil, is Oifig Clárú do Thoghcháin atá bunaithe go háitiúil atá freagrach as clárú vótálaithe agus iad ag oibriú trí údaráis áitiúla. Trí reachtaíocht leasaithe in 2006²² rinneadh freagrachtaí an Choimisiúin a shíneadh chun monatóireacht ar fheidhmíocht agus leagan síos caighdeán a chuimsiú d'oifigigh toghchán áitiúil atá ina n-oifigigh d'údaráis áitiúla.

Tá deichniúr Coimisinéirí i gceannas ar Choimisiún Toghcháin na RA agus tugann Príomhfheidhmeannach agus foireann fheidhmiúcháin tacaíocht dóibh. Tá gach duine acu neamhspleách maidir le feidhmiú a gcuid dualgas agus is í an Bhanríon a cheapann iad (Electoral Commission, 2014c, lch.28). Rinneadh foráil le reachtaíocht leasaithe in 2009 do mhéadú ar an líon reatha. Le hathruithe a rinneadh ag an am sin ligtear do cheathrar Coimisinéirí a bheith curtha ar aghaidh le haghaidh ainmnithe ag páirtithe polaitiúla, cé nach féidir baint a bheith acu sin le polaitíocht ghníomhach agus ní féidir iad a cheapadh mar Chathaoirleach ar an gCoimisiún (HM Government, 2014).

²² An tAcht um Riarachán Toghchán 2006 lena leasaíodh an tAcht um Páirtithe Polaitiúla, Toghcháin agus Reifrinn.

I gCeanada tá an Príomhoifigeach Toghcháin (CEO) freagrach as toghcháin agus reifrinn a riar. Tugtar an teideal ‘Elections Canada’ don chomhlacht bainistíochta toghcháin a fheidhmíonn na ról agus freagrachtaí sainiúla faoi údarás an CEO. Cuirtear síos air mar “ghníomhaireacht neamhspleách, neamhpháirtíneach a thuairiscíonn go díreach do Pharlaimint” (Elections Canada, 2008, lch.7). Tá an creat dlíthiúil leagtha amach san Acht um Elections Canada. Ceaptar an Príomhoifigeach Toghcháin trí rún na Parlaiminte. Fónann sé nó sí go dtí go dtéann siad ar scor nó go n-éiríonn siad as oifig agus ní féidir ach le hArd-Ghobharnóir Cheanada iad a bhaint as oifig ar chúis ar leith, tar éis comh-aighneacht a dhéanamh do Theach na dTeachtaí agus don Seanad. Tá an tuarastal socraithe ar leibhéal breithimh chónaidhmigh (Elections Canada, 2014a). Meastar an leibhéal neamhspleáchais sin mar láidreacht, ach cuireadh síos air mar shrianadh freisin ós rud é go bhfuil an chumhacht comhchruinnithe i lámha duine amháin (Gould, 2006, lch. 59).

I dtús báire, ní raibh Príomhoifigeach Toghcháin Cheanada freagrach ach as olltoghcháin agus corrthoghcháin a riar. Ach rinneadh údarás Elections Canada a shíneadh thar na blianta, áfach, agus anois tá na príomhfheidhmeanna a leanas san áireamh leis:

- reachtaíocht um thoghcháin a riar;
- páirtithe polaitiúla, tríú páirtithe, cumainn toghcheantar áitiúil, iomaitheoirí ar cheannaireacht agus iomaitheoirí ar ainmiúchán na bpáirtithe cláraithe a chlárú;
- Clár Náisiúnta na dToghthóirí a choimeád;
- cinn chomhairimh a cheapadh agus treoracha a sholáthar dóibh i ngach ceann de na 308 dtoghcheantar (is é an Príomhoifigeach Toghcháin a cheapann na cinn chomhairimh agus tuairiscíonn siad dó/di);
- nochtadh maidir le maoiniú polaitiúil agus fócaíochtaí stáit d’iarrthóirí agus do pháirtithe polaitiúla;
- rochtain fhisiceach chun vótáil a chinntiú;
- clár faisnéise poiblí;
- tacaíocht a sholáthar do choimisiúin teorainneacha neamhspleácha;
- comhairle shaineolaíoch a sholáthar do Pharlaimint maidir le hathchóiriú toghchánach agus reachtaíocht;

(Elections Canada, 2008; 2014b)

Is gné í de gach ceann de na ceithre chomhlacht bainistíochta toghcháin go ndearnadh a sainchúraim faoi seach a fhairsingiú de réir a cheile thar na blianta. Sa Nua-Shéalainn go háirithe, tharla an fairsingiú ar bhealach beartaithe, córasach agus struchtúraithe. Is gné choitianta freisin go ndearnadh gach ceann de na comhlachtaí a bhunú faoin dlí. Is féidir sin a chur i gcodarsnacht le coimisiúin toghcháin a bhfuil aitheantas faoin mbunreacht acu, rud atá ina norm i réigiúin Mheiriceá Laidinigh, na hAfraice agus na hÁise (López-Pintor, 2000, lch.20). Tá an reachtaíocht faoina

mbunaítear gach ceann de na comhlachtaí bainistíochta toghcháin saintreorach faoi na freagrachtaí a shanntar dóibh agus go tipiciúil bíonn ardeibhéal sonraí inti.

Rinneadh foráil do chruthú Choimisiún Toghcháin na hAstráile trí leasuithe a rinneadh le hAcht Toghcháin an Chomhlathais (Commonwealth Electoral Act) 1918, an reachtaíocht phríomhúil lena gcuirtear taca faoin toghchóras san Astráil (CEA, 2014). Luaitear nádúr an-saintreorach an Achta mar fhachtóir tábhachtach lena ndéantar neamhchlaontacht an Choimisiúin a choimeád, a chuireann an dlí i bhfeidhm de réir mar atá leagtha síos ag Parlaimint. Is féidir sin a chur i gcodarsnacht le tíortha eile ina bhfuil cumhachtaí lánroghnacha níos leithne ag coimisiúin thoghcháin chun rialacháin a dhéanamh lena rialaítear nósanna imeachta toghchánacha – in Uragua, mar shampla, tá cumhachtaí reachtacha, breithiúnacha agus forfheidhmithe ag an gcoimisiún toghcháin (IDEA, 2006, lch.50). Sonraítear in Alt 6 d’Acht Toghcháin an Chomhlathais 1918 go gcuimseofar ballraíocht AEC breitheamh gníomhach nó ar scor de Chúirt Chónaidhmeach na hAstráile, an Coimisinéir Toghcháin, agus comhalta neamh-bhreithiúnach nach mó a bheith ina c(h)eann ar ghníomhaireacht chónaidhmeach (CEA, 2014). Maireann téarma na hoifige seacht mbliana ar a mhéad agus is é Ard-Ghobharnóir na hAstráile a dhéanann na ceapacháin.

Is é an Coimisinéir Toghcháin an príomhfheidhmeannach freisin agus tá na cumhachtaí aige a bhíonn ag Rúnaí Roinn an Rialtais (AEC, 2013). Ceapadh an Coimisinéir reatha i Nollaig 2014 le haghaidh téarma 5 bliana agus roimhe sin bhí sé ag fónamh mar leas-choimisinéir, agus is é cúlra a ghairmréime ná mar státseirbhíseach sinsearach (SMOS, 2014). Tá an tríú chomhalta ina a cheann ar Bhiúró Staidrimh na hAstráile. Is ar bhonn páirtaimseartha a shealbhaíonn an Cathaoirleach agus an comhalta neamh-bhreithiúnach araon.

Is í an fhoirm dhlíthiúil a úsáidtear chun gníomhaireachtaí a chruthú sa Nua-Shéalainn ná rud ar a dtugtar ‘Eintiteas Neamhspleách na Corónach’. Cruthaíodh an Coimisiún Toghcháin mar a leithéid de chomhlacht. Is é an comhlacht rialaithe an bord dá chuid, lena gcuimsítear trí chomhalta a cheapann an tArd-Ghobharnóir tar éis rún ó Theach na nIonadaithe (NZ Parliamentary Counsel, 2014). Cuimsítear leis an mbord reatha an Cathaoirleach, ata ina bhreitheamh ar scor de na hArd-Chúirte, an Leas-Chathaoirleach atá ina stiúrthóir ar chuideachta ghairmiúil agus an Príomhoifigeach Toghcháin (CEO) atá ina príomhoifigeach feidhmeannach freisin de chuid an Choimisiúin Thoghcháin. Ceapadh an CEO reatha le haghaidh téarma cúig bliana in 2010 (NZEC, 2014b, lch.6).

Is féidir an ról rialachais a fheidhmíonn comhaltaí ceaptha coimisiúin thoghcháin a idirdhealú ó na struchtúir a bhaineann lena bhainistíocht oibriúcháin.

5.4. Struchtúr eagraíochta

Is í gné de gach ceann de na struchtúr oibriúcháin de chuid gach ceann de na ceithre chomhlacht bainistíochta toghcháin go bhfuil siad roinnte i líon d'aonaid eagraíochta ar leith, agus bainisteoir freagrach i gceannas ar gach ceann acu. Is féidir na haonaid sin a roinnt tríd is tríd ina dhá chineál chatagóir inaitheanta a oibrítear taobh le taobh laistigh de gach eagraíocht. Tá fócas ag an gcéad chineál aonaid ar fhreagracht fheidhmiúil shainiúil amhail, mar shampla, clárú na dtoghthóirí nó rialú ar mhaoiniú polaitiúil.

Feidhmíonn an dara cineál aonaid feidhmeanna seirbhísí corparáideacha go tipiciúil don eagraíocht iomlán, mar shampla bainistíocht pearsanra, airgeadas, seirbhísí dlí agus teicneolaíocht faisnéis agus cumarsáide. Tá an roinnt in aonaid eagraíochta a bhreathnaítear sna ceithre chomhlacht bainistíochta toghcháin i gcomhréir leis an taithí níos leithne ar chomhlachtaí bainistíochta toghcháin go hidirnáisiúnta (IDEA, 2006, lch.125).

Tá achoimre ar struchtúir eagraíochta na gceithre chomhlacht bainistíochta toghcháin faoi athbhreithniú i dtábla 11.

Tábla 11 – Comparáid na Struchtúr Eagraíochta

Coimisiún Toghcháin na hAstráile	Coimisiún Toghcháin na Nua-Shéalainne	Coimisiún Toghcháin na Ríochta Aontaithe	Elections Canada
<p>Tá an oifig náisiúnta roinnte ina 8 mbrainse:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Oideachas agus Cumarsáid; • Toghcháin; • Seirbhísí Airgeadais agus Gnó; • Teicneolaíocht Faisnéise; • Díl agus Comhlíontacht; • Seirbhísí Daoine; • Bainistíocht Ról; • Cumas Straitéiseach. <p>(AEC, 2013, lch.9)</p>	<p>Tá 8 réimse fheidhmiúla ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Imeachtaí Toghcháin • Seirbhísí Cláraithe* • Teicneolaíocht Faisnéise • Beartas Toghcháin • Cumarsáide agus Oideachas • Caidrimh Reachtúla • Seirbhísí Corparáideacha • Allamuigh** <p>*Tá Seirbhís Phoist na Nua-Shéalainne faoi chonradh chun clárú a fheidhmiú</p> <p>** San áireamh leis an bhfoireann shealadach allamuigh tá cúigear Bainisteoirí Réigiúnacha, Ceann Comhairimh amháin in aghaidh líon na dtoghthóirí, agus timpeall ar 18,000 Oifigigh Thoghcháin.</p> <p>(NSEC, 2014b, lch.16).</p>	<p>Tá ceithre 'stiúrthóireacht' phríomhúla ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Airgeadas Páirtithe agus Toghchán; • Riarachán Toghchán; • Cumarsáid; • Airgeadas agus Seirbhísí Corparáideacha. <p>(An Coimisiún Toghcháin, 2014a).</p>	<p>Tá cúig 'earnáil' ann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Imeachtaí Toghcháin; • Seirbhísí Comhtháite, Beartas, agus Caidreamh Poiblí; • Gnóthaí Rialála; • Acmhainní Daonna; • Ceann na Foirne agus Príomhfheidhme annach Iniúchta. <p>(Elections Canada, 2014b).</p>
Daonra: 21.5m (2011)	Daonra: 4.4m (2013)	Daonra: 64.1m (2014)	Daonra: 33.5m (2011)

Tá struchtúr laistigh de gach comhlacht bainistíochta toghcháin atá ailínithe lena scála oibríochtaí agus le freagrachtaí sainiúla. Tá ceacht ionchasach anseo d'Éirinn.

Ag brath ar na freagrachtaí a bheidh le sannadh, tá sé dealraitheach gurbh fhéidir foirm de struchtúr eagraíochta roinnte a chur i bhfeidhm go hiomchuí maidir le coimisiún toghcháin na hÉireann, mar a rinneadh sna ceithre thír arna n-athbhreithniú.

Nuair a bunaíodh Coimisiún Toghcháin na hAstráile, coinníodh struchtúir stáit sheanbhunaithe maidir le riarachán toghchán. Breathnaíodh gur cuireadh ar chumas an chomhlachta nua trí choinneáil na heagraíochta bunaidh sin chun an taithí phraiticiúil a forbraíodh thar go leor blianta a choimeád agus chun forbairt a dhéanamh uirthi (Maley, 2001, lch.26). Tá ceacht féideartha anseo d'Éirinn agus do na socruithe riaracháin áitiúil reatha dá cuid a bhaineann leis na cinn chomhairimh do thoghcháin na Dála. Bhí tuarascáil Institiúid Geary in 2008 i bhfabhar an struchtúir áitiúil sin a choinneáil laistigh de shocruithe an choimisiúin toghcháin nua (Sinnott et. al., 2008, lch.29). Is féidir a bhreathnú, mar a tharla san Astráil, go ligfí do choinneáil coda criticiúla den chóras riaracháin reatha lena leithéid de chur chuige, agus dhéanfaí an gá a sheachaint chun struchtúr áitiúil nua a chruthú.

Tairgeann Coimisiún Toghcháin na Nua-Shéalainne roinnt ceachtanna ionchasacha breise sa réimse sin. Oibríonn an Coimisiún le príomhfhóireann de 25 daoine choibhéiseacha lánaimseartha agus níl aon struchtúr allamuigh aige ar an leibhéal áitiúil (NZEC, 2014b, lch.7). B'ionann daonra na tíre ag an daonáireamh is déanaí in 2013 agus timpeall ar 4.4m (Statistics New Zealand, 2013), agus dá bhrí sin tá sé inchomparáide do dhaonra na hÉireann.

Cosúil leis an Nua-Shéalainn, níl líonra oifigí áitiúla ag Coimisiún Toghcháin na RA ach oibríonn sé oifigí réigiúnacha. Tá an cheannoifig lonnaithe i Londain agus tá oifigí aige sa Bhreatain Bheag, in Albain agus i dTuaisceart Éireann, mar aon le trí oifig réigiúnacha i Sasana. Tá 123 ball foirne ann san iomlán (An Coimisiún Toghcháin, 2014b, lch.80). Mar gheall ar mhéid na hÉireann agus scála na n-oibríochtaí toghcháin dá cuid, seans nach mbeadh líonra oifigí réigiúnacha den mhéid sin de dhíth, ach d'fhéadfadh sé sin bheith ag brath ar na freagrachtaí a shannfaí don choimisiún toghcháin nua.

I múnla Cheanada, déantar údarás a dhílsiú go príomha i nduine amháin seachas i gcoimisiún toghcháin, agus is é an Príomhoifigeach Toghcháin a cheapann pearsanra sinsearach. Tá timpeall ar 500 ball foirne ag Elections Canada agus iad ag obair go lánach sna hoifigí dá chuid (Elections Canada, 2014b).

5.5. Clár na dtoghthóirí

Saináithníodh clárú na dtoghthóirí i roinnt de na moltaí arna n-athbhreithniú i gCuid 4 mar fhreagracht shainiúil a d'fhéadfadh a bheith sannta do choimisiún toghcháin na hÉireann. Tá roinnt eispéireas inchomparáide ann ar féidir le hÉirinn leas a bhaint astu maidir leis sin. I 1997 bhog Ceanada chuig clár buan na dtoghthóirí, ar a dtugtar

anois ‘Clár Náisiúnta na dToghthóirí’, agus sanntar freagracht as é a chothabháil do Elections Canada. Roimhe sin, rinneadh clárú trí chanbhásáil ó dhoras go doras agus cruthaíodh clár nua a luaithe agus a fógraíodh toghchán. Leis an gcóras nua rinneadh foráil do chothabháil an chláir bhunú agus éagsúlacht d’fhoinsí sonraí oifigiúla á n-úsáid.

Shainaithin Courtney na trí phríomhfhachtóir rannchuiditheacha a bhí ina gcúis leis an aistriú rathúil mar a leanas: (1) an tacaíocht láidir ón bPríomh-Aire don athrú, (2) easpa cur i gcoinne an aistrithe agus (3) infhaighteacht acmhainní imleora chun bacainní a sháru. Thug sé tábhacht an chomhdhearcaidh faoi deara freisin maidir le comhaontú leis an gcóras áirithe de chlárú toghthóirí a leanadh (2002, lch.125). D’fhéadfadh an t-eispéireas sin a bheith ábhartha d’Éirinn agus moltar leis go mbeadh ceannasaíocht, comhaontú polaitiúil agus maoiniú imleor ina gcuidiú le clár nua na dtoghthóirí a thabhairt isteach.

Roimh an gcur chun feidhme i gCeanada bhí tréimhse idirphlé pholaitiúil ann arna threorú ag sraith tuarascálacha oifigiúla idir 1986 agus 1992 (Black, 2003, p.7). Bhí ról ríthábhachtach ag Elections Canada maidir le hindéantacht theicniúil an chórais chlárúcháin nua a thaispeáint. Léirítear leis an taithí sin ceacht ionchasach eile d’Éirinn – nach mór a thaispeáint go bhfuil aon chóras nua indéanta go teicniúil sula ndéanfar é a fheidmiú go céimneach.

Tairgtear ceachtanna ionchasacha eile leis an dóigh ina ndearnadh an t-athrú a bhainistiú. Cé gur tháinig an clár nua i bhfeidhm i 1997, cuireadh tús le pleanáil i nDeireadh Fómhair 1993 nuair a cuireadh grúpa stiúrtha ar bun laistigh de Elections Canada. Faoi earrach 1994 táirgeadh pléfháipéar maidir le clárú leanúnach ag an ngrúpa. Faoi dheireadh 1994 bunaíodh foireann thionscadail speisialta agus tugadh an sainchúram di na costais agus na tairbhí a scrúdú, féachaint ar an obair a bheadh de dhíth maidir leis na próisis nua, foinsí a mheasúnú chun sonraí a nuashonrú, dul i gcomhairle le páirtithe ionchasacha agus measúnú féidearthachta a dhéanamh (Black, 2003, lgh. 12-13). Thuairiscigh an fhoireann thionscadail go luath i 1996 agus achtaíodh an reachtaíocht chun an córas nua a chur i bhfeidhm ní ba dhéanaí sa bhliain sin. Tháinig an clár i bhfeidhm i bhfómhar 1997.

Cé gur seachadadh coigilteas airgeadais leis an gclár náisiúnta nua, rinne Black an argóint go raibh sé ina chúis le mearbhall agus go raibh tionchar diúltach aige ar leibhéil an chláráithe agus ar an ráta vótála. Mhol sé gur cheart dul ar ais chuig cineál éigin d’áireamh ó dhoras go doras. Leantar leis an gcóras cláráithe náisiúnta le bheith i bhfeidhm inniu agus ghlac Elections Canada le bearta chun plé le cáintí a ardaíodh, go háirithe tar éis na n-olltoghchán a eagraíodh i 1997 agus in 2000.

Tairgtear ceachtanna ionchasacha freisin leis an RA agus tá a córas cláráithe toghthóirí á thrasfhoirmiú aici le tamall. Le hAcht Cláráithe agus Riaracháin Toghthóirí 2013, a achtaíodh in 2013, rinneadh foráil do chóras cláráithe toghthóirí

aonair sa Bhreatain Mhór in ionad an chórais bunaithe ar theaghaisí a dhéantar a nuashonrú gach bliain tar éis toghthóirí a chanbhásáil. Tá an Coimisiún Toghcháin ag tacú leis an bpróiseas agus dúirt seisean “beidh an t-athrú seo ina athrú is mó ar ár dtoghchóras atá feicthe ó theacht isteach an chirt vótála uilíoch” (An Coimisiún Toghcháin, 2014c, lch.11). Bhí obair ag baint leis an athrú arna déanamh ag foireann thionscadail bunaithe in Oifig na Comh-Aireachta agus ag 387 bhfoireann sna húdaráis áitiúla mar aon le hionchur ón Roinn Oibre agus Pinsean (GDS, 2014). Is iad na húdaráis áitiúla na húdaráis chlárúcháin ar an leibhéal áitiúil. Tá pointe rochtana aonair ann trí láithreán gréasáin chun clárú chun vótáil ar líne²³.

Rinneadh clárú teaghaisí a dhíothú i dTuaisceart Éireann in 2002 agus cuireadh clárú aonair ina ionad. Rinneadh an chanbhásáil bhliantúil a dhíothú in 2007. Cé go ndearnadh feabhsuithe ar dtús, aimsíodh le taighde a rinne an Coimisiún Toghcháin in 2012 gur mheathlaigh cáilíocht an chláir ó 2008. Chun tabhairt faoin gcás sin eagraíodh feachtas feasachta poiblí agus canbhásáil vótálaithe in 2013. Foilsíodh an clár nua i Nollaig 2013 agus bhí níos mó ná 1.2 mhiliún iontráil ann ag ionadú 88% de na toghthóirí incháilithe (An Coimisiún Toghcháin 2014c, lch. 11).

5.6. Cuntasacht

Trí shainmhíniú praiticiúil a sholáthar, is í an chomhairle ón Institiúid Idirnáisiúnta um Dhaonlathas agus Cúnamh Toghchánach “go gciallaíonn Cuntasacht go mbíonn comhlacht bainistíochta toghcháin freagrach as a chuid gníomhaíochtaí, agus ní mór dó fianaise a sholáthar go tréimhsiúil dá pháirtithe leasmhara agus don phobal go bhfuil a chuid gníomhaíochtaí éifeachtach agus go gcomhlíonann siad na caighdeáin dhlíthiúla, eiticíúla, seirbhíse agus airgeadais dá chuid” (IDEA, 2006, p.223). I gCuid 3 sainaithníodh gurbh é ceann amháin de na saincheisteanna criticiúla le breithniú maidir le dearadh comhlachtaí bainistíochta toghcháin ná an chothromaíocht atá le baint amach idir neamhspleáchas agus cuntasacht.

Maidir leis na ceithre thír arna n-athbhreithniú anseo, cuirtear cuntasacht i bhfeidhm trí chomhcheangal d'fhollasacht sna hoibríochtaí dá gcuid agus de chaidreamh díreach le coiste parlaiminteach arna shainaithint go saineúil. Oibríonn gach comhlacht go neamhspleách ar an Rialtas agus níl siad faoi réir ag stiúradh ag an Aire. Ach go tipiciúil, áfach, sanntar freagracht as plé le gnóthaí toghchánacha d'aire ainmnithe a ghníomhaíonn mar idirghabhálaí chun faisnéis a mhalartú, agus chun tabhairt faoi shaincheisteanna beartais óna dteastaíonn freagairt ón Rialtas.

Tá Coimisiún Toghcháin na hAstráile cuntasach do Pharlaimint Chónaidhmeach na hAstráile tríd an gComhchoiste Buan um Ghnóthaí Toghchánacha. Tacaíonn an Coimisiún leis an gCoiste freisin ina ról maidir le fiosrú agus tuairisciú a dhéanamh ar iompar toghchán agus ar ghnóthaí toghchánacha eile a mheasann an parlaimint

²³ <https://www.gov.uk/register-to-vote>

le bheith ábhartha. In 2012-2013, rinne an Coiste trí fhiosrúchán (AEC, 2014b, lch.87). Breithníodh an méid a leanas tríd na caidrimh chuntasachta sin a scrúdú:

Trí chomhobair a dhéanamh leis an gComhchoiste Buan chuir AEC le dea-rialachas trí éifeachtúlacht agus cuntasacht um iompar toghchán a fheabhsú. Baineadh sin amach trí fhóram a sholáthar le haghaidh díospóireacht oscailte ar shaincheisteanna toghchánacha, trí idirphlé a éascú idir páirtithe polaitiúla, agus trí bheith cuntasach don Choiste, a oibríonn i radharc an phobail, seachas a bheith cuntasach d'aireacht atá ina cuid, de nádúr, de spás polaitiúil níos druidte.

(Lópes Pintor, 2000, lch.153)

Sa Nua-Shéalainn, déantar foráil do neamhspleáchas an Choimisiúin Thoghcháin i reachtaíocht, mar aon le meicníochtaí cuntasachta áirithe. Ní mór don Choimisiún Toghcháin tuairisciú i scríbhinn laistigh de 6 mhí tar éis olltoghcháin don aire atá freagrach maidir le riarachán an toghcháin sin²⁴. Ansin ní mór don aire an tuarascáil a chur faoi bhráid Theach na nIonadaithe laistigh de 5 lá oibre agus ní mór í a fhoilsiú.

San RA, déantar foráil le sceideal 1 leis an Acht um Páirtithe Polaitiúla, Toghcháin agus Reifrinn (PPERA) 2000 nach ndéantar an Coimisiún Toghcháin a mheas mar sheirbhíseach nó gníomhaire na Corónach, nó ní mheastar go bhfuil aon stádas, díolúine nó pribhléid de chuid na Corónach aige (HM Government, 2014). Níl aon chumhacht ag an gCoimisiún dlí toghchánach a dhréachtú, ach tá oibleagáid reachtúil ar an rialtas dul i gcomhairle leis maidir le hathruithe molta.

Is é an príomhchainéal de chuntasacht ná trí choiste agus Spéicéir Theach na dTeachtaí ina c(h)athoirleach air. Cuimsítear le ballraíocht an choiste sin Cathaoirleach Roghchoiste Gnóthaí Baile, an tArd-Seansailéir, Aire (nach mó a bheith ina TP) ag a bhfuil freagrachtaí maidir le rialtas áitiúil agus cúigear TP (HM Government, 2014).

San áireamh le feidhmeanna an Choiste tá na nithe a leanas:

- scrúdú a dhéanamh ar mheastacháin bhliantúla an Choimisiúin;
- scrúdú a dhéanamh ar phleananna chúig bliana an Choimisiúin;
- cuntais an Choimisiúin a ghlacadh;
- an tuarascáil bhliantúil a ghlacadh as Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste an Choimisiúin;
- Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin a ainmniú;
- tuairisciú do Theacht na dTeachtaí.

(An Coimisiún Toghcháin, 2014b, lch.25)

²⁴ Alt 8 den Acht Toghcháin 1993 (NZ Parliamentary Counsel, 2014)

I gCeanada tuairiscíonn an Príomhoifigeach Toghcháin go díreach don Pharlaimint tríd a Buanchoiste um Nósanna Imeachta agus Gnóthaí an Tí. Tagann an CEO os comhair an choiste roinnt uaireanta sa bhliain (Gould, 2006). Is caidreamh dhá bhealach atá ann, agus an CEO cuntasach, ach an ceart tionscnaimh ag an CEO freisin chun moltaí a thabhairt ar aghaidh maidir le hathruithe (Elections Canada, 2012). Mar ghníomhaireacht na Parlaiminte, tuairiscíonn Elections Canada don Pharlaimint trí Spéicéir Theach na nIonadaithe. Chun cumarsáid a éascú, ainmnítear Aire, Ceannaire an Tí de ghnáth, mar an duine atá freagrach as cumarsáid a dhéanamh le Elections Canada (Gould, 2006).

Tá na socruithe sin rud beag éagsúil ó na cinn a oibrítear in Éirinn nuair a fheidhmítear cuntasacht pharlaiminteach maidir le gnóthaí toghchánacha go príomha tríd an Aire ábhartha. Tríd is tríd tagann freagrachtaí laistigh de shainchúram an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Tá freagrachtaí freisin ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ag an Aire Airgeadais i dtaca le caiteachas ar thoghcháin, a ndéantar an mhórchuid de a iompar ón gCiste Lárnach.

Maidir le roinnt feidhmeanna toghchánacha reatha in Éirinn tá roinnt análach ann leis na struchtúir tuairiscithe a oibrítear sna tíortha eile faoi athbhreithniú. I dtaca le freagrachtaí áirithe dá chuid faoin Acht Toghcháin 1997 tuairiscíonn an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí go díreach do Cheann Comhairle Dháil Éireann²⁵, mar a dhéanann Coimisiún um Thoghcheantair nuair a dhéanann sé teorainneacha toghcháin na Dála a athbhreithniú²⁶. Ar an taobh eile, tuairiscíonn Coimisiún Reifrinn don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, agus ní mór dó/di ansin cóipeanna de thuarascáil an Choimisiúin a chur faoi thithe an Oireachtais²⁷.

Is impleacht a bhainfeadh le hÉirinn ag glacadh le heiseamláirí na gcoimisiún toghcháin arna n-athbhreithniú anseo ná go mbeadh athrú ar na socruithe cuntasachta reatha, agus bheadh ról níos suntasaí ag an Oireachtas. Is féidir idirdhealú a dhéanamh, áfach, idir neamhspleáchas oibríochtúil coimisiúin toghcháin, a chaidreamh cuntasachta ionchasach leis an Oireachtas agus freagrachtaí ceaptha beartas an Rialtais. Bhí sé réamh-mheasta i dtuarascáil Institiúid Geary go gcoinneodh an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil feidhmeanna ceaptha beartas áirithe amhail dáta na vótála a shocrú agus athruithe ar an toghchóras a mholadh. Cé go bhféadfadh ról comhairleach a bheith ag an gcoimisiún toghcháin, bheadh an fhreagracht dheiridh ag an Aire maidir leis na gnóthaí sin (Sinnott et. al., 2008, lch.5).

Bheadh sé riachtanach freisin machnamh a dhéanamh ar an gceist maidir le cé acu an síneadh nó nach síneadh caidreamh an choimisiúin toghcháin níos faide ná

²⁵ Alt 4(1) agus Alt 88(1) den Acht Toghcháin 1997.

²⁶ Alt 9(1) den Acht Toghcháin 1997.

²⁷ Alt 14(1) den Acht Reifrinn 1998.

cuntasacht do choiste na parlaiminte chun ról a chuimsiú maidir le cuidiú le fiosrúcháin na parlaiminte i ngnóthaí toghchánacha.

5.7. Feidhmíocht

Sainaithníonn Elklit and Reynolds (2005) ceithre tháscaire feidhmíochta chun bainistíocht toghcháin a mheasúnú. Is féidir iad a achoimriú mar a leanas:

- an dhlísteanacht bhraite agus glacadh an chomhlachta bainistíochta toghcháin ag páirtithe polaitiúla agus ag vótálaithe;
 - méid braite na neamhchlaontachta;
 - an cháilíocht bhraite maidir le seachadadh seirbhísí; agus
 - méid braite na follasachta.
- (2007, p.152).

Is iad na modhanna tomhais a mholtar ná suirbhéanna, painéil saineolaithe agus fianaise vótála.

I gcomhpháirt le treochothaí idirnáisiúnta i riarachán poiblí, is tosaíochtaí anois bainistíocht agus tuairisciú ar fheidhmíocht le blianta beaga anuas do na coimisiúin thoghcháin arna n-athbhreithniú anseo, agus forbairt níos mó á déanamh ar chórais agus ar mheicníochtaí foirmiúla. Meastar gur dea-chleachtas bunúsach é do choimisiún toghcháin Plean Straitéiseach a ullmhú lena leagtar amach tacar cuspóirí comhaontaithe bunaithe ar fhreagrachtaí ar féidir iad a shainiú faoin dlí (IDEA, 2006, lgh.131). Feictear é mar dhea-chleachtas chun pleananna oibriúcháin a ullmhú laistigh den chreat straitéiseach sin

Is féidir ionchais feidhmíochta áirithe a aithint sa reachtaíocht freisin. I gCeanada mar shampla, tá caighdeán feidhmíochta am-bhunaithe maidir le leibhéil seirbhíse leagtha amach sa dlí, lena n-áirítear caighdeán le haghaidh toghthóirí a chlárú agus le haghaidh torthaí toghcháin a fhógairt.

Oibríonn Coimisiún Toghcháin na hAstráile ‘Creat Pleanála, Oibriúcháin agus Tuairiscithe’ (AEC, 2014b, lch.78). Tá na torthaí feidhmíochta dá chuid leagtha amach trí Phlean Straitéiseach a dhéantar a ullmhú gach 5 bliana agus trí Phlean Gnó Náisiúnta. Ós rud é nach bhfuil Coimisiún Toghcháin na hAstráile faoi réir ag stiúradh ag an aire rialtais freagrach nó ag Comhchoiste na Parlaiminte, breathnaíodh go soláthraítear cuntasacht go príomha trí fhollasacht (Maley, 2001, lch.28).

Foilsíonn AEC tuarascáil bhliantúil lena dtuairiscítear ar ‘phríomhthorthaí feidhmíochta’, sa bhreis ar fhaisnéis níos mionsonraithe a sholáthar ar a chuid gníomhaíochtaí. Leagtar amach samplaí léiritheacha de na torthaí sin arna dtógáil ó thuarascáil bhliantúil an Choimisiúin i dTábla 12.

Tábla 12 – Coimisiún Toghcháin na hAstráile – Táscairí Feidhmíochta Samplacha

Príomhtháscaire Feidhmíochta	Toradh Bainte Amach 2012/2013
95% de dhaoine incháilithe ar chlár na dtoghthóirí	91.4%
99.5% de bhearta cláraithe arna bpróiseáil go ceart	99.6%
99% de bhearta cláraithe arna bpróiseáil laistigh de thrí lá gnó	82.7%
Tá 98% ar a laghad de tháirgí cláraithe beacht	98.8%
Tá 98% ar a laghad de tháirgí cláraithe seachadta faoin spriocdháta comhaontaithe	100%
Soláthraítear cúnamh éifeachtach le hiompar toghchán stáit, críche agus rialtais áitiúil nuair a iarrann an comhlacht toghcháin ábhartha	Bainte amach
Tá an stát, páirtithe leasmhara agus cliaint 'táille as seirbhísí' lánsásta leis na seirbhísí arna soláthar	Bainte amach
Ardleibhéal ullmhachta do thoghcháin arna gcoimeád agus garspriocanna príomhúla arna gcomhlíonadh	Bainte amach
Clárú páirtithe arna phróiseáil i gcomhréir le reachtaíocht agus Clár na bPáirtithe arna nuashonrú ar bhonn tráthúil	Bainte amach
Maoiniú toghcháin arna ríomh agus arna íoc i gcomhréir leis an reachtaíocht	Neamhbhainteach – ní raibh aon toghcháin chónaidhmeacha ann
Nochtuithe airgeadais faighte agus arna gcur ar an taifead poiblí i gcomhréir le frámaí ama faoin reachtaíocht	Bainte amach
Comhlíontar na spriocanna arna sonrú do na tionscadail aonair a cuireadh chun feidhme leis an gcúnamh idirnáisiúnta ag AEC, agus páirtithe leasmhara lánsásta leis na seirbhísí arna gcur ar fáil	Bainte amach
78,000 cuairteoirí chuig an Lárionad Náisiúnta um Oideachas Toghchánach (NEEC) in aghaidh na bliana.	Bainte amach – 90,400 cuairteoirí
2,000 seisiún oideachais NEEC Education arna soláthar in aghaidh na bliana	Bainte amach– 2,600 seisiún
100,000 rannpháirtithe i seirbhísí for-rochtana oideachais AEC	Bainte amach – 100,717 rannpháirtithe
1,200 rannpháirtithe i seisiúin forbartha gairmiúla múinteoirí	Bainte amach – 3,184 mhac léinn ó 18 n-ollscoil
Léirítear sástacht 90% le seirbhísí oideachais AEC.	Bainte amach
Straitéisí agus seirbhísí cumarsáide AEC arna bhforbairt, arna bhfeidhmiú agus arna n-athbhreithniú mar is iomchuí	Bainte amach

(AEC, 2014b, pp.20-71)

Baineann ionchas le táscairí mar sin chun forbairt creat feidhmíochta a threorú do choimisiún toghcháin na hÉireann. Soláthraítear eiseamláirí úsáideacha leo de bhearta cainníochtúla agus cáilíochtúla as a mbaintear úsáid chun tuairisciú ar ghníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme.

Soláthraíonn an Nua-Shéalainn eiseamláirí breise. Don choimisiún toghcháin dá cuid, sainaitnítear bearta tionchair faoi thrí cheannteideal. Déantar an feidhmíocht a bhaintear amach a thomhas ansin i gcoinne na feidhmíochta a réamh-mheasadh. Tá achoimre ar na príomh-thorthaí, de réir mar a thuairiscigh an Coimisiún, leagtha amach i dTábla 13. Soláthraítear samplaí léiritheacha leo sin de tháscairí cáilíochtúla. Léiríonn siad freisin an úsáideacht de thagarmharcanna agus spriocanna a úsáid chun feidhmíocht a mheasúnú.

Tábla 13 – Coimisiún Toghcháin na Nua-Shéalainn – Príomhthomhais Tionchair

Toradh / Tomhas	Feidhmíocht Thuartha	Feidhmíocht arna Baint Amach 2011/12
1. Príomhthionchar: Bacainní roimh Rannpháirtíocht Laghdaithe		
Táscairí tionchair:		
1A - % de vótálaithe sásta leis an eispéireas vótála	90%	88%
1B - % de neamh-vótálaithe ag sainaitheint bacainní riaracháin mar chúis leis an rogha gan vótáil	4% or less	2%
1C - % de ránaíthe ba bpáirtithe polaitiúla cláraithe sásta leis an tseirbhís arna soláthar	95%	98.8%
1D - % d'iarrthóirí sásta leis an tseirbhís arna soláthar	90%	93.6%
2. Príomhthionchar: Tuiscint Níos Fearr ar Thoghcháin		
Táscairí Tionchair:		
2A - % de vótálaithe a mheasann an córas vótála Comhaltáí Cionmhara Measctha (MMP) éasca le tuiscint ²⁸	60%	Gan suirbhé in 2011 mar gheall ar an reifrinn ar an gcóras vótála
2B – Ráta na vótála neamhfhoirmiúla mar % de na vótaí iomlána arna gcaitheamh mar thoradh ar earráidí vótálaithe i marcáil an pháipéir bhallóide ²⁹	0.25%	0.26%
3. Príomhthionchar: Iontaoibh an Phobail arna Coimeád		
Impact Indicator		
3A - % den phobal a bhfuil an-iontaoibh acu i riarachán na dtoghchán parlaiminteach agus i reifrinn	85%	Gan suirbhé in 2011 mar gheall ar an reifrinn ar an gcóras vótála

(NZEC, 2013, lch.16)

Déantar na torthaí sin a bhailiú trí shuirbhéanna ginearálta ar an bpobal i gcoitinne nó trí shuirbhéanna sprioctha ar ghrúpaí áirithe. Déantar sástacht rúnaithe na bpáirtithe polaitiúla agus iarrthóirí a thomhas trí shuirbhéanna ar an dá ghrúpa. Is ceann amháin de na tíortha chun tosaigh an Nua-Shéalainn atá rannpháirteach i dtomhais a fhorbairt maidir le feidhmíocht na hearnála poiblí agus cuntasacht sna

²⁸ Córas lena gceanglaítear feisirí parlaiminte arna dtoghadh ó thoghcheantair aonair agus feisirí arna dtoghadh ó liosta arna ullmhú ag gach páirtí polaitiúil. Eagraíodh reifreann in 2011 chun an córas MMP a athrú. Roghnaigh vótálaithe chun an córas MMP a choinneal le 57.77% ag vótáil ina fhabhar agus 42.23% ina choinne.

²⁹ Tagraíonn sé sin do vótaí neamhbhailí nó do vótaí millte.

fiche bliain seo a chuaigh thart. Ní nach ionadh mar sin de go bhfuil creat measartha forbartha ag an gCoimisiún Toghcháin le haghaidh feidhmíocht a bhainistiú agus le haghaidh torthaí agus aschuir a thuirisciú.

San RA, úsáidtear modhanna cosúla agus tomhais chosúla. Foilsíonn an Coimisiún Toghcháin tuarascáil bhliantúil le cuntais lena leagtar amach a fheidhmíocht i gcoinne cuspóirí luaite. Úsáideann an Coimisiún pobalbhreith bliantúil ar an bpobal i gcoitinne agus suirbhéanna ar ghrúpaí páirtithe leasmhara chun a chuid gníomhaíochtaí a mheasúnú.

Le haghaidh 2013 taifeadadh go bhfuil a fhios ag 89% de phobal RA conas clárú chun vótála, agus tá 82% sásta leis an bpróiseas. Bhí míshástacht leis an bpróiseas i dtaca le clárú chun vótála ar a leibhéal is ísle ó thosaigh an suirbhé bliantúil in 2008. Déanann an Coimisiún Toghcháin measúnú maidir le cé chomh maith agus a chomhlíonann Cinn Chomhairimh na caighdeáin feidhmíochta. Tá sé mar sprioc ag an gCoimisiún gur cheart go ndéantar freastal ar 90% de na toghthóirí ag Cinn Chomhairimh a chomhlíonann na caighdeáin feidhmíochta. B'ionann an toradh air sin in 2013 agus 92.5%. In 2013, cuireadh 99.6% de na fáltais reachtúla iomlána um síntiúis isteach in am. B'ionann an sprioc agus 90%. Úsáidtear sonraí taighde agus feidhmíochta chun obair an Choimisiúin a threorú (An Coimisiún Toghcháin, 2014b).

Ar leibhéal straitéiseach, foilsíonn Coimisiún Toghcháin RA plean corparáideach gach bliain lena ndéantar na dúshláin, tosaíochtaí, pleananna agus costais dá chuid a fhortheilgean don tréimhse cúig bliana ina dhiaidh sin. Baineann an plean is déanaí a foilsíodh leis an tréimhse 2014 go 2019 (An Coimisiún Toghcháin, 2014c).

Cé go dtuiriscíonn Coimisiún Toghcháin RA ar a fheidhmíocht féin, tá ról sainiúil aige freisin maidir le monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeáin na n-oifigeach toghchán atá ábhartha go hionchasach do chomhthéacs na hÉireann. Tá an chumhacht ag an gCoimisiún chun caighdeáin a chinneadh agus a fhoilsiú d'Oifigigh Cláraithe Toghthóirí, do Chinn Chomhairimh agus d'Oifigigh Comhairimh Reifrinn. Is féidir leis an gCoimisiún na hoifigigh sin a threorú chun tuarascálacha a sholáthar don Choimisiún maidir lena bhfeidhmíocht i gcoinne na gcaighdeán sin agus is féidir leis measúnacht a fhoilsiú ar leibhéal na feidhmíochta i gcoinne na gcaighdeán ata leagtha síos.

Foilsíodh caighdeáin feidhmíochta d'Oifigigh Cláraithe Toghthóirí ar dtús in 2008 agus athbhreithníodh iad go deireanach in 2013 (An Coimisiún Toghcháin, 2013a). Foilsíodh na caighdeáin feidhmíochta do Chinn Chomhairimh ar dtús in 2009 agus athbhreithníodh iad go deireanach in 2013 (An Coimisiún Toghcháin, 2013a). Agus na caighdeáin sin á bhforbairt aige, rinne an Coimisiún suirbhé bonnlíne chun faisnéis thosaigh a sholáthar ar fheidhmíocht agus chuaigh sé i gcomhairle le páirtithe leasmhara sula ndearnadh na caighdeáin fhoilsithe dheiridh a chomhaontú. San áireamh le gach ceann de na caighdeáin feidhmíochta tá teideal an

chaighdeáin, an aidhm, an méid nach mór do na hoifigigh thoghcháin a dhéanamh agus na sonraí nó an fhianaise a theastaíonn a chun feidhmíocht a thaispeáint. Foilsíonn an Coimisiún tuarascálacha maidir le feidhmíocht na n-oifigeach toghchán agus soláthraíonn sé comhairle agus tacaíocht i dtaca le conas feabhsuithe a bhaint amach.

Leis an gcur chuige sin tairgtear eiseamláir ionchasach don ról a d'fhéadfadh a bheith ag coimisiún toghcháin na hÉireann má dhéantar an cinneadh go leanfaidh cinn chomhairimh le toghcháin a riar ar leibhéal áitiúil.

5.8. Airgeadas agus iniúchadh

Baineann gné thábhachtach de rialachas toghchánach le socruithe le haghaidh maoiniú a leithdháileadh agus leis an maoirseacht ar a úsáid. Tá na saincheisteanna sin suite ag crosbhealach na cuntasachta agus na feidhmíochta. Soláthraítear tasc faoi mhéid na féinrialach dá chuid le méid an neamhspleáchais airgeadais ar féidir le coimisiún toghcháin é a fheidhmiú (Verhoest et. al., 2004). Ar an taobh eile, is saincheisteanna lárnacha iad an dóigh a ndéantar coimisiún toghcháin a mhaoiniú agus an dóigh a gcaitheann sé an buiséad dá chuid maidir le feidhmíocht 'inmheánach' agus 'sheachtrach' a mheasúnú. Baineann feidhmíocht inmheánach le gnóthaí maidir le riosca, bainistíocht agus córais oibriúcháin, agus clúdaíonn feidhmíocht sheachtrach saincheisteanna éifeachtúlachta agus éifeachtachta maidir le húsáid airgid phoiblí (McGauran et. al., 2005).

Sna socruithe maoinithe i gCeanada déantar idirdhealú idir dhá thacar gníomhaíochtaí. Déantar na tuarastail don fhoireann a reáchtálann Elections Canada a mhaoiniú trí leithreasú parlaiminteach bliantúil. Tarraingítear gach caiteachas eile go díreach as 'Ciste Ioncaim Chomhdhlúite' mar a thugtar air (Elections Canada, 2013). Déantar idirdhealú coibhéiseach in Éirinn idir caiteachas vótáilte a thaispeántar i meastacháin bhliantúla ranna rialtais agus íocaíochtaí a dhéantar ón gCiste Lárnach le haghaidh vótáil a eagrú agus vótaí a chomhaireamh ag toghcháin agus ag reifrinn.

Mhol staidéar Institiúid Geary go ndéanfaí idirdhealú cosúil maidir le coimisiún toghcháin na hÉireann, ag moladh go dtiocfadh caiteachas a bhaineann le toghcháin agus reifrinn ón gCiste Lárnach, agus go dtiocfadh caiteachas maidir le feidhmeanna toghchánacha eile an choimisiúin toghcháin ó chaiteachas vótáilte an státchiste. Ar an mbealach sin dhéanfaí idirdhealú idir caiteachais státchiste 'éigeantacha' agus 'lánroghnacha' (Sinnott et. al., 2008, lch.6).

Oibríonn Elections Canada Coiste Iniúchta "a sholáthraíonn treoir oibiachtúil don Phríomhoifigeach Toghcháin maidir le bainistíocht riosca, creat rialaithe agus cleachtais tuairiscithe" (Elections Canada, 2013). Cuimsítear le ballraíocht an

Choiste an Príomhoifigeach Toghcháin agus triúr atá ina gceapaithe neamhspleácha, mar aon le hionadaí ó Oifig an Ard-Iniúcháin a ghlacann páirt.

Tá socrú coibhéiseach ann i gCoimisiún Toghcháin RA, ag a bhfuil Coiste Iniúchta freisin. Baineann a ról le comhairle oibiachtúil a thairiscint d'fhonn a chinntiú “go mbíonn na próisis riosca, rialaithe agus rialachais is éifeachtaí, is éifeachtúla agus is eacnamaíche i bhfeidhm, agus go ndéantar na próisis dearbhaithe ghaolmhara a optamú” (Electoral Commission, 2014b, lch.25). Ainmnítear Príomhfheidhmeannach an Choimisiúin mar an Oifigeach Cuntasaíochta dá chuid.

Tá ceithre choiste bainistíochta agus maoirseachta ag Coimisiún Toghcháin na hAstráile ar a gcuirtear síos mar an Grúpa Bainistíochta Feidhmiúcháin, an Coiste Infheistíochta agus Straitéisí, an Coiste Dearbhaithe Gnó agus an Coiste Rialaithe Calaoise (AEC, 2013, lch.92).

Maidir le coimisiún toghcháin na hÉireann bheadh sé dealraitheach gur cheart coiste iniúchta agus struchtúir mhaoirseachta eile a chur i bhfeidhm chun dea-rialachas inmheánach a dhearbhu agus gur cheart go ndéanfaí foráil do chuntasacht airgeadais sheachtrach iomchuí freisin. I ngach ceann de na ceithre thír ar a ndearnadh scrúdú, is é an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste an t-iniúcháin don chomhlacht bainistíochta toghcháin, agus feictear go bhfuil sé sin ina shocrú iomchuí le bheith curtha i bhfeidhm in Éirinn.

Nuair a dhéanann sé a chuid caiteachais a phleanáil, déanann Coimisiún Toghcháin RA idirdhealú idir ‘príomhchostais’ agus costais ‘a bhaineann le himeachtaí’ mar a thugtar orthu. Clúdaítear gníomhaíochtaí an Choimisiúin beag beann ar imeachtaí toghchánacha. San áireamh leo sin tá pá, cíos, TFC agus freagrachtaí bliantúla ateagmhasacha amhail páirtithe a chlárú, caighdeáin feidhmíochta a anailísiú agus obair thaighde. Meastar príomhchostais ag £11.1m le haghaidh 2014-15, ag £11.92m le haghaidh 2015-16 agus ag £11.055m le haghaidh 2016-17. Meastar costais a bhaineann le himeachtaí le haghaidh na trí bliana sin ag £10.993m le haghaidh 2014-15 (is bliain olltoghcháin 2015), £7.871m le haghaidh 2015-16 agus £4.750m le haghaidh 2016-17 (An Coimisiún Toghcháin, 2014c, lch.31).

In New Zealand, the bulk of the funding is provided by the exchequer. For the year 2011/2012, which included a general election and referendum, total revenue for the Commission was NZ\$39.093m, of which \$38.696m was provided from government appropriations (NZEC, 2013, p.8). Revenue in 2013 was NZ\$26.833m, of which NZ\$26.347m was provided by the Government (NZEC, 2014b, p.20).³⁰

³⁰ €1 = NZ\$1.49. Ráta malairte an Bhainc Ceannais Eorpaigh amhail 19 Eanáir 2015. <https://www.ecb.europa.eu/stats/exchange/eurofxref/html/eurofxref-graph-nzd.en.html>

6. Conclúidí

Rinneadh machnamh sa pháipéar seo ar shaincheisteanna a thiocfaidh chun cinn mar thoradh ar bhunú coimisiúin thoghcháin in Éirinn. Is gníomhaíocht shuntasach a bheidh i gceist le bunú a leithéid de chomhlacht. De réir mar a dhéantar obair a phróiseáil ar an tasc, beidh sé riachtanach cinntí a ghlacadh ar na feidhmeanna a bheidh le sannadh agus ar na socruithe rialachais nach mór iad a chur i bhfeidhm. I gCuid 1 sainaithníodh sraith saincheisteanna le haghaidh machnaimh agus rinneadh iad a achoimriú in aon cheist déag. Soláthraítear deis leis an bpróiseas réamh-reachtaíochta don reachtaíocht atá molta do chomhaltaí an Oireachtais chun tabhairt faoi na saincheisteanna sin.

Chun bogadh ar aghaidh, tá sé riachtanach tuiscint iomlán a fháil ar an gcóras reatha agus ar na himpleachtaí a bhaineann le hathrú. I gCuid 2 cuireadh síos ar shocruithe bainistíochta toghcháin reatha. Sainaithníodh costais maidir leis na gnéithe éagsúla. Agus struchtúir nua á bpleanáil ní mór na socruithe reatha agus na costais a bhaineann leo a thabhairt san áireamh.

Tá cuid mhaith taithí ann in Éirinn agus go hidirnáisiúnta ar chomhlachtaí nua a chruthú.. I gCuid 3 breithníodh cleachtais dea-rialachais, dearadh institiúideach agus socruithe cuntasachta maidir le gníomhaireachtaí nua go ginearálta, agus comhlachtaí bainistíochta toghcháin go háirithe, a chruthú.

Is léir ó thuarascálacha agus ó dhoiciméid beartais arna bhfoilsíú ó ar fud an speictrim pholaitiúil go raibh cóineasú tuairime ann le blianta beaga anuas i bhfabhar coimisiún toghcháin a bhunú in Éirinn. I gCuid 4 athbhreithníodh na doiciméid sin. Cé go bhfuil comhaontú ann maidir le prionsabal coimisiúin thoghcháin, difríonn dearchtaí maidir leis na feidhmeanna ar cheart iad a shannadh dó.

Tá eiseamláirí ábhartha ann i dtíortha eile ina ndearnadh coimisiúin thoghcháin a bhunú agus ina n-oibríodh iad ar bhonn éifeachtach. I gCuid 5 rinneadh scrúdú ar eiseamláirí bainistíochta toghcháin i gceithre thír – san Astráil, sa Nua-Shéalainn, sa Ríochta Aontaithe agus i gCeanada. Sainaithníodh ceachtanna ionchasacha.

Trí thaithí ar athchóirithe móra ag a raibh tionchar ar ghnóthaí toghchánacha in Éirinn agus i dtíortha eile tugtar luach an chomhairliúcháin agus forbairt físe coitinne le haghaidh athraithe chun suntais. Tá líon mór páirtithe leasmhara rannpháirteach sa toghchóras agus tá sé tábhachtach go gcluintear raon leathan tuairimí. Ní foláir nó go mbeidh riachtanais na saoránach agus na vótálaithe ag croílár an mhachnaimh ar an bpróiseas athraithe seo.

Faisnéis bhreise

Is féidir fiosrúcháin a sheoladh chuig an Rannóg Toghchórais, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Baile Átha Cliath 1.

Ríomhphost: franchise@environ.ie, Teil: 01-8882878.

Aguisín 1 – Achtanna an Oireachtais a phléann le gnóthaí toghcháin

Acht Toghcháin an tSeanaid (Baill Phríomhscoile) 1937
Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltai) 1947
Acht Toghcháin an tSeanaid (Rolla-Chomhaltai) 1954
An tAcht Toghcháin (Leasú) 1972, alt 2 agus alt 6
An tAcht Toghcháin (Leasú) 1973, alt 3
An tAcht Toghcháin 1992
Acht Toghcháin an Uachtaráin 1993
Acht an Reifrinn 1994
An tAcht Toghcháin (Leasú) 1996
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997
An tAcht Toghcháin 1997
Acht an Reifrinn 1998
An tAcht Toghcháin (Leasú) 1998
An tAcht Rialtais Áitiúil 1998, alt 12(12)
An tAcht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh) 1999
An tAcht Rialtais Áitiúil 2001, Cuid 4
An tAcht Toghcháin (Leasú) 2001
Acht an Reifrinn 2001
An tAcht Toghcháin (Leasú) 2002
An tAcht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2) 2002
An tAcht Rialtais Áitiúil (Uimh. 2) 2003, alt 6
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa (Leasú) 2004
An tAcht Toghcháin (Leasú) 2004
An tAcht Toghcháin (Leasú) 2005
An tAcht Toghcháin (Leasú) 2006
An tAcht Toghcháin (Leasú) 2007
An tAcht Toghcháin (Leasú) 2009
An tAcht Toghcháin (Leasú) (Uimh.2) 2009
An tAcht um Rialáil Cumarsáide (Seirbhísí Poist) 2011
An tAcht Toghcháin (Leasú) 2011
An tAcht Toghcháin (Leasú) (Maoiniú Polaitíochta) 2012
An tAcht Toghcháin (Leasú) 2012
An tAcht Toghcháin (Leasú) (Dáilcheantair) 2013
An tAcht um Thoghcháin, Rialtas Áitiúil agus Pleanáil agus Forbairt 2013
An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa (Leasú) 2014
An tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014
An tAcht Toghcháin (Leasú) 2014
An tAcht Toghcháin (Leasú) (Uimh. 2) 2014

Aguisín 2 – Costais Bhuiséadaithe na nÚdarás Áitiúil maidir le Gníomhaíochtaí Toghchórais 2014

Údarás Áitiúil	Costais Chlár na dToghthóirí €	Costais na dToghchán Áitiúil €	Costais Tacaíochta Seirbhísí €	Costais Toghchóras Iomlána €
Comhairle Contae Cheatharlach	78,400	18,000	52,080	148,480
Comhairle Contae an Chabháin	109,425	0	24,429	133,854
Comhairle Contae an Chláir	90,960	20,000	151,914	262,874
Comhairle Contae Chorcaí	215,690	93,794	72,392	381,876
Comhairle Contae Dhún na nGall	127,140	150,000	105,227	382,367
Comhairle Contae Fhine Gall	301,800	250,000	183,812	735,612
Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin	226,600	50,000	187,340	463,940
Comhairle Contae na Gaillimhe	217,864	1,000	73,996	292,860
Comhairle Contae Chiarraí	183,000	60,000	81,816	324,816
Comhairle Contae Chill Dara	224,000	100,000	75,521	399,521
Comhairle Contae Chill Chainnigh	76,700	32,000	131,045	239,745
Comhairle Contae Laoise	140,000	36,000	49,554	225,554
Comhairle Contae Liatroma	0	12,000	73,211	85,211
Comhairle Contae Luimnigh	182,737	80,000	77,795	340,532
Comhairle Contae Longfoirt	63,780	140,000	45,183	248,963
Comhairle Contae Lú	147,306	180,000	50,975	378,281
Comhairle Contae Mhaigh Eo	150,034	230,000	42,953	422,987
Comhairle Contae na Mí	129,239	100,000	79,754	308,993
Comhairle Contae Mhuineacháin	59,178	30,000	25,245	114,423

Údarás Áitiúil	Costais Chlár na dToghthóirí €	Costais na dToghchán Áitiúil €	Costais Tacaíochta Seirbhísí €	Costais Toghchóras Iomlána €
Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh	36,631	20,000	66,148	122,779
Comhairle Contae Uíbh Fhailí	2,929	27,071	107	30,107
Comhairle Contae Ros Comáin	99,000	136,500	34,239	269,739
Comhairle Contae Shligigh	72,245	85,000	32,045	189,290
Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas	192,100	352,800	82,190	627,090
Comhairle Contae Thiobraid Árann Theas	85,663	40,000	48,724	174,387
Comhairle Contae Phort Láirge	105,794	0	40,424	146,218
Comhairle Contae na hIarmhí	23,331	15,000	38,404	76,735
Comhairle Contae Loch Garman	174,502	50,000	60,784	285,286
Comhairle Contae Chill Mhantáin	172,286	20,000	58,977	251,263
Comhairle Cathrach Chorcaí	202,700	104,700	97,000	404,400
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath	735,245	18,000	294,328	1,047,573
Comhairle Cathrach na Gaillimhe	152,739	20,000	41,071	213,810
Comhairle Chathair Luimnigh	6,000	80,000	37,004	123,004
Comhairle Chathair Phort Láirge	54,303	0	46,718	101,021
Comhairle Buirge Chluain Meala	0	10,000	3,080	13,080
Comhairle Buirge Dhroichead Átha	0	5,000	2,275	7,275
Comhairle Buirge Chill Chainnigh	0	0	0	0
Comhairle Buirge Shligigh	7,500	0	2,782	10,282
Comhairle Buirge Loch Garman	0	0	0	0

Údarás Áitiúil	Costais Chlár na dToghthóirí €	Costais na dToghchán Áitiúil €	Costais Tacaíochta Seirbhísí €	Costais Toghchóras Iomlána €
Comhairle Buirge an Inbhir Mhóir	0	0	134	134
Comhairle Baile Bhiorra	0	0	33	33
Comhairle Baile Bhré	0	0	72	72
Comhairle Baile Charraig Mhachaire Rois	0	0	89	89
Comhairle Baile Bhaile na Lorgan	0	0	2,189	2,189
Comhairle Baile an Chóibh	0	35,852	0	35,852
Comhairle Baile Dhún Dealgan	0	0	726	726
Comhairle Baile Inis Córthaidh	0	1,000	1,043	2,043
Comhairle Baile Cheanannais	0	0	151	151
Comhairle Baile Chionn tSáile	0	69,000	0	69,000
Comhairle Baile an Longfoirt	0	0	495	495
Comhairle Baile Mhuineacháin	0	0	100	100
Comhairle Baile an Aonaigh	0	0	218	218
Comhairle Baile Ros Mhic Thriúin	0	5,600	0	5,600
	4,846,821	2,678,317	2,575,792	10,100,930

(RCPRA, 2014b)

Nótaí:

- Is ionann na figiúirí sa tábla agus costais bhuiséid, ní caiteachas iarbhír.
- An 1 Meitheamh 2014 rinneadh feidhmeanna na gcomhairlí buirge agus baile a chomhchuimsiú sna 31 chomhairle contae, cathrach agus cathrach agus contae atá sonraithe san Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014.

Tagairtí

ACE. (2015). *The Electoral Knowledge Network - 'What is the Electoral Management model?'*. http://aceproject.org/epic-en/CDTable?question=EM012&set_language=en

AEC. (2011a). *A short history of electoral reform in Australia*, Coimisiún Toghcháin na hAstráile. http://www.aec.gov.au/Elections/australian_electoral_history/history.htm

AEC. (2011b). *Australia's major electoral developments Timeline: 1900-present*, Coimisiún Toghcháin na hAstráile. http://www.aec.gov.au/elections/australian_electoral_history/Reform_present.htm

AEC. (2013). *Australian Electoral Commission Annual Report 2011-2012*. http://www.aec.gov.au/About_AEC/Publications/Annual_Reports/

AEC. (2014a). Overview of the Australian Electoral Commission. http://www.aec.gov.au/About_AEC/index.htm

AEC. (2014b). *Australian Electoral Commission Annual Report 2012-2013*. <http://annualreport.aec.gov.au/2013/contents/files/aec-annual-report-12-13.pdf>

Alvarez, R.M., Hall, T.E. agus Llewellyn, M., (2006). 'Who should run our elections? Public Opinion about election governance in the United States', CalTech/MIT Voting Technology Project, Working Paper #7.

Black, J. (2003). 'From Enumeration to the National Register of Electors: An Account and an Evaluation', *Choices: Strengthening Canadian Democracy*, Institute for Research and Public Policy, Vol. 9, No. 7, August 2003.

CEA. (2014). *Commonwealth Electoral Act 1918*, Commonwealth Consolidated Acts. http://www.austlii.edu.au/au/legis/cth/consol_act/cea1918233/

Coakley, J. (2007). 'Revising Dáil constituency boundaries: Ireland in comparative perspective', *Irisleabhar Riaracháin*, Imleabhar 55, Uimh. 3. An Foras Riaracháin: Baile Átha Cliath.

Convention. (2013). *Fourth Report of the Convention on the Constitution – Dáil Electoral System*, Lúnasa 2013. <https://www.constitution.ie/AttachmentDownload.ashx?mid=dfd70670-030f-e311-a203-005056a32ee4>

Courtney, J. (2002). 'Reforming Representational Building Blocks: Canada at the Beginning of the Twenty-First Century', in Cross, W., *Political Parties, Representation and Electoral Democracy in Canada*: Oxford University Press.

Dáil Éireann. (2012a). Ceist Pharlaiminteach Uimh. 392 le haghaidh freagra i scríbhinn an 6 Samhain 2012. Uimh. Thag.: 47285/12.

Dáil Éireann, (2012b). An Bille um Choimisiún Toghcháin 2012 – An Chéad Chéim, 15 Samhain 2012.

<http://oireachtasdebates.oireachtas.ie/debates%20authoring/debateswebpack.nsf/takes/dail2012111500007?opendocument#E03500>

Dáil Éireann. (2014). Ceist Pharlaiminteach Uimh. 143 le haghaidh freagra i scríbhinn an 27 Márta 2014. Uimh. Thag.: 14621/14.

RCpra. (2013a) Caiteachas an Choimisiúin um Thoghcheantair agus an Choiste um Theorainneacha Thoghcheantar Áitiúil – faisnéis arna soláthar ag Rannóg Toghchórais na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

RCpra. (2103b). ‘Report of the Local Electoral Area Boundary Committee 2013’, ráiteas ón Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, 30 Bealtaine 2013.

<http://www.environ.ie/en/LocalGovernment/LocalGovernmentAdministration/News/MailBody,33303,en.htm>

RCpra. (2014a). Caiteachas na Rannóige Toghchórais le haghaidh 2011 go 2014 – faisnéis arna soláthar ag Rannóg Airgeadais na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

RCpra. (2014b). Costais Bhuiséadaithe Rialtais Áitiúil 2013 / 2014 – faisnéis arna soláthar ag Rannóg Airgeadais Rialtais Áitiúil na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

An Roinn Airgeadais. (2005). *Guidelines for the Appraisal and Management of Capital Expenditure Proposals in the Public Sector.*

<http://etenders.gov.ie/Media/Default/SiteContent/LegislationGuides/8.%20Capital%20Appraisal%20Guidelines.pdf>

Roinn an Taoisigh. (2007). *Clár an Rialtais 2007-2012.*
http://www.taoiseach.gov.ie/eng/Publications/Publications_Archive/Publications_2007/Eng_Prog_for_Gov.pdf

Roinn an Taoisigh. (2009). *Clár Athnuaithe an Rialtais 2007-2012.*

[http://www.defence.ie/WebSite.nsf/72804bb4760386f380256c610055a16b/2a49a2267d0f095b80257754004d3e17/\\$FILE/94315182.pdf/Renewed_Programme_for_Government,_October_2009.pdf](http://www.defence.ie/WebSite.nsf/72804bb4760386f380256c610055a16b/2a49a2267d0f095b80257754004d3e17/$FILE/94315182.pdf/Renewed_Programme_for_Government,_October_2009.pdf)

Roinn an Taoisigh. (2011). *Rialtas le haghaidh Téarnamh Náisiúnta 2011-2016.*

http://www.taoiseach.gov.ie/eng/Publications/Publications_Archive/Publications_2011/Programme_for_Government_2011.pdf

Roinn an Taoisigh. (2014). *Ráiteas faoi Thosaíochtaí an Rialtais 2014-2016.*

<http://www.merrionstreet.ie/wp-content/uploads/2014/07/Statement-of-Government-Priorities-Final-110714.pdf>

DPER. (2014). Costais Thoghcháin – faisnéis arna soláthar ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Dolowitz, D. and Marsh, D. (1996). ‘Who Learns What from Whom: a Review of the Policy Transfer Literature’, *Political Studies*, XLIV, pp. 343-357.

Dolowitz, D. and Marsh, D. (2000). 'Learning from Abroad: the Role of Policy Transfer in Contemporary Policy-Making', *Governance: An International Journal of Policy and Administration*, Vol. 13, No. 1, Eanáir 2000, lgh. 5-24.

Dubnick, M. (2007). 'Sarbanes-Oxley and the Search for Accountable Corporate Governance', Paper presented at the ECRC/Govnet Workshop The Dynamics of Capital Market Governance: Evaluating the Conflicting and Conflating Roles of Compliance, Regulation, Ethics and Accountability, Australian National University, Canberra.

Elections Canada. (2008). *Strategic Plan - Elections Canada 2008-2013*.
http://www.elections.ca/abo/stra/Strategic_Plan_2008-2013_EN.pdf

Elections Canada. (2012). Appearance by the Chief Electoral Officer before the Standing Committee on Procedure and House Affairs.
<http://www.parl.gc.ca/HousePublications/Publication.aspx?DocId=5777229&Language=E&Mode=1&Parl=41&Ses=1>

Elections Canada. (2013). *Report of the Audit Committee to the Chief Electoral Officer of Canada for Fiscal Year 2011-2012*.
<http://www.elections.ca/content.aspx?section=abo&dir=aud/committee/2012Audit/cm&document=index&lang=e>

Elections Canada. (2014a). *Appointment of the Chief Electoral Officer*,
<http://www.elections.ca/content.aspx?section=abo&dir=ceo/app&document=index&lang=e>

Elections Canada, (2014b). *The role and structure of Elections Canada*,
<http://www.elections.ca/content.aspx?section=abo&dir=role&document=index&lang=e>

Electoral Commission. (2013a). *Performance standards for Electoral Registration Officers in Great Britain*.
<http://www.electoralcommission.org.uk/find-information-by-subject/performance-standards/performance-in-running-electoral-registration>

Electoral Commission. (2013b). *Performance Standards for Returning Officers in Great Britain*.
http://www.electoralcommission.org.uk/_data/assets/pdf_file/0003/163821/New-performance-standards-for-ROs-November-2013.pdf

Electoral Commission. (2014a). Website of the UK Electoral Commission,
<http://www.electoralcommission.org.uk/our-work/who-we-are>

Electoral Commission. (2014b). *Annual Report and Accounts 2012-2013*.
http://www.electoralcommission.org.uk/_data/assets/pdf_file/0011/169778/2013-14-Annual-Report-and-Accounts-web-version.pdf

Electoral Commission. (2014c). *Corporate Plan 2014-15 to 2018-19*. UK Electoral Commission.

http://www.electoralcommission.org.uk/data/assets/pdf_file/0007/167362/2014-15-Corporate-Plan-print-ready-pdf.pdf

Elklit, J. and Reynolds, A. (2005). 'A framework for the systematic study of election quality', *Democratization*, Vol. 12, No. 2, 2005.

Elmendorf, C. (2006). 'Election Commissions and Electoral Reform: An Overview', *Election Law Journal*, Vol. 5, No. 4, 2006, pp. 425-446.

<http://online.liebertpub.com/doi/pdf/10.1089/elj.2006.5.425>

Fianna Fáil. (2011). *Forógra Olltoghcháin Fhianna Fáil 2011*.

Fianna Fáil. (2013). *Real Political Reform*, Policy Discussion Document, Fianna Fáil.

http://fail.3cdn.net/b88b61e00a89fb6f93_x4m6vwpgg.pdf

Fine Gael. (2010). 'New Politics' – An Bille um Rialtas Oscailte 2010.

Fine Gael. (2011). 'New Politics' – Doiciméad beartais Olltoghcháin 2011.

Gill, D. (2002). 'Signposting the Zoo – From Agencification to a More Principled Choice of Government Organisational Forms', *OECD Journal on Budgeting*, Vol 2, No 1. OEDC: Paris.

Gould, R. (2006). 'Canada: Stability, Independence and Public Trust', Case Study: Electoral Management Design, the International IDEA Handbook, pp. 55-59.

<http://www.idea.int/publications/emd/>

GDS. (2014). 'The unsung heroes of voter registration', Government Digital Service website.

<https://gds.blog.gov.uk/2014/07/24/the-unsung-heroes-of-voter-registration/>

Gratschew, M. (2006). 'Sweden: Governmental in Form Independent in Practice: A Decentralized Election Management System', Case Study: Electoral Management Design, the International IDEA Handbook, pp.166-170.

<http://www.idea.int/publications/emd/>

GRECO. (2009). *Evaluation Report on Ireland Transparency of Party Funding*, Council of Europe Group of States Against Corruption / Groupe d'États Contre la Corruption. [http://www.coe.int/t/dghl/monitoring/greco/evaluations/round3/GrecoEval3\(2009\)4_Ireland_Two_EN.pdf](http://www.coe.int/t/dghl/monitoring/greco/evaluations/round3/GrecoEval3(2009)4_Ireland_Two_EN.pdf)

An Pairtí Glas, (2011). *Renewing Ireland*, Forógra Olltoghcháin an Pháirtí Ghlais 2011.

Greenwood, E. (2006). 'The United Kingdom: Electoral Modernization', Case Study: Electoral Management Design, the International IDEA Handbook. pp. 80-83.

<http://www.idea.int/publications/emd/>

HM Government. (2014). Political Parties, Elections and Referendums Act 2000, the National Archives, <http://www.legislation.gov.uk/ukpga/2000/41/contents>

IDEA. (2006). *Electoral Management Design: The International IDEA Handbook*, International Institute for Democracy and Democratic Assistance. <http://www.idea.int/publications/emd/>

Páirtí an Lucht Oibre. (2011). *Labour's Plan for Reforming Politics, Government and Public Sector*, doiciméad beartais Olltoghchán 2011.

Laking, R. (2002). *Distributed Public Governance: Principles for Control and Accountability of Agencies Authorities and other Government Bodies*. OECD: Paris.

Laking, R. (2005). 'Agencies: Their Benefits and Risks', *OECD Journal on Budgeting*, Vol. 4 – No. 4.

López-Pintor, R. (2000). *Electoral Management Bodies as Institutions of Governance*, Bureau for Development Policy, United Nations Development Programme.

<http://www.ss.undp.org/content/dam/aplaws/publication/en/publications/democratic-governance/dg-publications-for-website/electoral-management-bodies-as-institutions-of-governance/Elections-Pub-EMBbook.pdf>

MacCarthaigh, M. (2010). 'National non-commercial State Agencies in Ireland', Research Paper No. 1, State of the Public Services, June 2010. Institute of Public Administration: Dublin. <http://www.ipa.ie/pdf/StateAgenciesReport.pdf>

MacCarthaigh, M. (2012). 'From Agencification to De-agencification: the Changing Bureaucratic Model', in *Governing Ireland From Cabinet Government to Delegated Governance*, O'Malley, E. and MacCarthaigh, M., Institute of Public Administration: Dublin, pp. 128-151. <http://dcu.ie/~omalle/Governing%20Ireland-1st%20proof.pdf>

Maley, M. (2001). 'The Australian electoral commission: Balancing independence and accountability', *Representation*, 38:1, pp.25-30.

Majone, G. (1996). 'Temporal Consistency and Policy Credibility: Why Democracies need Non-Majoritarian Institutions', European University Institute, Working Paper RSC No 96/57.

Mayer, K.R. (2007). 'Comparative Election Administration: Can We Learn Anything from the Australian Electoral Commission?', Department of Political Science, University of Wisconsin-Madison.

http://works.bepress.com/cgi/viewcontent.cgi?article=1016&context=mayer&sei-redirect=1&referer=http%3A%2F%2Fscholar.google.com%2Fscholar%3Fstart%3D90%26q%3Delectoral%2Bcommission%2Bgovernance%26hl%3Den%26as_sdt%3D0%2C5#search=%22electoral%20commission%20governance%22

McGauran, A.M., Verhoest, K. and Humphreys, P. (2005). *The Corporate Governance of Agencies in Ireland: Non-commercial National Agencies*, CPMR Research Report No. 6. Dublin: IPA.

<http://www.cpmr.gov.ie/Documents/The%20Corporate%20Governance%20of%20Agencies%20in%20Ireland.pdf>

Mozaffar, S and Schedler, A. (2002). 'The Comparative Study of Electoral Governance - Introduction', *International Political Science Review*, January 2002, Vol. 23, No. 1, pp. 5-27.

NZEC. (2013). *Annual Report of the Electoral Commission for the year ended 30 June 2012*. http://www.elections.org.nz/sites/default/files/plain-page/attachments/Electoral_Commission_Annual_Report_2012.pdf

NZEC. (2014a). 'About the Electoral Commission', website of the New Zealand Electoral Commission, <http://www.elections.org.nz/about-electoral-commission>

NZEC. (2014b). *Annual Report of the Electoral Commission for the year ended 30 June 2013*. http://www.elections.org.nz/sites/default/files/bulk-upload/documents/electoral_commission_annual_report_2013.pdf

NZ Parliamentary Counsel. (2014). *Electoral Act 1993*, reprint as at 1 July 2014, Parliamentary Counsel, New Zealand Legislation, <http://www.legislation.govt.nz/act/public/1993/0087/latest/DLM307519.html>

OECD. (2002). *Distributed Public Governance: Agencies, Authorities and other Government Bodies*, Synthesis Report. Paris: OECD.

OECD. (2008). *Ireland: Towards an Integrated Public Service*. Paris: OECD.

Oireachtas. (2008). *The Future of the Electoral Register in Ireland and Related Matters*. An Comhchoiste um an gComhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil, an Chéad Tuarascáil.

http://www.oireachtas.ie/viewdoc.asp?fn=/documents/Committees30thDail/J-EnvHerLocGov/Reports_2008/22042008-1.doc

Oireachtas. (2010). *Article 16 of the Constitution, Review of the Electoral System for the Election of Members to Dáil Éireann Fourth Report*. An Comhchoiste um an mBunreacht.

http://www.oireachtas.ie/viewdoc.asp?fn=/documents/Committees30thDail/J-Constitution/Report_2008/20100722.pdf

Oireachtas. (2014). *Report on the design and layout of ballot papers used in the Seanad Referendum October 2013*. An Comhchoiste um Maoirseacht ar Sheirbhísí Poiblí agus Achainíocha

OSCE / ODIHR. (2011). *Ireland Early Parliamentary Elections 25 February 2011 – Needs Assessment Mission*, Organisation for Security and Cooperation in Europe / Office for Democratic Institutions and Human Rights, Warsaw. <http://www.osce.org/odihr/elections/75725>

OSCE / ODIHR. (2007). *Ireland – Parliamentary Elections 24 May 2007 OSCE/ODIHR Election Assessment Mission Report*, Organisation for Security and Cooperation in Europe / Office for Democratic Institutions and Human Rights, Warsaw. <http://www.osce.org/odihr/elections/ireland/26627>

Parliament. (2014). 'Boundary Commission', website of the UK Parliament. <http://www.parliament.uk/site-information/glossary/boundary-commission/>

An Coimisiún Reifrinn. (2012). *Report of the Referendum Commission on the Thirtieth Amendment of the Constitution (Treaty on Stability, Coordination and Governance in the Economic and Monetary Union) Bill 2012*. <http://www.refcom.ie/en/Past-Referendums/Fiscal-Stability-Treaty>

An Coimisiún Reifrinn. (2013a). *Report on the Referendum on the Thirty-First Amendment of the Constitution (Children) Bill 2012*. <http://www.refcom.ie/en/past-referendums/the-children-referendum/report/>

An Coimisiún Reifrinn. (2013b). *Report on the Referendums on the Thirty-second Amendment of the Constitution (Abolition of Seanad Éireann) Bill 2013 and Thirty-third Amendment of the Constitution (Court of Appeal) Bill 2013*. <http://www.refcom.ie/en/past-referendums/abolition-of-seanad-éireann/report/report-on-the-referendums-on-the-thirty-second-amendment-of-the-constitution-abolition-of-seanad-éireann-bill-2013-and-thirty-third-amendment-of-the-constitution-court-of-appeal-bill-2013.pdf>

An Coimisiún Reifrinn. (2014). Leathanach baile láithreán gréasáin an Choimisiúin Reifrinn. <http://www.refcom.ie/en>

Roness, P. (2007). 'Types of State Organisations: Arguments, Doctrines and Changes Beyond New Public Management', in *Transcending New Public Management*, Christensen, T and Laegreid, P. (Eds.), Ashgate.

Rose, R. (1991). 'What is Lesson-Drawing?', *Journal of Public Policy*, Vol. 11, No. 1, Lesson Drawing across Nations (Jan-Mar 1991), pp. 3-30.

Sinn Féin. (2011). *Towards a New Republic*, doiciméad beartais Olltoghchán 2011.

Sinnott, R., Coakley, J., O'Dowd, J. and McBride, J. (2008). *Preliminary Study on the Establishment of an Electoral Commission in Ireland*, Geary Institute, University College Dublin. Report submitted to the Department of the Environment, Heritage and Local Government. http://www.environ.ie/en/Publications/LocalGovernment/Voting/FileDownload,19472_en.pdf

CCOP. (2012). *An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí – Tuarascáil Bhliantúil 2011*. <http://www.sipo.gov.ie/en/Reports/Annual-Reports/2011-Annual-Report/2011-Annual-Report.pdf>

CCOP, (2014a). *láithreán gréasáin an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí*.
<http://www.sipo.gov.ie/en/About-Us/>

CCOP. (2014b). *An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí – Tuarascáil Bhliantúil 2013*.
<http://www.sipo.gov.ie/en/Reports/Annual-Reports/2013-Annual-Report/>

SMOS. (2014). 'Appointment of the Electoral Commissioner', media release 12 December 2014 from the Special Minister of State, Government of Australia.
<http://www.smos.gov.au/media/2014/1210-aec.html>

Statistics New Zealand. (2013). *Census 2013*.
<http://www.stats.govt.nz/Census/2013-census.aspx>

Verhoest, K., Peters, G., Bouckaert, G., Vershuere, B. (2004). 'The study of organisational autonomy: a conceptual review', *Public Administration and Development*. 24(2), p. 101-118.

Verhoest, K., Roness, P., Verschuere, B, Rubecksen, K. and MacCarthaigh, M. (2010). *Autonomy and Control of State Agencies Comparing States and Agencies*, Basingstoke: Palgrave Macmillan.

Vollan, K. (2006). 'Norway: Governmental, Decentralised and Trusted', Case Study: Electoral Management Design, the International IDEA Handbook, pp. 28-32.
<http://www.idea.int/publications/emd/>